Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais don bhliain dar críoch an

31 Nollaig 2012

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

30 Meitheamh 2013

An tUasal Michael Noonan TD

An tAire Airgeadais

Oifigí an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath 2

A Aire

Tá sé d'onóir agam Tuarascáil agus Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 a chur faoi do bhráid.

Is mise le meas

John C. Corrigan

John C Corrigan

Príomhfheidhmeannach

Treasury Building, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2. • Treasury Building, Grand Canal Street, Dublin 2.
T: (+353 1) 664 0800 • F: (+353 1) 664 0890 • info@ntma.ie • www.ntma.ie • Swift NTMAIE2D

Eolas faoi GBCN

Is comhlacht Stáit í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) a fheidhmíonn le sainchúram tráchtála chun seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas a chur ar fáil don Rialtas. D'fhás siad ó bheith ina ngníomhaireacht aon fheidhme a bhainistíonn an Fiachas Náisiúnta agus iad anois ina mbainisteoir ar phunann chasta sócmhainní agus dliteanas poiblí. I measc na ngnóthaí atá á mbainistiú ag GBCN, tá iasachtaíocht i gcomhair an Státchiste agus bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, an tÚdarás um Gheilleagar nua agus um Théarnamh, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean agus an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta. Sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní agus soláthraíonn siad seirbhísí gnó agus tacaíochta agus córais ghnó agus tacaíochta dóibh.

Maoiniú agus Bainistiú Fiach:Tá GBCN freagrach as iasachtaíocht thar ceann an Rialtais agus as bainistiú an Fhiachais Náisiúnta d'fhonn leachtacht don Státchiste a chinntiú agus d'fhonn an t-ualach úis a íoslaghdú sa mheántéarma. Ina theannta sin, tá líon feidhmeanna eile ag an Lucht Stiúrthóireachta um Maoiniú agus Bainistiú Fiach, lena n-áirítear idirbhearta cistíochta GNBS agus CNP a fhorghníomhú, soláthar Lársheirbhíse Cistíochta do chomhlachtaí Stáit agus d'údaráis áitiúla agus bainistiú a dhéanamh ar shócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin. Is iad GBCN Oibreoir Scéime Scéim na bhForas Creidmheasa (Ráthaíocht Incháilithe Dliteanas) **2009.**

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS): Ag gníomhú di mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, déanann GBCN bainistíocht ar éilimh maidir le díobháil phearsanta, dochar do réadmhaoin agus éilimh faillí cliniciúla a thógtar i gcoinne údaráis áirithe an Stáit, lena n-áirítear airí Rialtais, an tArd-Aighne agus fiontair sláinte. Chomh maith leis sin, tá cúram bainistíocht riosca orthu, a thugann comhairle agus cuidiú d'údaráis Stáit lena gcuid neamhchosaintí éilimh a laghdú a mhéad agus is féidir. I rith **2012** chinn an Rialtas Aonad um Chostais Dlí a bhunú laistigh den GÉS chun déileáil le costais tríú páirtí a eascróidh as Binsí Fiosrúcháin áirithe.

An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus Théarnamh (NewERA): I mí Mheán Fómhair 2011, d'fhógair an Rialtas bunú NewERA, ar bhonn neamhreachtúil ar dtús, laistigh de GBCN. Baineann ról lárnach NewERA le maoirseacht feidhmíochta airgeadais, straitéis chorparáideach, pleananna caipitil agus infheistíochta na gcúig chomhlacht leath-stáit taobh istigh dá théarmaí tagartha - BSL, Bord Gáis Éireann (BGE), EirGrid, Bord na Móna agus Coillte - agus le hoibriú le páirtithe leasmhara chun tograí a fhorbairt agus a struchtúrú le haghaidh infheistíochta san fhuinneamh, sa leathanbhanda agus in uisce chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch. Baineann ról NewERA freisin, nuair a iarrtar air, le comhairle a chur ar fáil maidir le sócmhainní Stáit a dhiúscairt nó a athstruchtúrú.

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP): Is iad GBCN Bainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean a bunaíodh leis na costais as leas sóisialach agus as pinsin seirbhíse poiblí ó **2025** ar aghaidh a bhaint amach a oiread agus is féidir. Is éard atá sa Chiste punann éagsúlaithe gnáthscaireanna, bannaí agus sócmhainní réadacha eile agus infheistíochtaí beartais phoiblí i mbainc na hÉireann arna ndéanamh le hordú an Aire Airgeadas. I mí an Mheithimh **2013** d'fhógair an Rialtas go raibh sé beartaithe acu CNP a athdhíriú chuig Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann le sainordú dírithe ar infheistíocht tráchtála in Éirinn.

An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN): Is iad an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta an comhairleoir reachtúil airgeadais d'údaráis Stáit maidir le tionscadail infheistíochta poiblí lena mbaineann luach caipitiúil níos mó ná **€20** milliún. Tá lánfhreagracht ar GAFN freisin as soláthar agus as seachadadh thionscadail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) in earnálacha seachas sa tionscal iompair agus sna húdaráis áitiúla. Comhlíonann siad a gcuid feidhmeanna trí GBCN.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS):
Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní sa bhliain **2009** mar cheann de roinnt tionscnamh ar ghlac an Rialtas leo chun dul i ngleic leis an ngéarchéim thromchúiseach i mbaincéireacht na hÉireann, a tháinig chun cinn mar thoradh ar iasachtaíocht iomarcach leis an earnáil réadmhaoine. Ghnóthaigh siad sócmhainní áirithe iasachta (talamh agus forbairt agus iasachtaí lena mbaineann) a bhfuil luach ainmniúil **€74.2** billiún orthu le haghaidh comaoin **€31.8** billiún a íoctar i bhfoirm urrús faoi ráthaíocht an Rialtais a eisítear go díreach chuig na forais. Is é an sainordú atá acu sócmhainní atá gnóthaithe a bhainistiú chun an toradh airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach don Stát. Sannann GBCN baill foirne do GNBS agus soláthraíonn siad seirbhísí gnó agus tacaíochta agus córais ghnó agus tacaíochta do GNBS.

Tuairiscíonn GBCN go díreach don Aire Airgeadais i dtaca le tabhairt faoina bhfeidhmeanna i leith maoiniú agus bainistiú fiach, na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát agus NewERA. Tá a mbord féin ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean, ag an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní. Tá Coiste Comhairleach ag GBCN le cuidiú agus le comhairle a thabhairt maidir leis na ceisteanna sin a chuireann GBCN faoi bhráid an Choiste.

Baineann an fhaisnéis atá sa tuarascáil bhliantúil seo leis na feidhmeanna sin go príomha nuair a thuairiscíonn GBCN go díreach don Aire Airgeadais. Foilsíonn Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní tuarascálacha bliantúla ar leith.

Tá tuilleadh faisnéise faoi GBCN ar fáil ar líne ag **www.ntma.ie.**

GBCN
TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012

Clár Ábhair

Léirmheas an Phríomhfheidhmeannaigh	4
An Coiste Feidhmiúcháin agus an Coiste Comhairleach	6
Maoiniú agus Bainistiú Fiach	8
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	18
An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh	23
An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean	26
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	29
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	31
Rialachas	32
Ráitis Airgeadais	37

Léirmheas an Phríomhfheidhmeannaigh

Rinne GBCN dul chun cinn substaintiúil thar réimse a gníomhaíochtaí a bhaineann le bainistíocht sócmhainní agus dliteanais i rith 2012 agus 2013. Ghlac GBCN páirt arís sna margaí fiachais idirnáisiúnta leis an gcéad eisiúint d'fhiachas nua d'Éirinn ó chuaigh sí isteach i gclár an AE/CAI i mí na Samhna 2010 agus tá Éire i ndeastaid anois chun teacht amach ón gclár de réir an sceidil ag deireadh na bliana. Rinneadh ceangaltais infheistíochta shuntasacha de réir chuspóir an Rialtais maidir leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) a atreorú ina chiste infheistíochta straitéise dírithe ar Éirinn agus tá ról lárnach ag an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) maidir le Clár Spreagtha Bonneagair an Rialtais a sheachadadh. Tá NewERA faoi lán seoil anois agus ag soláthar comhairle chorparáideach airgeadais neamhspleách agus anailís airgeadais don Rialtas ar an earnáil leath-stáit tráchtála agus bunaíodh Aonad um Chostais Dlí sa Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát a dhéileálann le costais tríú páirtí a eascraíonn as Binsí Fiosrúcháin áirithe. Ina theannta sin, i mí an Mheithimh 2013 d'fhógair an Rialtas tograí reachtacha chun bunús reachtaíochta a chur le NewERA, ag atreorú an CNP isteach i gCiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) agus ag cuíchóiriú struchtúr rialachais GBCN.

Is tosaíocht é do GBCN filleadh na hÉireann ar na margaí fiachais idirnáisiúnta a bhainistiú. Chun na críche seo, lean GBCN leis an gclár caidrimh cuimsitheach d'infheisteoirí a thosaigh sa bhliain 2011. Is éard a bhí i gceist leis seo ná clár struchtúraithe de chruinnithe aghaidh ar aghaidh chun cás infheistíochta na hÉireann a chur os comhair infheisteoirí san Eoraip, sna Stáit Aontaithe, sa Mheánoirthear agus os comhair an mhargaidh intíre. Bunaítear na cuir i láthair seo ar thrí phrionsabal shimplí: inis na fíricí do na hinfheisteoirí, ná tabhair an-iomarca gealltanas, agus téigh ar ais go minic le tuairisc maidir le dul chun cinn. Cé gur próiseas mall é, chabhraigh sé le suim athnuaite a ghiniúint i measc infheisteoirí institiúideacha i mbannaí Rialtas na hÉireann.

Tá an mhuinín mhéadaithe atá ag infheisteoirí idirnáisiúnta as Éirinn le feiceáil sa titim ghéar i dtorthaí bhannaí an Rialtais óna mbuaic i lár 2011. Pléitear na tosca intíre agus seachtracha éagsúla a spreagann an méid seo go mion i gcorp na Tuarascála seo. Go príomha sna cúinsí spreagtha intíre, áfach, tá rath leanúnach an Rialtais maidir le spriocanna fioscacha a bhaint amach, agus go seachtrach, bhí tionchar suntasach ag forbairtí tacaíochta ar leibhéal na hEorpa. Tá Éire fós i mbaol, áfach, ó thaobh forbairtí idirnáisiúnta agus mhéadaigh luaineacht i margaí bannaí domhanda i mí Bealtaine agus mí an Mheithimh 2013, spreagtha go príomha le himní i ndáil le beartais a bhaineann le héascú cainníochtúil sna Stáit Aontaithe agus sa tSeapáin amach anseo.

Príomhsprioc do GBCN sa bhliain 2012 ná an "aill fhioscach" dhúshlánach a thiocfaidh chun cinn le haisíocaíocht bhanna beagnach €12 billiún atá dlite i lár mhí Eanáir 2014 a laghdú agus a cheap infheisteoirí a bhí mar bhac mór ar theacht amach réidh na hÉireann ó chlár an AE/CAI.

Rinne GBCN an "aill fhioscach" seo a laghdú diaidh ar ndiaidh agus fuarthas réidh leis go hiomlán trí bhannaí a athrú agus bannaí nua a eisiúint. Baineadh amach díol suntais i mí an Mhárta 2013 leis an gcéad eisiúint 10 mbliana ó mhí Eanáir 2012. Deimhníodh leis an idirbheart, ina raibh suim idirnáisiúnta agus a bhí ró-shuibscríofa go mór, cumas na hÉireann rochtain a fháil ar mhaoiniú fadtéarmach margaidh ar théarmaí inbhuanaithe. Don chuid eile den bhliain beidh GBCN dírithe ar leanúint lena chlár maoinithe margaidh ionas go mbeidh tacaíocht réamh-mhaoinithe 12-15 mhí ag Éirinn nuair a thagann clár an AE/CAI chun deiridh. Tá maoiniú "feiceálach" den sórt sin ríthábhachtach má tá Éire chun teacht amach go rathúil ón gclár ag deireadh na bliana seo.

Ag díriú anois ar CNP, i rith 2012 agus an luathchoda de 2013 bhain an Ciste roinnt céimeanna tábhachtacha amach maidir lena infheistíochtaí a athdhíriú ar infheistíocht tráchtála in Éirinn de réir sprioc fógartha an Rialtais i ndáil le hacmhainní CNP a dhíriú ar infheistíocht táirgiúil i ngeilleagar na hÉireann. Fógraíodh ceangaltais infheistíochta i dtrí chiste atá dírithe ar GBManna a sholáthróidh €850 milliún d'infheistíocht chothromais, chreidmheasa agus athstruchtúraithe / ghnóthaithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann. Bhí ról lárnach ag CNP maidir le forbairt na gcistí sin agus beidh an Ciste ina bhun-infheisteoir i ngach ceann. Trína acmhainní a thiomnú mar bhun-infheisteoir mionlaigh, féadfar sócmhainní CNP a ghiaráil agus a úsáid mar chatalaíoch chun infheistíocht bhreise a mhealladh ó infheisteoirí tríú páirtí isteach i maoiniú dírithe ar réimsí le tábhacht straitéiseach agus a líonann bearnaí airgeadais sa gheilleagar.

Thug CNP tacú cistiúcháin do dhá thionscadal Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP) shuntasacha le déanaí (Scoileanna Bheart 3 agus an tionscadal bóthair N11/N17) agus táthar ag súil go mbeidh ról lárnach ag CISÉ i maoiniú an Rialtais sa chlár ilbhliantúil CPP ar luach €1.4 billiún atá mar chuid dá Chlár Spreagtha Bonneagair €2.25 billiún.

Tá ról lárnach ag GBCN freisin i seachadadh an Chláir Spreagtha Bonneagair lena feidhm GAFN. Tá GAFN ag tabhairt faoi chlár cuimsitheach rannpháirtíochta le maoinitheoirí tionscadal ionchasacha a bhí as láthair ó mhargadh na hÉireann ó thús na géarchéime airgeadais agus leanann GAFN ag lorg foinsí maoinithe

traidisiúnta agus eile d'infheistíocht chaipitiúil. Mar a bhí le déanamh againn go dtí seo mar chuid dár bhfeidhm bainistíochta fiachais, caithfidh Éire iontaoibh agus muinín na n-infheisteoirí a atógáil inár gclár CPP agus tá clár rannpháirtíochta gníomhach d'infheisteoirí mar phríomhchuid de sin. Chomh maith le pacáistí airgeadais a chur le chéile do thionscadal Scoileanna Bheart 3 agus do thionscadal bóthair N11/N17 – na chéad chonarthaí CPP sínithe ag Éirinn ó chuaigh sí isteach i gclár an AE/CAI – bhí ról ceannasach ag GAFN i bhfoinsiú thart ar €340 milliún de mhaoiniú do thionscadail chaipitiúla ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus ó Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa.

Ba í an bhliain 2012 an chéad bhliain iomlán oibriúcháin do NewERA. Chuir sé comhairle agus anailís airgeadais ar fáil don Rialtas maidir le raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear maoiniú, caiteachas caipitiúil, pleananna corparáideacha agus bunú Uisce Éireann. Thug sé cabhair agus comhairle freisin maidir le diúscairt fhéideartha shócmhainní an Stáit agus tá sé ag feidhmiú mar bhainisteoir tionscadail ar dhiúscairt ghnó fuinnimh Bhord Gáis Éireann. Ag díriú ar nithe eile seachas na tionscadail láithreacha seo, áfach, eascraíonn an luach don fhadtéarma don Stát óna shaineolas tiomanta féin maidir le hairgeadas corparáideach le béim ar thoradh ar chaipiteal agus ar bheartas díbhinne.

I rith 2012 choinnigh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát a fócas ar neamhchosaint an Stáit maidir le héilimh a laghdú, cibé acu trína comhairle leanúnach um bainistíocht riosca do chliniceoirí, scoileanna agus d'Údaráis Stáit, trína bainistíocht chúramach agus réamhghníomhach de bheagnach 6,000 éileamh, nó fiú trína tionscnamh nua soláthair a dhíríonn ar laghduithe suntasacha a fháil ar chostais dlí. I rith 2012 chinn an Rialtas Aonad um Chostais Dlí a bhunú laistigh den GÉS chun déileáil le costais tríú páirtí a eascróidh as Binsí Fiosrúcháin áirithe – Binse Fiosrúcháin Mahon agus Binse Fiosrúcháin Moriarty ar dtús. Tá an tAonad um Chostais Dlí faoi lán seoil anois agus ag déanamh coigilteas suntasach don Stát cheana.

Faigheann an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) a baill foirne agus raon seirbhísí tacaíochta corparáidí ó GBCN. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2012 bhí measúnú déanta ag GNBS ar phleananna gnó féichiúnaithe agus athraíodh an fócas ar an gcuid is fearr a bhaint as a dtorthaí ar na hiasachtaí a fuarthas agus ar na sócmhainní réadmhaoine a urraíonn siad. Sa mhéid sin, tá dul chun cinn suntasach déanta ag GNBS maidir le sreabhadh airgid a ghiniúint ó iasachtaí na bhféichiúnaithe agus ó shócmhainní bunúsacha agus na bannaí a d'eisigh siad mar chomaoin a aisíoc. Gineadh thart ar €10.6 billiún i bhfáltais féichiúnaithe i rith na tréimhse ónar bunaíodh é go dtí deireadh mhí na Nollag 2012, a thug deis do GNBS €4.75 billiún de bhannaí sinsearacha a fhuascailt, thar an tréimhse chéanna, agus a chuir an ghníomhaireacht ar sprioc maidir le sprioc dheireadh 2013 de €7.5 billiún de bhannaí sinsearacha a fhuascailt a bhaint amach.

I mí an Mheithimh 2013 d'fhógair an Rialtas tograí reachtacha chun bunús reachtaíochta a chur le NewERA agus chun an CNP a atreorú isteach i gCiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) dírithe ar infheistíocht in Éirinn ar théarmaí tráchtála a chuirfidh le gníomhaíocht agus fostaíocht eacnamaíoch. Cé go dtógfaidh CISÉ ar thionscnaimh infheistíochta arna ndéanamh ag GAFN, tá gá le hathrú reachtaíochta mar cuireann beartas infheistíochta reachtúil GAFN srian ar an méid infheistíochta in Éirinn de bharr an riosca comhchruinnithe a bheadh i gceist.

D'fhógair an Rialtas athruithe reachtaíochta freisin – bunaithe ar thograí a chuir GBCN ar aghaidh – chun Bord GBCN uileghabhálach a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna uile GBCN, seachas GNBS a leanfaidh lena struchtúr rialachais féin, agus a chuirfear in ionad na mbord agus na gcoistí éagsúla atá ann faoi láthair. Ghlac GBCN le réimse freagrachtaí breise thar na mblianta ónar bunaíodh i dtús é mar ghníomhaireacht le feidhm aonair chun fiachas a bhainistiú agus is tráth fóirsteanach é anois chun na boird agus coistí éagsúla a dhéanann maoirseacht ar a feidhmeanna faoi láthair a chuíchóiriú. Creidim go gcuideoidh an struchtúr rialachais nua go mór le seachadadh spriocanna GBCN ar bhealach comhtháthaithe agus soiléir.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí Choiste Comhairleach GBCN as a gcúnamh agus comhairle i rith na bliana. Go háirithe, ba mhaith liom béim a leagan ar rannpháirtíocht shuntasach David Byrne, Cathaoirleach an Choiste, agus Hugh Cooney, a bhí ina bhall den Choiste agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta. Tháinig deireadh leis an dá cheapadh seo ag deireadh 2012, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a seirbhís don Choiste.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann dá ngairmiúlacht agus dá dtiomantas leanúnach agus murach é sin ní bheadh GBCN ábalta a sainordú dúshlánach a sheachadadh.

John Corrigan
Príomhfheidhmeannach

An Coiste Feidhmiúcháin agus an Coiste Comhairleach

Foireann Ardbhainistíochta

John Corrigan
Príomhfheidhmeannach

Ciarán Breen
Stiúrthóir, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Eileen Fitzpatrick
Stiúrthóir, NewERA

Brendan McDonagh
Stiúrthóir, GBCN agus Príomhfheidhmeannach, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Brendan Murphy
Stiúrthóir, Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca

Brian Murphy
Stiúrthóir, GBCN agus Príomhfheidhmeannach, an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Eugene O'Callaghan
Stiúrthóir, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Andrew O'Flanagan
Ceannasaí ar Dhlí, Rialú agus Comhlíonadh

Oliver Whelan
Stiúrthóir, Maoiniú agus Bainistiú Fiach

Ár Misean agus Luachanna

Chuir GBCN ráitis misin le chéile chun príomhchuspóir na heagraíochta ar fud a réimsí gnó agus croí-luachanna a threoróidh iompar agus cinnteoireacht foirne a chuimsiú.

Ráiteas Misin

Sócmhainní poiblí agus dliteanais phoiblí a bhainistiú go stuama agus go tráchtálach.

Croí-Luachanna

Gníomhaímid go tráchtálach agus ár ndualgais seirbhíse poiblí á gcomhlíonadh againn.

Gníomhaímid le macántacht agus le hionracas.

Táimid dírithe ar thorthaí agus tá gach duine freagrach as an obair a dhéanaimid.

Táimid inoiriúnaithe agus réamhghníomhach.

Is mór againn ár mbaill foirne agus déileálaimid le chéile le dínit agus le meas.

An Coiste Comhairleach

(amhail an 28 Meitheamh 2013)

Brendan McDonagh

Is é Brendan McDonagh Cathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bank of N.T. Butterfield & Son Limited, Hamilton, Beirmiúda. Is iar-phríomhfheidhmeannach le HSBC North America Holdings Inc é agus bhí freagracht air as oibríochtaí baincéireachta agus airgeadais tomhaltóirí an Ghrúpa i SAM agus i gCeanada. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa do HSBC North America Holdings Inc agus ina bhall de Bhord Bainistíochta Grúpa an HSBC.

Tytti Noras

Tá Tytti Noras ina Comhairleoir Dlí, an Roinn um Margaí Airgeadais, an Aireacht Airgeadais, an Fhionlainn, agus tá sí ina Comhalta de Bhord Stiúrthóirí an Chiste Eorpaigh Infheistíochta.

John Moran

Is é John Moran Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais. Bhí sé mar Dhara hArd-Rúnaí leis an Roinn Airgeadais roimhe sin, tráth a raibh sé ina Cheannasaí Baincéireachta agus freagrach as gach ábhar a bhaineann le beartais bhaincéireachta, le bainistiú scairsheilbh an Stáit i mbainc agus le hatheagrú earnáil bhaincéireachta na hÉireann. Roimhe sin, bhí sé ina Cheannasaí ar Mhaoirseacht Banc Mórdhíola i mBanc Ceannais na hÉireann agus d'oibrigh sé le Zurich Capital Markets, le McCann FitzGerald, le GE Capital Aviation Services, le GPA Group agus le Sullivan & Cromwell.

Donald C Roth

Is é Donald C Roth an Comhpháirtí Bainistíochta ar EMP Global LLC agus iar-Leasuachtarán agus Iarchisteoir an Bhainc Dhomhanda.

Maoiniú agus Bainistiú Fiach

Bhí Éire gníomhach arís ar na margaí fiachais idirnáisiúnta sa bhliain 2012 den chéad uair ó chuaigh sí isteach i gClár an AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais (clár an AE/CAI) i mí na Samhna 2010. Bhain GBCN leas as roinnt deiseanna um eisiúint d'fhiachas fadtéarmach sa bhliain 2012 in éineacht le rochtain níos rialta ar an margadh gearrthéarma, go háirithe tar éis atosú an chláir Bille Státchiste.

Athbhreithniú ar an Margadh

Mhéadaigh Bannaí Rialtas na hÉireann go suntasach ó mhí Iúil 2011 i leith nuair a bhain torthaí 10 mbliana buaicphointe 14 faoin gcéad amach agus bhain torthaí 2 bhliain buaicphointe níos mó ná 22 faoin gcéad amach. Mar gheall ar na comhaontuithe a socraíodh i mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2011 maidir le sciar Eorpach iasachtaí na hÉireann faoi chlár an AE/CAI a laghdú, cruthaíodh móiminteam dearfach do bhannaí Rialtas na hÉireann.

Bhí an fheidhmíocht seo leathan-bhunaithe agus mar thoradh air seo tháinig feabhas drámatúil ar thorthaí bhannaí Rialtas na hÉireann.

San áireamh sna tosca taobh thiar den bhorradh seo tá na nithe seo a leanas:

- Cumas leanúnach na hÉireann chun ceangaltais chlár an AE/CAI a sheachadadh agus chun cloí le spriocanna fioscacha cainníochtúla;
- Díothú céimnitheach an cheangail mhóir athmhaoinithe a eascróidh as aibíocht an bhanna i lár mhí Eanáir 2014;
- An tagairt tacaíochta a rinne ceannairí an AE d'Éirinn ina ráiteas an 29 Meitheamh 2012 maidir leis an ngá atá ann an nasc idir fiachas ceannasach agus fiachas baincéireachta a bhriseadh; an ráiteas a rinne Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh (ECB) an 26 Iúil 2012 go bhfuil "ECB réidh gach beart a thógáil chun an euro a choinneáil"; agus fógra ECB an 2 Lúnasa 2012 beartas tionscnaimh na nIdirbheart Airgeadais Glan Amach (OMT) a léirigh tiomantas bannaí ceannasacha a cheannach, más gá, sa mhargadh tánaisteach le díriú ar bhannaí le tréimhse aibíochta bliana nó trí bliana;
- Comhshocrú an nóta gealltanais, inar eisíodh Bannaí Rialtas na hÉireann chuig Banc Ceannais na hÉireann, agus cuireadh na nótaí gealltanais a bhí ag an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (CÉRB) roimhe seo ar ceal. Beidh impleachtaí dearfacha ag an méid seo ar cheangaltais mhaoinithe an Stáit agus ar an Iarmhéid Rialtais Ghinearálta agus an Fiachas Rialtais Ghinearálta sa mheántéarma agus san fhadtéarma;
- Rochtain a fháil arís ar mhargaí fiachais náisiúnta agus an chéad eisiúint d'fhiachas fadtéarmach ó dhul isteach i gclár an AE/CIA go déanach sa bhliain 2010; agus
- Feabhas phróifíl fiachais na hÉireann, neartaithe go háirithe le comhaontú an AE an 12 Aibreán 2013 maidir le haibíocht sciar Eorpach na hÉireann d'iasachtaí chlár an AE/CAI a shíneadh le meántréimhse seacht mbliana.

Ba in aibíochtaí níos giorra a sonraíodh an meath i dtorthaí bannaí trí 2012.

Torthaí Bhannaí Rialtas na hÉireann

Aibíocht	Toradh ag Deireadh 2011 (%)	Toradh ag Deireadh 2012 (%)	Athrú Bliain go Deireadh 2012
2013	7.45	0.77	-6.68
2014	7.58	1.52	-6.06
2015	-	1.58	eisiúint nua
2016	7.67	2.50	-5.17
2017	-	3.31	eisiúint nua
2018	8.18	3.63	-4.55
2019	8.26	4.21	-4.05
2020	8.25	4.43	-3.82
2025	8.10	5.13	-2.97

Foinse: GBCN

Mar gheall ar cheannach athnuaite ar an margadh tánaisteach i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2012, laghdaíodh torthaí i ngach aibíocht go ráta níos lú ná 7 faoin gcéad agus bhí trí mhí de thorthaí cobhsaí mar thoradh air seo, beag beann ar chúlra a bhí ag éirí níos éiginnte in áiteanna eile i limistéar an euro. I lár mhí na Bealtaine 2012, áfach, tháinig méadú níos mó ná 7 faoin gcéad ar thorthaí agus imní ann maidir le cúinsí sa Ghréig chomh maith le forbairtí in earnáil bhaincéireachta na Spáinne agus imní i ndáil le reifreann na hÉireann ar an gConradh AE maidir le Comhshocrú Fioscach.

Thit torthaí arís i mí Iúil 2012 i ndiaidh an ráitis ó Chruinniú Mullaigh Limistéar an Euro maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an nasc idir fiachas ceannasach agus fiachas baincéireachta a bhriseadh. Ina theannta sin, bhí méadú mór ann ag deireadh chuair toraidh limistéir an euro mar gheall ar fhógra ECB i mí Lúnasa 2012 maidir le ceangaltas bannaí ceannasacha sa mhargadh tánaisteach a cheannach le haibíocht idir bliain amháin agus trí bliana (Idirbhearta Airgeadais Glan Amach). Gné de mhargadh bannaí Rialtas na hÉireann sa dara cuid den bhliain ná a seasmhacht réasúnta i bhfianaise luaineacht margaí banna Rialtais eile i limistéar an euro.

Lean an móiminteam dearfach a gineadh sa bhliain 2012 ar aghaidh go 2013 agus tugadh meath sonrach ar thorthaí faoi deara go luath sa bhliain 2013, go háirithe tar éis banna nua tagarmhairc 10 mbliana a eisiúint i mí an Mhárta. I mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh 2013 áfach, mhéadaigh luaineacht i margaí bannaí idirnáisiúnta, Éire san áireamh, spreagtha go príomha le himní i ndáil le beartais a bhaineann le héascú cainníochtúil sna Stáit Aontaithe agus sa tSeapáin amach anseo.

Torthaí Bhanna 10 mBliana an Rialtais 1 Eanáir 2011 go 31 Bealtaine 2013



Foinse: Bloomberg

Gníomhaíochtaí Maoinithe

Straitéis Maoinithe

Ó chuaigh GBCN isteach i gclár an AE/CAI ba é an plean oibre a bhí ag GBCN ná filleadh ar na margaí de réir a chéile, trí eisiúint ghearrthéarmach agus trí leas a bhaint as deiseanna um fhiachas fadtéarmach a eisiúint, de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. I rith 2012 agus an chéad leath de 2013 stiúradh roinnt oibríochtaí de mhargadh fiachais fadtéarmach rathúil, chomh maith le sceideal rialta de cheantanna Billí Státchiste gearrthéarmacha a thosaigh arís i mí Iúil 2012.

Tosaíocht do GBCN sa bhliain 2012 ná an "aill fhioscach" dhúshlánach a thiocfaidh chun cinn le haisíocaíocht bhanna €11.9 billiún atá dlite i mí Eanáir 2014 a laghdú. De réir infheisteoirí, ba bhac mór é an fhuascailt shuntasach go luath tar éis dheireadh chlár an AE/CIA ar bhealach amach réidh ón gclár. An tionchar a bhí ag na hoibríochtaí margaidh fadtéarmacha a rinneadh i 2012 agus go luath in 2013 ná díothú "aill fhioscach" mhí Eanáir 2014. Mheas na margaí fiachais gur rud dearfach é seo agus chuir sé go suntasach le muinín infheisteoirí a athchothú i mbannaí Rialtas na hÉireann.

Leanfaidh dianchlár GBCN 2012 maidir le caidreamh infheisteoirí ar aghaidh go 2013. Chabhraigh sé seo le suim athnuaite a ghiniúint i measc infheisteoirí institiúideacha i mbannaí Rialtas na hÉireann agus atreisíodh creideamh infheisteoirí reatha leis. Stiúir GBCN sraith chuir i láthair agus chruinnithe sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe, ar mhórthír na hEorpa, san Áise agus in Éirinn idir mí Feabhra agus mí Dheireadh Fómhair 2012. Reáchtáladh cruinnithe ad-hoc breise i rith na tréimhse seo freisin.

Tar éis rannpháirtíocht leanúnach GBCN leis an margadh beidh Éire ábalta imeacht ó chlár an AE/CAI ag deireadh na bliana. Bhí ról lárnach ag an gcaoi ar sheachaid Éire go leanúnach a ceangaltais chlár an AE/CAI leis an titim i dtorthaí bannaí agus leis an bhfeabhas suntasach i meon dearfach infheisteoirí i leith na hÉireann. Mar sin féin, tá rochtain leanúnach na hÉireann ar na margaí bannaí idirnáisiúnta fós an-spleách ar thosca seachtracha, go háirithe forbairtí ar leibhéal níos leithne limistéar an euro.

Maoiniú Fadtéarmach

Sa bhliain 2012 chuimsigh rannpháirtíocht GBCN leis na margaí fiachais athruithe bannaí (€4.6 billiún); bannaí coinbhinsiúnacha a eisiúint (€4.2 billiún); agus ionstraim fiachais nua, Irish Amortising Bonds, arna dhearadh chun dul i ngleic leis an tionscal pinsean intíre, a eisiúint (€1.0 billiún).

Cuireadh iasachtaí margaidh GBCN féin, in éineacht le tarraingtí anuas €21 billiún faoi chlár an AE/CAI i rith 2012, i bhfeidhm chun easnamh Státchiste €14.9 billiún a mhaoiniú agus chun fiachas a bhí ag teacht in aibíocht de €5.6 billiún a athmhaoiniú.

Rinne GBCN bainistiú ar iarmhéideanna airgid Státchiste agus ar bhainistiú gearrthéarmach airgid eile de €19.3 billiún ag deireadh na bliana. Ag feidhmiú i gcúinsí ina bhfuil Éire ag iarraidh rochtain inbhuanaithe ar mhargaí fiachais a bhaint amach agus ag an am céanna ag láimhseáil easnamh fiachais atá mór ach atá ag laghdú, tá sé soiléir go bhfuil sé riachtanach comhardú suntasach airgid a choinneáil nuair a bheidh Éire ag teacht amach ó chlár an AE/CAI. De réir seo, meastar go mbeidh dóthain airgid thirim ag an Stát ag deireadh chlár an AE/CAI chun 12-15 mhí de riachtanais mhaoinithe an Státchiste a chlúdach.

Athruithe Bannaí **2012**

Tugann athruithe bannaí deis d'infheisteoirí a ngabháltas i mbanna amháin de chuid Rialtas na hÉireann a mhalartú le haghaidh ceann eile. Sa bhliain 2012 stiúir GBCN dhá athrú banna agus mar aidhm acu struchtúr fiachais na hÉireann a fheabhsú agus go háirithe an ceangaltas maoinithe a laghdú i ndáil le haibíocht bhannaí 2013 agus 2014 a athmhaoiniú. I mí Eanáir d'aistrigh infheisteoirí €3.53 billiún de bhanna 2014 isteach i mbanna nua 2015 agus i mí Iúil d'aistrigh sealbhóirí bhannaí 2013 agus 2014 €1.04 billiún isteach i mbanna nua 2017 agus i mbanna reatha mhí Dheireadh Fómhair 2020 5%.

Eisiúintí Nua **2012**

Chomh maith leis an dara haistriú banna i mí Iúil, thairg GBCN an deis d'infheisteoirí airgead breise a infheistiú i mbanna nua mhí Dheireadh Fómhair 2017 5.5% agus i mbanna reatha mhí Dheireadh Fómhair 2020 5%. Ba é seo an chéad eisiúint d'fhiachas fadtéarmach d'Éirinn ó mhí Mheán Fómhair 2010 i leith. Thiomnaigh infheisteoirí €4.19 billiún do na bannaí seo le toradh 5.9 faoin gcéad do bhanna 2017 agus toradh 6.1 faoin gcéad do bhanna 2020. Ba é 5.95 faoin gcéad toradh meánualaithe an chomh-idirbhirt.

Eisiúintí Nua 2012			
Dáta Díolacháin	Aibíocht	Suim €m	Toradh %
an 26 Iúil	Deireadh Fómhair 2017	2,894	5.90
an 26 Iúil	Deireadh Fómhair 2020	1,299	6.10
Iomlán		**4,193**	**5.95**

Foinse: GBCN

I mí Lúnasa d'eisigh GBCN ionstraim fiachais nua, Banna Amúchta Na hÉireann, arna dearadh chun dul i ngleic le riachtanais an tionscail pinsean intíre. Murab ionann agus bannaí caighdeánacha, nuair a dhéantar íocaíochtaí na príomhshuime ar aibíocht tar éis íocaíocht úis bhliantúil, íocann na bannaí amúchta nua íocaíocht chomhionann gach bliain ina bhfuil príomhshuim agus ús, thar shaolré an bhanna, a léiríonn gur fearr leis na soláthraithe blianachtaí sruth leanúnach ioncaim a fháil. Eisíodh €1,021 milliún san iomlán le toradh meánualaithe 5.91 faoin gcéad thar réimse aibíochta ó 2027 go 2047.

Banna Amúchta Na hÉireann Eisithe i 2012		
Aibíocht	Suim €m	Toradh %
Aibíocht 35-Bliana (an 20 Meán Fómhair 2047)	331	5.92
Aibíocht 30-Bliain (an 20 Bealtaine 2042)	323	5.92
Aibíocht 25-Bliana (an 20 Eanáir 2037)	298	5.92
Aibíocht 20-Bliana (an 20 Márta 2032)	34	5.82
Aibíocht 15-Bliana (an 20 Iúil 2027)	35	5.72
Iomlán	**1,021**	**5.91**

Foinse: GBCN

Forbairtí 2013

I mí Eanáir 2013 d'ardaigh GBCN €2.5 billiún ar bhonn agú sindeacáite de bhanna mhí Dheireadh Fómhair 2017 5.5%. Ardaíodh an maoiniú le toradh 3.32 faoin gcéad. Is éard atá i gceist le hagú sindeacáite ná díolachán, ar phraghas réamhchinnte, de mhéideanna breise banna reatha trí shindeacáit déileálaithe príomha.

Bhí suim ar bhonn leathan san eisiúint le breis agus 200 infheisteoirí ag cur isteach tairiscintí, lena n-áirítear bainisteoirí cistí, bainc, cistí pinsean agus cuideachtaí árachais. B'ionann na tairiscintí iomlána a fuarthas agus thart ar €7 billiún. Ghlac infheisteoirí intíre le trí déag faoin gcéad den eisiúint agus ghlac infheisteoirí eachtracha 87 faoin gcéad. Ba as na réigiúin seo a leanas go príomha na hinfheisteoirí eachtracha: an Ríocht Aontaithe (33 faoin gcéad), tíortha Nordacha (19 faoin gcéad), an Fhrainc (11 faoin gcéad), agus an Ghearmáin (7 faoin gcéad). Taobh amuigh den Eoraip, b'ionann Meiriceá Thuaidh 9 faoin gcéad agus b'ionann an Áise beagán níos má ná 1 faoin gcéad.

Agú Bhanna 2017 de réir Cineál Infheisteora



Foinse: GBCN

Agú Bhanna 2017 de réir Limistéar Geografach



Foinse: GBCN

I mí an Mhárta 2013 sheol GBCN a dhara hidirbheart sindeacáite den bhliain. D'ardaigh sé seo €5 billiún trí dhíolachán de bhanna nua tagarmhairc a aibeoidh i mí an Mhárta 2023. Ardaíodh an maoiniú le toradh 4.15 faoin gcéad. Ba é an díolachán an chéad eisiúint nua 10-mbliana de chuid GBCN ó mhí Eanáir 2010 i leith. Bhí an-éileamh ar an eisiúint, le breis agus 400 infheisteoirí ag cur isteach tairiscintí, lena n-áirítear bainisteoirí cistí, bainc, cistí pinsean agus cuideachtaí árachais. B'ionann na tairiscintí iomlána a fuarthas agus thart ar €13 billiún. Ghlac infheisteoirí intíre le hocht déag faoin gcéad den eisiúint agus ghlac infheisteoirí eachtracha 82 faoin gcéad. Ba as na réigiúin seo a leanas go príomha na hinfheisteoirí eachtracha: an Ríocht Aontaithe (25 faoin gcéad), an Ghearmáin (12 faoin gcéad), tíortha Nordacha (12 faoin gcéad), an Fhrainc (11 faoin gcéad), agus infheisteoirí Eorpacha eile (6 faoin gcéad). Taobh amuigh den Eoraip, b'ionann Meiriceá Thuaidh 9 faoin gcéad agus b'ionann an Áise beagán níos mó ná 1 faoin gcéad.

Eisiúint Bhanna 2023 de réir Cineál Infheisteora



Foinse: GBCN

Eisiúint Bhanna 2023 de réir Limistéar Geografach



Foinse: GBCN

Idirbheart Nóta Gealltanais

Tar éis leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc an 7 Feabhra 2013, agus an chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Banc Ceannais na hÉireann maidir le bannaí Rialtais fadtéarmacha a chur in ionad na nótaí gealltanais arna soláthar do CÉRB faoi úinéireacht stáit, cuireadh na nótaí gealltanais ar ceal agus cuireadh ocht mbanna nua Státchiste le ráta comhlúthach ina n-ionad. Eisíodh suim iomlán €25 billiún don Bhanc Ceannais le tréimhsí aibíochta idir 25 bliain agus 40 bliain. Íocfaidh na bannaí ús gach sé mhí (Meitheamh agus Nollaig) bunaithe ar ráta úis 6-mhí de chuid Euribor móide corrlach seasta le meán 2.63 phointe céatadáin thar na hocht n-eisiúint.

Bannaí Státchiste le Ráta Comhlúthach Eisithe i 2012

Banna	Méid a eisíodh €bn	Corrlach Úis %
Banna Státchiste 2038 le Ráta Comhlúthach	2	2.50
Banna Státchiste 2041 le Ráta Comhlúthach	2	2.53
Banna Státchiste 2043 le Ráta Comhlúthach	2	2.57
Banna Státchiste 2045 le Ráta Comhlúthach	3	2.60
Banna Státchiste 2047 le Ráta Comhlúthach	3	2.62
Banna Státchiste 2049 le Ráta Comhlúthach	3	2.65
Banna Státchiste 2051 le Ráta Comhlúthach	5	2.67
Banna Státchiste 2053 le Ráta Comhlúthach	5	2.68

Foinse: GBCN

Baineann an Stát roinnt tairbhí tábhachtacha amach mar gheall ar an idirbheart seo. Is ionann aibíocht mheánualaithe 34-35 bliain do na bannaí nua le ráta comhlúthach agus síneadh suntasach 7-8 mbliana ar an meán do na nótaí gealltanais agus ar chostas maoinithe níos ísle don Stát. Díolfaidh an Banc Ceannais na bannaí de réir a chéile de réir sceideal aontaithe íosmhéideanna, go deireadh 2014 (€0.5bn), 2015-2018 (€0.5bn p.a.), 2019 – 2023 (€1bn p.a.), 2024 agus ina dhiaidh sin (€2bn p.a.). Ní féidir aon bhannaí thar an sceideal seo a dhíol ach amháin nuair nach gcuirfidh díolachán den sórt sin isteach ar chobhsaíocht airgeadais. Is é an toradh atá air sin ná coigilteas úis bliantúil suntasach don Stát. Tá rogha ag an mBanc Ceannais freisin sciar de na bannaí nua le ráta comhlúthach a mhalartú le bannaí le cúpón seasta gach bliain go dtí go ndéantar na bannaí uile a mhalartú.

Meastar go laghdófar ceangaltas maoinithe an Stáit de €2 billiún gach bliain go ceann 10 mbliana le hathchur na nótaí gealltanais.

Beidh tionchar dearfach freisin ar an Iarmhéid Rialtais Ghinearálta de thart ar €1 billiún sa bhliain sna blianta amach romhainn. Cé gur dóigh go ndéanfar tairbhí 2013 a fhritháireamh le costais idirbheart mar thoradh ar leachtú CÉRB, laghdaítear an t-easnamh Rialtais Ghinearálta tuartha do 2014 agus 2015 de thuairim is 0.6 faoin gcéad den Olltáirgeacht Intíre gach bliain mar thoradh ar an idirbheart. Beidh an Fiachas Rialtais Ghinearálta níos ísle freisin thar an bhfadtéarma de bharr ceangaltas maoinithe laghdaithe.

Maoiniú Gearrthéarmach

Príomhaidhm de chuid GBCN sa bhliain 2012 ná rochtain a fháil arís ar na margaí gearrthéarmacha – go háirithe lena chlár Bille Státchiste.

Thosaigh GBCN arís le ceantanna Billí Státchiste i mí Iúil 2012 le díolachán €500 milliún Billí 3-mhí. Seo an chéad cheant den sórt sin ó mhí Mheán Fómhair 2010 i leith agus reáchtáladh trí cheant eile i rith 2012. Lean an clár seo ar aghaidh sa bhliain 2013 le ceant Billí Státchiste gach mí i Ráithe 1 agus Ráithe 2.

Ceantanna Billí Státchiste GBCN 2012				
Dáta Ceant	Aibíocht	Suim €m	Toradh % (bliantúlaithe)	Cóimheas na dTairiscintí
an 5 Iúil 2012	3 mhí	500	1.80	2.8
an 13 Meán Fómhair 2012	3 mhí	500	0.70	3.0
an 18 Deireadh Fómhair 2012	3 mhí	500	0.70	3.6
an 15 Samhain 2012	3 mhí	500	0.55	4.1

Foinse: GBCN

Ceantanna Billí Státchiste GBCN 2013 (go deireadh mhí an Mheithimh)				
Dáta Ceant	Aibíocht	Suim €m	Toradh % (bliantúlaithe)	Cóimheas na dTairiscintí
an 17 Eanáir 2013	3 mhí	500	0.20	3.8
an 21 Feabhra 2013	3 mhí	500	0.24	3.3
an 21 Márta 2013	3 mhí	500	0.24	3.4
an 18 Aibreán 2013	3 mhí	500	0.20	4.8
an 16 Bealtaine 2013	3 mhí	500	0.13	3.6
An 20 Meitheamh 2013	3 mhí	500	0.20	2.9

Foinse: GBCN

Choimeád GBCN a chlár Pháipéar Tráchtála Il-airgeadra Euro na hÉireann (ECP) sa bhliain 2012 freisin. Tá an clár liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann. Díoltar páipéar ar bhonn fiosrúchán aisiompaithe agus luaitear praghsanna ar Bloomberg. Bhí €1.3 billiún gan íoc ag deireadh na bliana 2012 i gcomparáid le €348 milliún ag deireadh na bliana 2011. I rith 2012 freisin bhí leathadh feabhsaithe infheisteoirí, méadú ar mheánaibíocht páipéir arna eisiúint agus meath i gcostais mhaoinithe. Eisíonn GBCN fiachas gearrthéarmach freisin i bhfoirm Nótaí Státchiste agus Nótaí Lárnacha Státchiste, go príomha d'infheisteoirí institiúideacha intíre.

Táirge Coigiltis Stáit

Is é State Savings™ (Táirge Coigiltis Stáit) an t-ainm branda a úsáideann GBCN maidir leis an réimse táirgí coigiltis a thairgtear do choigilteoirí pearsanta.

I gcaitheamh na bliana 2012, bhí glan-insreabhadh €2.2 billiún sna Scéimeanna Coigiltis Stáit, agus ag deireadh na bliana 2012 ba í an tsuim iomlán a bhí gan íoc €16.3 billiún.

Táirgí Coigiltis Stáit GBCN		
	An Méid Iomlán a bhí le hÍoc ag deireadh 2012 €m	Glan-Insreabhadh i 2012 (Glanluacháil €m)
Bannaí Coigiltis 3 bliana	5,568	785
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 4 bliana agus 10 mbliana	1,001	394
Cairteacha Coigiltis 5½ bliana	4,791	558
Tráthchoigiltis 6 bliana	474	(1)
Duaisbhannaí	1,649	201
Cuntais Taisce	2,774	184
Iomlán	**16,257**	**2,121**

Foinse: GBCN

Feidhmíonn an Post mar ghníomhaire de chuid GBCN maidir le díolachán agus riarachán tháirgí Coigiltis Stáit (seachas Duaisbhannaí). Oibríonn an Chuideachta Duais-Bhannaí (comhfhiontar idir an Post agus Fexco, ar cuideachta seirbhísí airgeadais Éireannach iad) Scéim na nDuaisbhannaí thar ceann GBCN.

I mí na Nollag 2012 agus mí an Mheithimh 2013 laghdaigh GBCN na rátaí úis arna n-íoc ar tháirgí Coigiltis Stáit chun athruithe sa mhargadh coigilteas níos leithne a léiriú. Ba iad seo a leanas rátaí amhail an 2 Meitheamh 2013:

- Banna Coigiltis 3 bliana: toradh iomlán le ráta seasta 4 faoin gcéad (AER[1] 1.32 faoin gcéad)
- Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 4 bliana: toradh iomlán le ráta seasta 8 faoin gcéad (AER 1.94 faoin gcéad);
- Cairteacha Coigiltis 5 bliana: toradh iomlán le ráta seasta 11 faoin gcéad (AER 2.11 faoin gcéad);
- Tráthchoigiltis 6 bliana: toradh iomlán le ráta seasta 14 faoin gcéad (AER 2.41 faoin gcéad); agus
- Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 10 mbliana: toradh iomlán le ráta seasta 35 faoin gcéad (AER 3.05 faoin gcéad).

Bhí athruithe freisin ar ráta úis athraithigh an chuntais "Deposit Account Plus" agus ar an ráta úis athraithigh arna úsáid chun luach chiste duaiseanna míosúil de chuid Dhuaisbhannaí a shocrú. Le héifeacht ón 2 Meitheamh 2013, íocann an cuntas le fógra 30 lá "Deposit Account Plus" ráta athraithigh 0.50 faoin gcéad AER agus is é 1.75 faoin gcéad ráta chiste duaiseanna Dhuaisbhannaí. D'athraigh minicíocht ard-duais Dhuaisbhannaí €1 milliún ó gach mí go gach dara mí.

[1]Ráta Coibhéiseach Bliantúil

Próifíl Fiachais

Is é is Fiachas Rialtais Ghinearálta (FRG) ann tomhas ar *ollfhiachas* comhdhlúite iomlán ar fud an Stáit agus is é an tomhas é a úsáidtear le haghaidh cuspóirí comparáide ar fud an Aontais Eorpaigh. Is ionann an Fiachas Náisiúnta agus an *glanfhiachas* atá tabhaithe ag an Státchiste tar éis iarmhéideanna airgid agus sócmhainní airgeadais eile a chur san áireamh agus is é an phríomh-chomhpháirt d'Fhiachas Rialtais Ghinearálta (FRG) é. Ina theannta sin, áirítear san FRG freisin fiachas chomhlachtaí an rialtais láir agus áitiúil mar aon le nótaí gealltanais a eisítear chuig roinnt forais airgeadais. Tuairiscítear FRG ar bhonn comhlán agus ní fhrithháirítear iarmhéideanna airgid gan íoc agus sócmhainní airgeadais eile – murab ionann agus an Fiachas Náisiúnta. Cé go mbaineann na figiúirí sa rannán seo go príomha leis an GGC, baineann freagrachtaí GBCN leis an bhFiachas Náisiúnta amháin.

Comhshuíomh Fiachais ag Deireadh 2012

	Fiachas Náisiúnta €bn	Fiachas Rialtais Ghinearálta €bn
Bannaí Rialtais	87.85	
Maoiniú Chlár an AE/CAI	55.90	
Fiachas Eile Meántéarmach agus Fadtéarmach	0.77	
Scéimeanna Coigiltis Stáit*	13.48	
Fiachas Gearrthéarmach	3.48	
Airgead agus Sócmhainní Gaolmhara Eile**	-23.85	
Fiachas Náisiúnta amhail an 31/12/12	**137.63**	
Fiachas Náisiúnta		137.63
Coigeartú i ndáil le hAirgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais eile		23.85
Nótaí Gealltanais chuig Forais Airgeadais***		25.26
Coigeartuithe Eile d'Fhiachas Rialtais Ghinearálta		5.72
Fiachas Rialtais Ghinearálta amhail an 31/12/12		**192.46**

*Áirítear le Coigilteas Stáit freisin airgead a infheistíonn taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist (BTP). Tugtar na cistí seo ar iasacht don Státchiste mar airleacain ghearrthéarmacha go príomha. Agus BTP á chur san áireamh, b'ionann Coigilteas Stáit iomlán gan íoc ag deireadh 2012 agus €16.3 billiún.

**Rinne GBCN bainistiú ar iarmhéideanna airgid Státchiste agus ar bhainistiú gearrthéarmach airgid eile de €19.3 billiún ag deireadh 2012.

***I mí Feabhra 2013 eisíodh €25 billiún bannaí Rialtas na hÉireann le ráta comhlúthach chuig Banc Ceannais na hÉireann mar mhalairt ar na nótaí gealltanais a bhí ag an CÉRB roimhe seo.

Foinse: GBCN agus an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)

B'ionann GGC ag deireadh na bliana 2012 agus €192.5 billiún nó 117.6 faoin gcéad den Olltáirgeacht Intíre.

Fortheilgtear go mbuailfidh an FRG a bhuaic mar chéatadán den Olltáirgeacht Intíre de 123 faoin gcéad in 2013. Is ionann an meastachán seo agus dhá phointe céatadáin níos airde ná meastachán Bhuiséad 2013, go príomha mar gheall ar réamh-mhaoiniú le haghaidh 2014 agus 2015 agus ní de bharr aon mheath ar an staid fhioscach. Ba chóir go mbainfeadh Éire amach a príomhsprioc cothromaíochta maidir le fiachas a chobhsú in 2014 agus ba chóir go dtosódh FRG ag meathlú mar chéatadán OTI cuidithe le laghdú ar chomardú airgid arna charnadh cheana.

Fiachas Fortheilgthe an Rialtais Ghinearálta 2013–2016

Bliain	% de OTI
2013	123.3
2014	119.4
2015	115.5
2016	110.8

Foinse: An Roinn Airgeadais (Nuashonrú maidir leis an gClár Cobhsaíochta, Aibreán 2013)

Mar a luadh cheana féin, is ionann FRG agus beart comhlán a fhágann nach féidir iarmhéideanna airgid ná sócmhainní airgeadais eile a fhrithháireamh. Baineann an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) úsáid as sainmhíniú caighdeánaithe ar an nglan-Fhiachas Rialtais Ghinearálta (Glan FRG) anois, áfach.[2] An sainmhíniú atá ar Ghlan FRG ná Oll FRG lúide airgead tirim agus taiscí eile ag an Státchiste agus sócmhainní airgeadais eile de chuid an rialtais. Measann CSO gurbh ionann FRG ag deireadh na bliana 2012 agus €152.4 billiún nó 93.1 faoin gcéad den Olltáirgeacht Intíre.

B'ionann aibíocht mheánualaithe fhiachas fadtéarmach indíolta agus oifigiúil na hÉireann agus 7.3 bliain ag deireadh 2012: ba é an figiúr inchomparáide ag deireadh 2011 6.4 bliain. Ba é 11.2 bliain an aibíocht mheánualaithe ag deireadh mhí Bealtaine 2013, agus léirítear go príomha leis an méadú ó dheireadh na bliana 2012 i leith na mbannaí fadtéarmacha le ráta comhlúthach a eisíodh i mí Feabhra le cur in ionad nóta gealltanais CÉRB (tá aibíocht mheánualaithe 34-35 bliain ag na bannaí seo) agus banna nua tagarmhairc 10-mbliana a eisíodh i mí an Mhárta.

Chun tacú le hiarrachtaí rochtain iomlán ar an margadh a fháil arís agus le himeacht go rathúil ó chlár an AE/CAI ag deireadh 2013 mar atá beartaithe, d'aontaigh Airí de chuid an AE aibíocht sciar Eorpach iasachtaí na hÉireann a bhaineann le clár an AE/CAI a fhadú tríd an aibíocht mheánualaithe a mhéadú le seacht mbliana.

Is gné thábhachtach eile é an fadú ar an aibíocht seo chun tacú le hÉirinn agus í ag imeacht go rathúil agus go buan ó chlár an AE/CAI. Cuidíonn an méid seo le próifíl fhuascailt an fhiachais a shocrú agus an tsuim airgid a bheidh le fáil ar iasacht sna blianta 2015 go 2022 chun fiachas reatha a athmhaoiniú a laghdú le €20 billiún.

[2] CSO, Torthaí Bliantúla Staitisticí Airgeadais an Rialtais 2009–2012, Aibreán 2013

Próifíl Aibíochta Fhiachas Fadtéarmach Indíolta agus Oifigiúil na hÉireann



Foinse: GBCN

Táirgeacht Fónaimh d'Fhiachas

Is iad bunchuspóirí GBCN i leith bainistiú fiach leachtacht chuí a chinntiú don Státchiste agus costais as fónamh d'fhiachas a choimeád a ísle agus is féidir thar an meántéarma faoi réir leibhéal inghlactha riosca.

Ba é €5,679 billiún an costas úis d'airgead tirim a bhain leis an bhFiachas Náisiúnta i 2012 a muirearaíodh ar an Státchiste. Ba iad na míreanna eile a gearradh ar chostais as fónamh d'fhiachas an Státchiste cistí fiachmhúchta ar luach €646 milliún – is ionann é sin go héifeachtach agus athrú teicniúil ar an mbuiséad reatha a léirítear freisin mar fháltas sa bhuiséad caipitil – agus táillí agus costais riaracháin €144 milliún. B'ionann costais seirbhísí fiachais an Státchiste agus €496 milliún níos lú ná an meastachán a bhain leis an Nuashonrú maidir leis an gClár Cobhsaíochta, Aibreán 2012 go príomha mar gheall ar chúinsí ama agus costais laghdaithe mhaoiniú chlár an AE/CAI.

Faoin mbeart níos leithne den Rialtas Ginearálta, meastar gurb ionann caiteachas úis sa bhliain 2012 agus €6,133 milliún[3], thart ar €327 milliún faoi mheastachán SPU mhí Aibreáin 2012. Sa bhliain 2011, b'ionann cóimheas an chaiteachais úis Rialtais Ghinearálta le ioncam Rialtais Ghinearálta i 2012 agus 10.8 faoin gcéad. Meastar i bhfoilseachán SPU mhí Aibreáin 2013, faoi 2016, bunaithe ar bhoinn reatha tuisceana maidir le héabhlóid an ioncaim, na leibhéal fiachais agus na rátaí úis ar iasachtaíocht an Rialtais, go mbeidh méid comhionann le thart ar 13.9 faoin gcéad d'ioncam Rialtais Ghinearálta ag teastáil chun fiachas Rialtais Ghinearálta a fhónamh[4].

[3] CSO, Tuairisceáin Nós Imeachta maidir le hEasnamh Iomarcach (EDP) Aibreán 2013
[4] An Roinn Airgeadais (Nuashonrú maidir leis an gClár Cobhsaíochta, Aibreán 2013)

Margadh Bannaí Rialtais na hÉireann

Bannaí Tagarmhairc

Tá 12 bhanna tagarmhairc ag Éirinn agus tá aibíochtaí le sonrú sa chuar toraidh aníos go dtí 2025.

Léiríonn an t-athrú ar an bpróifíl idir deireadh mhí na Nollag 2012 agus deireadh mhí Bealtaine 2013 agú sindeacáite bhanna reatha 2017 i mí Eanáir, eisiúint bhanna 2023 nua i mí an Mhárta agus aibíocht bhanna 2013 5% i mí Aibreáin.

Ina theannta sin, tá 10 banna amúchta agus ocht mbanna le ráta comhlúthach ag Éirinn. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na bannaí seo sa mhír thuas a bhaineann le Maoiniú Fadtéarmach.

Clásail Chomhghníomhaíochta

De réir théarmaí an Chonartha lena mBunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach, ceanglaítear ar rialtais uile limistéar an euro ón 1 Eanáir 2013 Clásail Chomhghníomhaíochta (CCanna) a chuimsiú sna forálacha lena rialaítear fiachas nua le haibíocht níos faide ná bliain a eisiúint.

Ceadaítear d'olltromlach sealbhóirí bannaí (sealbhóirí 75 faoin gcéad príomhshuim chomhiomláin bhanna) aontú ar mhodhnú ar théarmaí agus coinníollacha a bhaineann le banna, amhail athstruchtúrú. Beidh aon mhodhnú den sórt sin ina cheangal de réir an dlí ar shealbhóirí uile an bhanna, lena n-áirítear na sealbhóirí a chaithfidh vóta in aghaidh sin nó a staonfaidh. Go ceann 10 mbliana beidh cead ag rialtais limistéar an euro

Bannaí Tagarmhairc Rialtas na hÉireann			
Banna	An Dáta Aibíochta	Gan Íoc Deireadh 2012 €m	Gan Íoc Deireadh mhí Bealtaine 2013 €m
Banna Státchiste 5.0% 2013	An 18 Aibreán 2013	5,116	0
Banna Státchiste 4.0% 2014	An 15 Eanáir 2014	7,599	7,599
Banna Státchiste 4.5% 2015	An 18 Feabhra 2015	3,640	3,630
Banna Státchiste 4.6% 2016	An 18 Aibreán 2016	10,176	10,168
Banna Státchiste 5.5% 2017	An 18 Deireadh Fómhair 2017	3,929	6,389
Banna Státchiste 4.5% 2018	An 18 Deireadh Fómhair 2018	9,276	9,255
Banna Státchiste 4.4% 2019	An 18 Meitheamh 2019	7,700	7,715
Banna Státchiste 5.9% 2019	An 18 Deireadh Fómhair 2019	6,782	6,796
Banna Státchiste 4.5% 2020	An 18 Aibreán 2020	11,809	11,809
Banna Státchiste 5.0% 2020	An 18 Deireadh Fómhair 2020	9,052	9,059
Banna Státchiste 3.9% 2023	An 20 Márta 2023	0	5,000
Banna Státchiste 5.4% 2025	An 13 Márta 2025	11,745	11,760

Foinse: GBCN

líon áirithe bannaí níos sine nach banna CC iad a eisiúint mar chuid dá gcláir mhaoinithe bhliantúla, ag tosú le 45 faoin gcéad dá n-eisiúint bhliantúil in 2013 agus ag laghdú go cúig faoin gcéad dá n-eisiúint bhliantúil tar éis 10 mbliana.

Córas Príomhdhéileálaithe

Tá grúpa láidir Príomhdhéileálaithe ag margadh bannaí Rialtas na hÉireann – bainc idirnáisiúnta infheistíochta a bhfuil réim acu ar fud an domhain den chuid is mó. Déanann gach ceann de na ocht bPríomhdhéileálaí déag a dtugann GBCN aitheantas dóibh praghsanna leanúnacha dhá bhealach i mbannaí tagarmhairc sainithe in íosmhéideanna agus laistigh d'uasraoin tairisceana is ofrála. Meaitseálann roinnt stocbhróicéirí orduithe cliaint, freisin.

Seo a leanas na Príomhdhéileálaithe:

- Barclays, Londain (www.barcap.com)
- BNP Paribas, Londain (www.bnpparibas.com)
- Cantor Fitzgerald Ireland Limited, Baile Átha Cliath (www.cantor.com)
- Credit Agricole CIB, Londain (www.ca-cib.com)
- Citigroup, Londain (www.citigroup.com)
- Davy, Baile Átha Cliath (www.davydirect.com)
- Danske Bank, Cóbanhávan (www.danskebank.com)
- Deutsche Bank, Frankfurt (www.db.com)
- Goldman Sachs, Londain (www.gs.com)
- HSBC CCF, Páras (www.hsbc.com)
- ING Bank NV, Amstardam (www.ing-wholesalebanking.nl/)
- JP Morgan, Londain (www.jpmorgan.com)
- Merrill Lynch International, Londain (www.baml.com)
- Morgan Stanley & Co International plc (www.morganstanley.com)
- Nomura International plc, Londain (www.nomura.com)
- Royal Bank of Scotland, Londain (www.rbsmarkets.com)
- Société Générale, Páras (www.societegenerale.com)
- UBS Limited, Londain (www.ubs.com).

Tá na Príomhdhéileálaithe ina mball de Stocmhalartán na hÉireann, ar a bhfuil bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe. Tá rochtain eisiach acu ar cheantanna bannaí GBCN agus féadfaidh siad leas a bhaint as áiseanna comhaontú athcheannaigh agus comhaontú athcheannaigh droim ar ais a sholáthraíonn GBCN i mbannaí Rialtas na hÉireann.

Rátáil Chreidmheasa

Tá stádas de ghrád infheistíochta ag Éirinn fós le Standard & Poor's agus le Fitch. Leag an dá dhream seo ráta BBB+ síos le hionchas seasmhach, trí chéim níos airde ná grád fo-infheistíochta. Tá grád fo-infheistíochta Ba1 ag Éirinn ó Moody's ó mhí Iúil 2011 i leith.

Go luath sa bhliain 2012 rinne gach ceann de na trí ghníomhaireacht rátála roinnt tíortha i limistéar an euro a íosghrádú mar fhreagairt ar an ngéarchéim san fhiachas ceannasach agus baincéireachta. Sheachain Éire íosghrádú sa bhabhta gníomhaíochtaí rátála sin agus choinnigh sí a ráta reatha, de bharr dul chun cinn arna dhéanamh i ndáil le hacmhainneacht creidmheasa a athbhunú. Ba é an ráiteas a rinne Fitch Ratings i mí na Samhna 2012 go raibh sé ag déanamh athbhreithniú ar ionchas na hÉireann ó dhiúltach go seasmhach an chéad ghníomhaíocht dhearfach a rinne gníomhaireacht rátála maidir le hÉirinn ó thús na géarchéime airgeadais i leith. Rinne Standard and Poor's fógra cosúil leis seo i mí Feabhra 2013.

Rátálacha Ceannasacha Creidmheasa na hÉireann*

Gníomhaireacht Rátála	Rátáil Fhadtéarmach	Rátáil Ghearrthéarmach	Ionchas
Standard & Poor's	BBB+	A-2	Seasmhach
Moody's	Ba1	NP	Diúltach
Fitch Ratings	BBB+	F2	Seasmhach

* amhail an 28 Meitheamh 2013

Foinse: GBCN

Clár an AE/CAI um Thacaíocht Airgeadais d'Éirinn

Chomhaontaigh an Rialtas, ar an 28 Samhain 2010, go mbeadh clár tacaíochta airgeadais €85 billiúin d'Éirinn ag an AE agus CAI. Is ionann ranníocaíocht an Stáit leis an gclár agus €17.5 billiún, agus is ionann an tacaíocht sheachtrach agus €67.5 billiún.

Is éard atá sa tacaíocht sheachtrach faoin gclár:

- €22.5 billiún ó Shaoráid Chiste Leathnaithe CAI;
- €22.5 billiún ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM); agus
- €22.5 billiún ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) (€17.7bn) agus iasachtaí déthaobhacha ón Ríocht Aontaithe (€3.8bn), ón tSualainn (€0.6bn) agus ón Danmhairg (€0.4bn).

Cuirtear tacaíocht ar fáil ar bhonn coinníollachta beartais ar leith, atá mionsonraithe sa Mheabhrán Tuisceana.

B'ionann dliteanais faoi chlár an AE/CAI ag deireadh 2012 agus €56.4 billiún i dtéarmaí ainmniúla. B'ionann iasachtaí ó fhoinsí an AE agus €37.4 billiún agus b'ionann iasachtaí CAI agus €19 billiún. B'ionann an costas measta iomlán ar iasachtaí a fuarthas faoi chlár an AE/CAI agus 3.36 faoin gcéad, a chomhluach in euro, ag deireadh 2012.

An Méid Iomlán a bhí le hÍoc ag deireadh 2012 maidir le Dliteanais Chlár an AE/CAI

Iasachtóir	Suim Ainmniúil Iasachta* €bn
EFSM	21.70
EFSF**	12.74
An RA	2.45
An Danmhairg	0.20
An tSualainn	0.30
CAI***	19.03
Iomlán	**56.43**

* Aistrítear dliteanais neamh-euro go euro ag an ráta malairte ag an 31 Nollaig 2012. Tar éis í a choigeartú d'eisiúint faoi phar, d'asbhaint chorrlaigh réamhíoctha agus d'éifeacht na n-idirbheart malairte eachtraí, b'ionann an ghlansuim in euro a fuair an Státchiste agus €55.7 billiún.

** Baineadh corrlach réamhíoctha €0.53 billiún ón iasacht €4.19 billiún a tarraingíodh anuas ar an 1 Feabhra 2011, a fhágann glandliteanas €3.66 billiún. Aisíocfar an réamhíocaíocht corrlaigh seo le hÉirinn in 2016.

***Ainmnítear iasachtaí CAI i gCearta Tarraingthe Speisialta, sócmhainn chúlchiste idirnáisiúnta de bhascaed airgeadraí a chuimsíonn euro, yen na Seapáine, punt steirling agus dollar na Stát Aontaithe.

Foinse: GBCN

Feidhmeanna Eile

Chomh maith lena gcroífheidhmeanna airgead a fháil ar iasacht don Státchiste agus bainistíocht fiach, comhlíonann an Lucht Stiúrthóireachta um Maoiniú agus Bainistiú Fiach de chuid GBCN roinnt feidhmeanna eile.

Scéim na bhForas Creidmheasa 2009 (Ráthaíocht Dliteanas Inghlactha)

I mí na Nollag 2009, thug an Rialtas scéim nua ráthaíochta isteach a leanfadh Scéim na bhForas Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 le soláthar do ráthaíocht dliteanas bainc i ndiaidh an 29 Meán Fómhair 2010 – Scéim na bhForas Creidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Inghlactha) 2009 (Scéim RDI). Cheap an tAire Airgeadais GBCN mar Oibreoir na Scéime RDI.

Tugann an Scéim RDI deis ráthaíocht Stáit neamhchoinníollach do-chúlghairthe a thabhairt maidir le dliteanais incháilithe áirithe (lena n-áirítear taiscí) de suas le haibíocht cúig bliana arna n-eisiúint ag forais rannpháirteacha agus chomh fada nach bhfuil siad clúdaithe faoin Scéim Ráthaithe Taiscí arna hoibriú ag Banc Ceannais na hÉireann. Ní mór do na dliteanais seo a bheith tabhaithe ag forais rannpháirteacha ón dáta ar ghlac siad páirt sa Scéim agus dúnadh na Scéime. Cuireadh deireadh leis an Scéim RDI ag meán oíche an 28 Márta 2013.

Beidh ráthaíocht ag gabháil le haon dliteanais arna ráthú faoin Scéim go dtí an 28 Márta 2013 go dtí go n-aibeoidh siad.

Amhail dáta deireadh na Scéime RDI, ba í an tsuim iomlán a bhí clúdaithe ag an Scéim RDI €75 billiún.

Dliteanais Clúdaithe faoin Scéim RDI an 28 Márta 2013	€m
Fiachas Sinsearach Neamhurraithe Neamhthaiscí	21,302
Taiscí	53,282
Iomlán	**74,584**

Foinse: GBCN

Déanann Banc Ceannais na hÉireann an Scéim Ráthaithe Taiscí a oibriú agus leantar le taiscí suas le €100,000 a ráthú do thaisceoir cáilithe san fhoras. Tá sé seo i bhfeidhm i gcónaí agus níl dáta éaga i gceist.

Tar éis leachtú CÉRB an 7 Feabhra 2013, tá GBCN, mar Oibreoir na Scéime RDI, ag glacadh le héilimh ar aisíocaíocht aon dliteanais CÉRB arna rathú faoin Scéim RDI. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar láithreán gréasáin GBCN. Féadfar suimeanna suas le €100,000 a chlúdach faoin Scéim Ráthaithe Taiscí, arna hoibriú ag Banc Ceannais na hÉireann.

Ráthaíocht Díorthaigh CÉRB

Ar an 29 Samhain 2010 chuir an tAire Airgeadais Gníomhas Ráthaíochta i bhfeidhm chun gníomhaíocht díorthaigh áirithe a chlúdach a rinne Corparáid an Bhainc Angla-Éireannaigh Teoranta, CÉRB (i Leachtú Speisialta) anois, agus í ag iarraidh bunráta úis agus riosca airgeadra eachtraigh ina clár comhardaithe a bhainistiú. Mar thoradh ar Leachtaitheoir Speisialta a cheapadh chuig an CÉRB an 7 Feabhra 2013, chuir contrapháirtithe díorthacha deireadh lena n-idirbhearta díorthacha gan íoc le CÉRB. Sna cásanna nach raibh luachálacha díorthacha diúltacha clúdaithe cheana le comhthaobhacht ar an dáta foirceannta, tá contrapháirtithe i dteideal éileamh a chur isteach ar aon easnamh faoin nGníomhas Ráthaíochta.

I mí an Mhárta 2013 rinne an Rialtas na feidhmeanna seo a leanas a tharmligean chuig GBCN:

- Éileamh ar íocaíocht a dheimhniú i ndáil leis an nGníomhas Ráthaíochta a rinne an tAire Airgeadais an 29 Samhain 2010; agus
- Suimeanna a íoc amach atá dlite agus iníoctha faoin nGníomhas Ráthaíochta.

Lársheirbhís Chistíochta

Tógann Lársheirbhís Chistíochta GBCN taiscí ó chomhlachtaí neamhthráchtála Stáit, ó údaráis rialtais áitiúil, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó choistí gairmoideachais agus tugann sí airleacain dóibh. Is é an cuspóir rogha eile iomaíoch a thabhairt do na comhlachtaí sin le haghaidh a gcuid gnó cisteáin in ionad na hearnála baincéireachta, agus coigiltis a bhaint amach don Státchiste dá bharr. Ag deireadh 2012, b'ionann iasachtaí na Lársheirbhíse Cistíochta do 19 gcomhlacht ainmnithe san iomlán agus €41.1 milliún. Cuireadh 141 taisce leis an CTS i 2012, lenar bhain meán-iarmhéid €18 milliún.

Ciste na gCuntas Díomhaoin

Faoin *Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001* agus faoin *Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003*, déantar iarmhéideanna ar chuntais dhíomhaoine le bainc, le cumainn foirgníochta agus leis an bPost agus glanluach ina airgead ar pholasaithe áirithe árachais saoil a loghadh chuig an Stát go bliantúil le híoc amach chun críocha carthanachta nó chun críocha leas an phobail. Is gnách gurb í an tréimhse faoi choinne díomhaointeas a shocrú ná 15 bliana ón idirbheart ba dheireanaí a thionscain an custaiméir. I gcás polasaithe árachais saoil lena ngabhann téarma sonraithe, is í an tréimhse ná cúig bliana tar éis dheireadh an téarma sin. Ráthaíonn an reachtaíocht ceart sealbhóirí cuntais agus polasaí a gcuid airgid a athéileamh aon uair ó na forais airgeadais.

Ar feitheamh íoc amach, déanann GBCN bainistíocht ar an airgead i gCiste na gCuntas Díomhaoin. Bhí €161 milliún á bhainistiú ag GBCN ag deireadh 2012. Aistríodh €44 milliún chuig an gCiste i 2012, agus athéilíodh €22 milliún ó chuntais a bhí díomhaoin roimhe sin. B'ionann na heisíocaíochtaí ón gCiste agus €4 milliún i 2012.

Gníomhaíochtaí Eile

Comhlíonann an Lucht Stiúrthóireachta um Maoiniú agus Bainistiú Fiach na feidhmeanna seo a leanas freisin:

- Seirbhísí cistíochta a chur ar fáil do CNP agus do GNBS araon le haghaidh a riachtanas fálaithe de réir mar a thagann siad aníos.
- Seirbhísí cistíochta a chur ar fáil do Leachtaitheoirí Speisialta CÉRB d'fhonn clár comhardaithe a bhainistiú sula ndéanfar iasachtaí a dhíol nó a aistriú chuig GNBS;
- Airgead a fháil ar iasacht ar son na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe faoina gClár Páipéir Thráchtála Ilairgeadra dar luach €6 billiún;
- Dul i mbun oibríochtaí laethúla um bainistiú gearrthéarmach airgid le leibhéal iarmhéideanna airgid an Rialtais i mBanc Ceannais na hÉireann a rialú. Tugtar faoi seo mar chuid den bhainistíocht iomlán ar leachtacht i limistéar an euro ag an mBanc Ceannais Eorpach;
- An Ciste Carbóin a bhainistiú agus creidmheasanna carbóin a cheannach ar son na hÉireann mar chuid d'fhreagairt na hÉireann ar a cuid ceanglas faoi Phrótacal Kyoto. Rinneadh laghdú ar an gceanglas maidir le creidmheasanna carbóin a cheannach chun éifeacht an choir chun donais geilleagraigh a bhaineann le hastuithe gáis cheaptha teasa in Éirinn a léiriú. Níor ceannaíodh aon chreidmheasanna carbóin ó 2009 i leith; agus
- An Ciste Reachtúil d'Institiúidí Cónaithe a infheistiú.

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Ainmnítear GBCN ina nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) nuair atá a bhfeidhmeanna bainistíochta éileamh agus bainistíochta riosca á gcomhlíonadh, éilimh a tharmligtear orthu faoin *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000*. Seo a leanas príomhchuspóirí na GÉS:

- Chun a chinntiú go gcoinnítear dliteanais an Stáit i ndáil le héilimh dhíobhála pearsanta agus dhamáiste réadmhaoine, agus costais na GÉS i ndáil leo a bhainistiú, ag an leibhéal is ísle agus is féidir.
- Cláir oibre riosca dírithe ar dhíobháil phearsanta agus dhamáiste réadmhaoine a chur i bhfeidhm chun riosca dlíthíochta a mhaolú, in údaráis Stáit agus fiontair cúram sláinte, d'fhonn costais dlíthíochta in aghaidh an Stáit amach anseo a laghdú.

Clúdaítear faoi shainchúram na GÉS éilimh a bhaineann le rioscaí díobhála pearsanta agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí agus éilimh a bhaineann le húdaráis Stáit áirithe, lena n-áirítear an Stát féin, airí Rialtais, an tArd-Aighne, fiontair cúram sláinte, Coimisinéir an Gharda Síochána, rialtóirí príosúin, scoileanna pobail agus cuimsitheacha agus eagraíochtaí éagsúla eile. Tá 54 údarás Stáit faoi shainchúram na GÉS. Rinneadh sainchúram na GÉS a leathnú arís i mí Aibreáin 2012 nuair a tharmlig an Rialtas don GÉS bainistiú éilimh i ndáil le táirgí leigheasacha Tailídimíde agus Niméasuilíde (Aulin).

I rith 2012 chinn an Rialtas Aonad um Chostais Dlí a bhunú laistigh den GÉS chun déileáil le costais tríú páirtí a eascróidh as Binsí Fiosrúcháin áirithe. I dtosach, is éilimh na bpáirtithe sin a fuair a gcostais dlí i ndáil lena láithreas ag binsí Mahon agus Moriarty a bheidh á láimhseáil ag an Aonad um Chostais Dlí. Déanfaidh cathaoirligh na mbinsí ábhartha, costais a dheonú do na tríú páirtithe ar dtús, ina n-iomláine nó cuid dóibh, sula gcuirfear a gcostais faoi bhráid an Aonaid um Chostais Dlí le haghaidh imscrúdaithe agus breithiúnais. Meastar go gcuirfear bunús reachtaíochta le feidhmeanna an Aonaid um Chostais Dlí sa bhliain 2013.

Tá sé mar aidhm ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta scéim cúitimh nua a thabhairt isteach do chomhaltaí an Gharda Síochána arna ngortú go mailíseach agus iad ag tabhairt faoina ndualgais. Faoi na bearta nua seo, ní dhéanfar cúiseanna de chuid an Gharda ag lorg cúitimh le haghaidh díobháil phearsanta a tharchur chuig an Ard-Chúirt a thuilleadh le haghaidh breithiúnais ach déanfaidh an GÉS iad a bhainistiú ar son an Aire. Meastar go ndéanfar coigilteas €3 milliún, go príomha mar gheall ar chúiteamh a sheachadadh níos tapa in éineacht le táillí dlíthiúla agus costais riaracháin níos ísle.

Bainistíocht Éileamh

Ba chóir sprioc GÉS i ndáil le bainistíocht éileamh i dtaca le díobháil phearsanta agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí a láimhseáil ionas go gcoinneofaí dliteanais an Stáit ag an leibhéal is ísle agus is féidir. Is iad seo a leanas na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann leis an méid sin:

- I gcásanna ina meastar go bhfuil an Stát faoi dhliteanas nó lena mbaineann cionroinnt dliteanais, is é cur chuige na GÉS éilimh den sórt sin a shocrú go dlúsúil, a mhéid agus is féidir, ar théarmaí réasúnta; agus
- I gcásanna ina ndéanann an Stát agóid go hiomlán i gcoinne an dliteanais, déanfar gach acmhainn riachtanach a chur chun feidhme maidir le cosaint na n-éileamh sin.

Déanann an GÉS bainistíocht ar éileamh ón gcéad fhógra ina leith go dtí réiteach deiridh. Déantar éilimh a imscrúdú go críochnúil agus go tráthúil d'fhonn cinneadh a dhéanamh go luath maidir le dliteanas agus straitéis a éascú.

Ag deireadh 2012, bhí an GÉS ag láimhseáil 5,755 éileamh. B'ionann an dliteanas measta i gcoinne gach éileamh gníomhach agus €1.1 billiún; seo a leanas miondealú air:

Éilimh Ghníomhacha ag Deireadh 2012		
	Éilimh	Dliteanas Measta Gan Íoc €m
Díobháil phearsanta (neamhchliniciúil) agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí	3,103	157.1
Díobháil phearsanta (cliniciúil)	2,652	969.8
Iomlán	**5,755**	**1,126.9**

Foinse: GBCN

Mar thoradh ar tharmligean na bainistíochta éileamh i gcoinne údaráis nua agus mar gheall ar aicmí bhreise éileamh, rinneadh líon na n-éileamh a bhí á láimhseáil ag an GÉS ag deireadh 2012 a mhéadú faoi 8 faoin gcéad i gcomparáid leis an bhfigiúr ag deireadh 2011. Sa bhliain 2012, fuair an GÉS 2,276 éileamh nua agus réitigh siad 1,951 éileamh.

Fuarthas líon níos airde éileamh a bhaineann le díobháil phearsanta (neamhchliniciúil) agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí sa bhliain 2011 mar gheall ar líon mór d'éilimh shláintíochta de chuid príosúnach i gcillí in aghaidh Sheirbhís Príosún na hÉireann. Fuarthas líon níos airde éilimh chliniciúla sa bhliain 2012 mar gheall ar líon mór d'éilimh ag líomhnú go raibh lochtanna in ionchlannáin ortaipéideacha arna ndéanamh ag DePuy Orthopaedics, Inc. Réitíodh líon níos airde éileamh sa bhliain 2012 de bharr réiteach na n-éileamh sláintíochta de chuid príosúnach i gcillí.

Éilimh de réir na Bliana a fuarthas iad	2010	2011	2012
Díobháil phearsanta (neamhchliniciúil) agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí	1,262	2,156	1,449
Díobháil phearsanta (cliniciúil)	544	597	827
Iomlán	**1,806**	**2,753**	**2,276**

Foinse: GBCN

Éilimh de réir na Bliana a réitíodh iad	2010	2011	2012
Díobháil phearsanta (neamhchliniciúil) agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí	1,324	1,218	1,535
Díobháil phearsanta (cliniciúil)	450	431	416
Iomlán	**1,774**	**1,649**	**1,951**

Foinse: GBCN

Díobháil Phearsanta (Neamhchliniciúil) agus Damáiste Réadmhaoine Tríú Páirtí

Ag deireadh 2012, bhí an GÉS ag láimhseáil 3,103 éileamh i leith díobháil phearsanta (neamhchliniciúil) agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí a raibh dliteanas measta €157.1 milliún ag baint leo. Íocadh amach €13 milliún san iomlán ar éilimh den sórt sin i 2012.

Ní cheannaíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) árachas tráchtála a thuilleadh lena neamhchosaint maidir le díobháil phearsanta agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí a chlúdach. In ionad sin, déanann an GÉS na héilimh seo a láimhseáil ar bhonn "íoctar mar a úsáidtear".

Nuair a rinne FSS na catagóirí riosca thuas a chur faoi árachas ar bhonn tráchtála, d'íoc sé níos mó ná €21 milliún ar phréimheanna árachais in aghaidh na bliana. Ciallaíonn sé seo go mbeadh thart ar €63 milliún íoctha ag FSS le trí bliana anuas (2010-2012 san áireamh) agus éilimh a tharla ó 2010 i leith á láimhseáil. Faoi dheireadh 2012 ní raibh ach €1.9 milliún caite ag GÉS ar son FSS maidir le héilimh a tharla ó 2010 i leith a bhainistiú, rud a thugann coigilteas airgid thirim de thart ar €61 milliún. Bunaithe ar an dliteanas measta reatha gan íoc a bhaineann leis na héilimh seo, táthar ag súil go mbainfear coigilteas fadtéarmach €30 milliún amach ar a laghad don Stát trí na héilimh seo a bheith á mbainistiú ag an GÉS.

Éilimh Díobhála Pearsanta (Neamh-Chliniciúil) agus Damáiste Réadmhaoine Tríú Páirtí a Fuarthas i 2012 de réir Cineál Imeachta



Éilimh Díobhála Pearsanta (Neamh-Chliniciúil) agus Damáiste Réadmhaoine Tríú Páirtí a Fuarthas i 2012 de réir Páirtí Díobhálaithe



Foinse: GBCN

Díobháil Phearsanta (Cliniciúil)

Déantar bainistíocht ar éilimh chliniciúla faoi roinnt scéimeanna ar leith atá á bhfeidhmiú ag an GÉS: Faoin bpríomhscéim - an Scéim Slánaíochta Cliniciúla - tá freagracht ar an SCA as bainistíocht gach éileamh cliniciúil a ghlactar i gcoinne fiontair cúram sláinte poiblí agus cleachtóirí altranais chliniciúil agus a gcleachtóirí comhghaolmhara cúram sláinte.

Bhain an GÉS coigilteas suntasach amach ar éilimh agus costais dlí a bhaineann le bainistíocht na n-éileamh cliniciúil i 2012. Measadh i measúnú achtúireach neamhspleách go mbeadh €127.5 milliún ag teastáil chun freastal ar héilimh chliniciúla agus na costais a bhaineann leo i rith na bliana. B'ionann an glanchostas, suimeanna a fuarthas ar ais ó thríú páirtithe san áireamh, agus €84 milliún – seasann sé seo do choigilteas €43.5 milliún nó 34 faoin gcéad.

Ag deireadh 2012, bhí an GÉS ag láimhseáil 2,652 éileamh cliniciúil a raibh dliteanas measta €969.8 milliún ag baint leo.

Éilimh Chliniciúla a Fuarthas i 2012 de réir Speisialtachta



Éilimh Chliniciúla a Fuarthas i 2012 de réir Cineál Imeachta



Foinse: GBCN

Tionscnaimh i ndáil le Coigilteas Costais

Tá an GÉS faoi shainordú go gcoinnítear dliteanais an Stáit i ndáil le héilimh dhíobhála pearsanta, agus costais an SCA i ndáil leo a bhainistiú, ag an leibhéal is ísle agus is féidir. Thug GÉS faoi roinnt tionscnaimh a bhaineann le coigilteas costas le déanaí mar atá leagtha síos thíos.

Táillí Aturnaetha

In 2010/2011 chuir an GÉS cuireadh chun tairiscintí amach i ndáil le seirbhísí dlí a sholáthar ag gnólachtaí aturnaetha dá phunanna d'éileamh i leith díobháil phearsanta (neamhchliniciúil), damáiste réadmhaoine tríú páirtí agus éilimh chliniciúla. I ndiaidh na tairisceana, laghdaigh an GÉS leibhéal na dtáillí arna n-íoc leis na gnólachtaí aturnaetha coimeádta de thart ar 25 faoin gcéad.

Ina theannta sin chuir an GÉS teorainn le leibhéil na dtáillí arna n-íoc lena phainéal aturnaetha i ndáil le díobháil thubaisteach.

Táillí Abhcóidí

I 2012 d'fhógair an GÉS struchtúr nua soláthair a cheanglaíonn ar abhcóidí úsáid a bhaint as próiseas tairisceana iomaíoch faoina gcuirtear teorainn lena dtáillí ag 25 faoin gcéad níos lú ná na leibhéil reatha. Ba é seo an chéad uair a bhfuair gníomhaireacht de chuid an Stáit abhcóidí do dhlíthíocht díobhála pearsanta ar an modh seo. Faoin bpróiseas soláthair nua, bhí ceangal ar abhcóidí a dtáillí a leagan síos - faoi réir na dteorainneacha faoi seach arna sonrú ag an GÉS - le haghaidh raon leathan seirbhísí dlí i ndáil le caingne díobhála pearsanta sa Chúirt Dúiche, sa Chúirt Chuarda agus san Ard-Chúirt. Rinneadh foráil leis an struchtúr soláthair nua freisin do phainéal abhcóidí, chun seirbhísí a chur ar fáil don GÉS, a raibh níos lú ná 5 bliana cleachtais/taithí acu, ionas go bhféadfaidís taithí ábhartha a fháil i réimse na gcaingne díobhála pearsanta. Ba thionscnamh é seo de chuid an GÉS chun abhcóidí níos óige a spreagadh agus chun tuilleadh iomaíochta a chruthú ag Barra na hÉireann trí líon na n-abhcóidí a mhéadú. Mheall an tionscnamh soláthair abhcóidí thart ar 1,000 iarratas.

Bainistíocht Éileamh Optamach agus úsáid Fhoireann Dlí Inmheánach na GÉS

Déanann foirne GÉS um bainistíocht éileamh iarracht, chomh fada agus is féidir, agus sna cásanna cuí, éilimh a shocrú sula ndéanfar imeachtaí dlí a eisiúint ná a sheirbheáil, agus déantar costais dlí iomlána an Stáit a laghdú dá réir sin. Ina theannta sin, déanann foireann dlí inmheánach na GÉS cuid de na héilimh chionroinnte a láimhseáil, agus laghdaítear na costais seachfhoinsithe i ndáil le seirbhísí dlí dá réir sin. I 2012 rinneadh an fhoireann dlí inmheánach a fhorbairt agus bunaíodh foireann dlí tiomanta ar leith chun déileáil le héilimh chliniciúla. Nuair a bheidh an fhoireann seo bunaithe go hiomlán meastar go mbainfear amach coigilteas bliana thart ar €4 milliún.

Costais Dlí an Éilitheora

Déantar athbhreithniú cúramach ar leibhéal na gcostas dlí arna n-íoc d'ionadaithe dlí an éilitheora agus, nuair is féidir agus trí idirbheartaíocht, déanann an GÉS iarracht an laghdú uasta a fháil ar

chostais dlí. Mura n-éiríonn leis an GÉS aontú ar leibhéal na gcostas dlí a íocfar le hionadaithe dlí an ghearánaí, is é an Máistir Fómhais a dhéanfaidh an cinneadh.

Coigilteas Costais Dlí Idirbheartaithe			
	2010	2011	2012
Coigilteas Iomlán Idirbheartaithe	€5.5m	€7.1m	€8.0m

Foinse: GBCN

Gnóthú Airgid/Ranníocaíochtaí Tríú Páirtí

Téann GÉS i ndiaidh go láidir gnóthú uile airgeadais agus is féidir de réir dhea-chleachtais i ndáil le héilimh agus mar atá ceadaithe de réir an dlí. Sampla den sórt sin ná airgead a ghnóthú trí ranníocaíochtaí ó thríú páirtí/ó chomhchosantóir. Cibé acu trí bhreithiúnas na cúirte nó chomhaontú leis an tríú páirtí/leis an gcomhchosantóir, féadfaidh an tríú páirtí/comhchosantóir céatadán sonraithe rannaíochta i ndáil le héilimh áirithe a íoc leis an GÉS. Ina theannta sin, i gcásanna áirithe, féadfar cúiteamh a fháil ina iomláine ó thríú páirtí/ó chomhchosantóir.

Gnóthú			
	2010	2011	2012
Gnóthú Iomlán	€6.1m	€15.2m	€3.9m

Foinse: GBCN

Bainistíocht Riosca

Is mór an méid a dhéanann an Stát a shlánú agus a dhéanann an GÉS a bhainistiú sa "chruinne riosca". Mar shampla, cuimsíonn sé breis agus 200,000 fostaí de chuid an Stáit agus úsáideoirí uile na seirbhísí cúram sláinte poiblí (déanann cúram sláinte poiblí teagmháil leis an bpobal thart ar 7 milliún uair in aghaidh na bliana). Cuimsíonn sé freisin seirbhísí poiblí, de bharr a nádúir, lena ngabhann gníomhaíochtaí riosca níos airde, amhail cúram cliniciúil a sholáthar in ospidéil, pearsanra Óglaigh na hÉireann ar oibríochtaí thar lear, comhaltaí de chuid an Gharda Síochána ar dhualgas oibríochtúil, iniúchtaí custam, seirbhísí práinnfhreagartha agus coimeád príosúnach.

Sprioc bhainistíocht riosca na GÉS, agus a dhualgas reachtúil, ná comhairle a chur ar údaráis Stáit agus fiontair cúram sláinte poiblí, agus iad a chuidiú freisin, maidir le bearta a bheidh le tógáil chun gníomh nó neamhghníomh a chosc nó an teagmhas a laghdú, d'imeachtaí díobhálacha de dhíobháil phearsanta, dhamáiste réadmhaoine nó fhaillí liachta a bhféadfadh éilimh eascairt astu. Díríonn clár na GÉS maidir le bainistíocht riosca chliniciúil ar chomhoibriú le bainisteoirí riosca agus pearsanra eile i bhfiontair cúram sláinte eile chun tacú le slándáil othar. Díríonn an clár um bainistíocht riosca i ndáil le díobháil phearsanta agus damáiste réadmhaoine ar chomhairle agus tacaíocht a chur ar fáil d'údaráis de chuid an Stáit agus fiontair cúram sláinte taobh istigh dá théarmaí tagartha maidir le struchtúir bainistíocht riosca, foirgnimh a chothabháil, sábháilteacht dóiteáin, bainistíocht sláinte agus sábháilteachta agus comhshaoil.

Go sonrach, soláthraíonn an GÉS raon seirbhísí bainistíocht riosca praiticiúil agus comhairle lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- An Córas Náisiúnta um Bainistíocht Imeachtaí Díobhálacha (NAEMS), bunachar sonraí ar líne a éascaíonn tuairisciú díreach maidir le himeachtaí díobhálacha ag údaráis Stáit agus fiontair cúram sláinte a óstáil;
- Anailís a dhéanamh ar shonraí maidir le héileamh agus imeachtaí díobhálacha agus an anailís seo a sholáthar d'údaráis Stáit agus fiontair cúram sláinte d'fhonn braislí riosca a aithint;
- Treoir maidir le bainistíocht riosca a fhoilsiú agus uirlisí praiticiúla i ndáil le bainistíocht riosca a sholáthar;
- Faisnéis agus oiliúint a sholáthar trí sheimineáir agus foilseacháin, lena n-áirítear láithreán gréasáin agus nuacht litreacha na GÉS;
- Réitigh maidir le bainistíocht riosca a sholáthar go díreach d'údaráis Stáit agus d'fhiontair cúram sláinte i ndáil le saincheisteanna riosca sonracha;
- Athbhreithnithe ar bhainistíocht riosca a chur i gcrích agus cabhrú le forbairt agus cur i bhfeidhm bhearta agus nósanna imeachta na n-údarás Stáit maidir le bainistíocht riosca;
- Tacú le cur i bhfeidhm mholtaí na GÉS, a eiseofar d'údaráis Stáit; agus
- Comhairle maidir le hárachas, cúiteamh agus dliteanas a sholáthar d'údaráis stáit agus d'fhiontair cúram sláinte.

Gach bliain, cuireann an GÉS cláir oibre maidir le bainistíocht riosca dhlíthíochta i gcrích in éineacht le cliaint arb iad údaráis Stáit agus fiontair cúram sláinte. Léirigh údaráis Stáit agus fiontair cúram sláinte a ghlac páirt go gníomhach i gcláir le tacaíocht na GÉS laghdú suntasach ar líon agus ar chostais na n-imeachtaí díobhálacha agus laghdú ar líon agus ar chostais na n-éileamh dá bharr.

Déantar achoimre thíos ar thionscadail shuntasacha maidir le bainistíocht riosca a cuireadh i gcrích i rith 2012.

Cosaint Leanaí

D'fhoilsigh an GÉS agus Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha cinntí a suirbhé: *Survey of the Management of Child Protection and Welfare in Community and Comprehensive Schools* i mí na Samhna 2012. Leis an suirbhé seo, rinneadh iarracht measúnú a dhéanamh ar na cleachtaí agus na socruithe reatha i ndáil le cosaint agus leas leanaí a bhainistiú agus cuireadh freagairtí ó 56 scoil phobail agus chuimsitheach san áireamh.

Rinneadh scoileanna a thagarmharcáil i ndáil leis an treoir náisiúnta reatha *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* agus i ndáil le nósanna imeachta agus ciorcláin ghaolmhara na Roinne Oideachais agus Scileanna. Cuireadh torthaí an tsuirbhé i láthair do scoileanna pobail agus cuimsitheacha in éineacht le cinntí agus moltaí.

Sonraíodh céim thábhachtach sa suirbhé seo maidir le cur ar chumas scoileanna dul i ngleic leis na ceanglais dlí arna leagan síos

i mBille *Tús Áite do Leanaí* atá beartaithe ag an Rialtas ina ndírítear ar thimpeallacht shábháilte a sholáthar do leanaí. Chuir sé measúnú soiléir ar fáil ar láidreacht na mbeart reatha um chosaint agus leas leanaí agus d'aithin sé tuilleadh beart a d'fhéadfaí a chur chun feidhme thar earnáil na scoileanna pobail agus cuimsitheacha.

Sábháilteacht Dóiteáin

In 2009 agus 2010 chuir an GÉS suirbhé i gcrích, arna thacú le hiniúchtaí fíorúcháin samplacha, de bhainistíocht na sábháilteachta dóiteáin thar fhoirgnimh na n-údarás Stáit. Cuimsíodh breis agus 730 foirgneamh sa suirbhé agus cuireadh tuarascálacha ar leith chuig gach údarás Stáit. Ceann de na príomh-mholtaí i dtuarascáil an tsuirbhé ná gur chóir d'údaráis Stáit a áirithiú go bhfuil measúnuithe riosca dóiteáin sonracha ag gach foirgneamh agus de réir ceanglais dhea-chleachtais. Tar éis an tsuirbhé seo, agus chun cuidiú le cur chun feidhme an mholta seo, reáchtáil an GÉS sraith sheimineár i 2012 dírithe ar chomhairle phraiticiúil a chur ar fáil d'údaráis Stáit maidir le bainistíocht na sábháilteachta dóiteáin.

Bhí ionadaithe ó bheagnach
40 údarás Stáit i láthair ag na seimineáir. Chomh maith le cainteoirí na GÉS bhí aoichainteoirí ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Soláthraíodh do na daoine a bhí i láthair príomhghnéithe bhainistíocht na sábháilteachta dóiteáin agus na riachtanais agus modheolaíocht a bhaineann le measúnuithe riosca dóiteáin a chur i gcrích. D'fhorbair agus thriail an GÉS, agus é ag ullmhú do na seimineáir, i gcomhar le roinnt údaráis Stáit, cur chuige níos simplí maidir le measúnú ar shábháilteacht dóiteáin a bhaineann le cineálacha rioscaí dóiteáin atá cuí d'údaráis Stáit a chomhlíonann na ceanglais arna leagan síos sa reachtaíocht chomh maith leis an dualgas cúraim a chomhlíonadh faoin dlí coiteann. Soláthraíodh na huirlisí agus na pleananna práinne maidir le bainistíocht na sábháilteachta dóiteáin do na húdaráis Stáit uile.

Nochtadh Oscailte

Chuir an GÉS, i gcomhar le FSS agus leis an gCumann Cosanta Leighis, tionscadal píolótach i gcrích ag Ospidéal Mater Misericordiae agus Ospidéal Ollscoil Chorcaí agus an sprioc a bhí leis ná oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do dhochtúirí agus do ghairmithe cúram sláinte eile le cabhrú leo páirt a ghlacadh sa phróiseas maidir le nochtadh oscailte i gcás imeacht díobhálach cliniciúil.

Go traidisiúnta, measadh nach mbeidh na slánaíochtóirí sásta le hadmháil i leith imeacht díobhálach cliniciúil, nó leithscéal i leith an chéanna.

Tá fianaise idirnáisiúnta an-láidir ann, áfach, chun tacú leis an gcoincheap go dtagann laghdú ar líon agus ar chostais na n-éileamh de bharr nochtadh oscailte. Tuairiscíonn roinnt iar-dhlíthithe go ndearna siad agra mar cheap siad nach raibh siad ag fáil freagraí macánta, nó ós rud é nár ghabh gairmithe cúram sláinte ná bainisteoirí ospidéil leithscéal ar an díobháil a rinneadh don othar.

Chuir an tionscadal seo eolas le glacadh níos leithne an nochta oscailte ar fud na tíre.

Córas Bainistíochta Náisiúnta Imeachtaí Díobhálacha

Tá na húdaráis Stáit agus fiontair cúram sláinte uile laistigh de théarmaí tagartha na GÉS faoi cheangal dlí tuairisciú cuimsitheach a thabhairt don GÉS i leith gach imeachta díobhálaigh. Chun é seo a éascú, is féidir imeachtaí díobhálacha a bhaineann le díobháil phearsanta, chliniciúil agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí a thuairisciú tríd an gCóras Bainistíochta Náisiúnta Imeachtaí Díobhálacha (NAEMS) atá gréasán-bhunaithe agus arna óstáil ag an GÉS ar mhaithe le húdaráis Stáit agus fiontair cúram sláinte taobh istigh dá théarmaí tagartha. Le déanaí d'athdhearbhaigh an Roinn Sláinte gurb é an bunachar sonraí an príomhchóras taifeadta agus bainistíochta maidir le gach imeacht díobhálach a tharlaíonn sa chóras cúram sláinte poiblí.

Soláthraíonn bunachar NAEMS eochairfhaisnéis ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil chun cabhrú le rioscaí díobhála pearsanta, cliniciúla agus damáiste réadmhaoine tríú páirtí a aithint agus a bhainistiú. Cabhraíonn sé leis an GÉS treochtaí agus patrúin forbraíochta a aithint agus anailís a dhéanamh orthu agus cabhraíonn sé le hiniúchadh agus bainistíocht éileamh. Baineann achtúirí na GÉS úsáid as freisin chun dliteanas airgid na n-éileamh reatha agus amach anseo a ríomh. Úsáideann údaráis Stáit agus fiontair cúram sláinte le rochtain ar thairseach gréasáin NAEMS an córas chun braislí imeachtaí díobhálacha a aithint agus chun anailís ar na bunchúiseanna ar leibhéal áitiúil a dhéanamh.

Chuir NAEMS taca faoi bhunú na GÉS agus faoina scéimeanna éagsúla cúitimh agus sholáthraigh sé córas bainistíochta agus tuairiscithe náisiúnta i leith imeacht díobhálach cliniciúil-an chéad chóras dá leithéid san Eoraip. Chun dul i ngleic le riachtanais athruithe a chliaint, údaráis Stáit agus an chórais cúram sláinte poiblí, tá an GÉS, i gcomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara, ag tabhairt faoi mhór-uasghrádú ar an gcóras chun freastal ar riachtanais a chliantúsáideoirí ar bhealach níos fearr agus chun acmhainn iontrála agus tuairiscithe na n-imeachtaí díobhálacha a fheabhsú agus chun a fheidhmíocht ó cheann go ceann don bhainistíocht imeachta díobhálaigh, don bhainistíocht beartais agus don uirlis iniúchta a chur i bhfeidhm.

Cuireadh tús le céim 1 den uasghrádú, a dhéanfaidh foirmeacha chun sonraí a iontráil uasghrádaithe agus cliste a sheachadadh agus a fheabhsóidh go suntasach acmhainní tuairiscithe don úsáideoir, go déanach i 2012 agus críochnófar agus cuirfear i bhfeidhm é ar bhonn náisiúnta faoi dheireadh 2013. Cuirfear tús le céim 2, le bainistíocht imeachtaí díobhálacha ó cheann go ceann agus uirlisí feabhsaithe anailíse ar bhunchúiseanna, in 2014. Nuair a bheidh sé críochnaithe, meastar go n-úsáidfidh Ranna uile an Rialtais, fiontair cúram sláinte agus an líon mór gníomhaireachtaí taobh istigh de théarmaí tagartha na GÉS an réiteach seo atá éifeachtúil ó thaobh costais de chun imeachtaí díobhálacha a thuairisciú agus a bhainistiú.

An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh

Cúlra agus Feidhmeanna

I mí Mheán Fómhair 2011, d'fhógair an Rialtas bunú an Údaráis um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (NewERA) laistigh de GBCN, ar bhonn neamhreachtúil ar dtús. Baineann ról lárnach NewERA le maoirseacht feidhmíochta airgeadais, straitéis chorparáideach agus pleananna caipitil agus infheistíochta na gcúig chomhlacht leath-stáit taobh istigh dá théarmaí tagartha – BSL, Bord Gáis Éireann (BGE), EirGrid, Bord na Móna agus Coillte – agus le hoibriú le páirtithe leasmhara chun tograí a fhorbairt agus a struchtúrú le haghaidh infheistíochta san fhuinneamh, sa leathanbhanda agus in uisce chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch. Baineann ról NewERA freisin, nuair a iarrtar air, le comhairle a chur ar fáil maidir le sócmhainní Stáit a dhiúscairt nó a athstruchtúrú.

I rith 2012, an chéad bhliain iomlán dá oibríochtaí, sholáthraigh NewERA comhairle airgeadais chorparáideach neamhspleách agus anailís airgeadais don Rialtas ar réimse leathan saincheisteanna taobh istigh dá théarmaí tagartha agus chuaigh sé i dteagmháil go gníomhach le páirtithe leasmhara agus le Ranna Rialtais.

I mí an Mheithimh 2013 d'fhógair an Rialtas tograí reachtacha chun bunús reachtaíochta a chur le NewERA.

Maoiniú Airgeadais agus Comhairle Rialachais

I rith 2012 chuir NewERA tús le clár struchtúrtha maidir le teagmháil a dhéanamh leis na cúig chomhlacht tráchtála leath-stáit taobh istigh dá théarmaí tagartha ar bhonn ráithiúil. Díríonn an rannpháirtíocht seo ar fheidhmíocht airgeadais na gcomhlachtaí seo a ghineann ioncaim thart ar €6 billiún in aghaidh na bliana agus a úsáideann caipiteal thart ar €13.6 billiún.

Sholáthraigh NewERA freisin anailís airgeadais mhionsonraithe agus moltaí (mar is cuí) d'Airí ábhartha ar 45 iarratas san iomlán ar chomhairle a bhain leis na comhlachtaí tráchtála leath-stáit, lena n-áirítear €2.5 billiún in iarratais a bhain le hairgeadas agus €1 billiún in iarratais ar chaiteachas caipitiúil le haghaidh tionscadal.

Tagann na hiarratais seo go príomha ó oibleagáidí reachtaíochta atá ar chomhlachtaí tráchtála leath-stáit go gcaithfidh siad cead a lorg ón Aire (e.g. chun iasacht a fháil d'eintiteas) nó eascraíonn siad as an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Seo a leanas léargas ginearálta ar na hiarratais seo, miondealaithe de réir comhlachta agus catagóire:

Iarratais de réir Comhlachta



Foinse: GBCN

Iarratais de réir Cineáil



Tabhair faoi deara: Cuimsíonn "eile" comhairle ar ábhair amhail pinsin agus bunú fochuideachtaí

Foinse: GBCN

Diúscairtí Sócmhainní Stáit

Fógraíodh cinneadh an Rialtais maidir le diúscairt sócmhainní Stáit i mí Feabhra 2012. Chinn an Rialtas go n-áireofar díol ghnó fuinnimh Bhord Gáis Éireann agus cuid de chumas giniúna cumhachta neamh-straitéisí BSL sna roghanna diúscartha sócmhainní a bheidh le saothrú agus aird á tabhairt freisin ar dhíolacháin shócmhainní áirithe Choillte, gan díolachán talún san áireamh, agus díolachán scairsheilbhe an Stáit in Aer Lingus nuair a bheidh coinníollacha fabhracha sa mhargadh agus praghas inghlactha ann.

Bord Gáis Éireann: Diúscairt an Ghnó Fuinnimh

Tá NewERA ag feidhmiú mar bhainisteoir tionscadail ar an bpróiseas seo ar son an Rialtais agus ag áirithiú go mbainfear amach spriocanna na bpáirtithe leasmhara i ndáil leis an díolachán. San áireamh sna gníomhaíochtaí a rinneadh tá an méid seo a leanas:

- Tuarascáil mhionsonraithe réamh-idirbhirt ina leagtar amach luacháil léirithe, meastachán ar shuim infheisteoirí ionchasacha, saincheisteanna idirbhirt ionchasacha agus garspriocanna oibriúcháin a bheidh le baint amach sula seolfar an t-idirbheart;
- Socruithe oibriúcháin aontaithe le BGE maidir le bainistíocht an idirbhirt ó lá go lá lena n-áirítear rannpháirtíocht i ngrúpa bainistíochta idirbheart BGE; agus
- Anailís mhionsonraithe ar struchtúir chaipitiúla ionchasacha BGE tar éis na diúscartha agus meastachán ar na fáltais dhóchúla don Stát, i gcomhthéacs rátáil chreidmheasa ghrád infheistíochta BGE.

BSL: Cumas Giniúna Cumhachta Neamh-straitéisí a Dhiúscairt

D'iarr an Rialtas ar BSL tograí a fhorbairt maidir le roinnt cumas giniúna neamh-straitéisí a dhíol, leis an sprioc sonrach díbhinní speisialta a sheachadadh don Rialtas dírithe ar suas go €400 milliún faoi dheireadh 2014. Tá NewERA ag soláthar comhairle airgeadais don Rialtas i ndáil leis an bpróiseas seo, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Anailís ar thograí diúscartha stáisiún BSL, lena n-áirítear raon oll-luachála ionchais;
- Anailís ar thionchar ionchasach diúscairtí ar mhéadracht creidmheasa agus rátáil chreidmheasa BSL;
- Anailís ar chandam díbhinní ionchasacha don Stát i gcomhthéacs rátáil chreidmheasa gráid-infheistíochta BSL; agus
- Teagmháil leanúnach le BSL i ndáil leis an bpróiseas diúscartha.

Aer Lingus: Scairsheilbh an Rialtais a Dhiúscairt

Tá NewERA ag cur comhairle ar Ghrúpa Stiúrtha an Rialtais arna bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna agus ar an uainiú cuí maidir le scairsheilbh an Stáit in Aer Lingus a dhiúscairt. Chuimsigh a chuid oibre i rith 2012 an méid seo a leanas:

- Comhairle airgeadais agus thráchtála do Ghrúpa Stiúrtha an Rialtais i ndáil le tairiscint Ryanair plc ar Aer Lingus i mí an Mheithimh 2012;
- Tuarascáil maidir le Luacháil Tháscach mhionsonraithe a ullmhú do Ghrúpa Stiúrtha an Rialtais;
- Nuashonruithe ar choinníollacha an mhargaidh cothromais, ar fheidhmíocht Aer Lingus agus réamh-athbhreithniú ar roghanna diúscartha; agus
- Réamhanailís ar roghanna diúscartha scairsheilbhe bunaithe ar iniúchadh an Choimisiúin Eorpaigh ar thairiscint Ryanair faoi rialacha AE um rialú cumaisc.

I mí Feabhra 2013 d'fhógair an Coimisiún Eorpach a chinneadh go gcuirfear bac ar thairiscint Ryanair le haghaidh Aer Lingus. Tá sé ráite ag Ryanair go ndéanfaidh siad achomharc in aghaidh an chinnidh.

Coillte: Breithniú maidir le Diúscairt Fhéideartha de Chearta Bainte

Sholáthraigh NewERA, ag obair go dlúth le Coillte, comhairle airgeadais agus thráchtála mhionsonraithe don Rialtas i ndáil le himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag cearta bainte a dhiúscairt, lena n-áirítear:

- Luacháil tháscach a leagan amach, breithniú ar shuim ó infheisteoirí agus saincheisteanna ionchasacha maidir le hidirbhearta a aithint; agus
- Gnéithe airgeadais, cuntasaíochta, cánachais agus teicniúla an idirbhirt ionchasaigh a mheas móide breithniú ar na himpleachtaí do Choillte.

I mí an Mheithimh 2013 d'fhógair an Rialtas nach raibh siad chun dul ar aghaidh le díolachán na gceart bainte i gCoillte agus go ndíreofar anois ar athstruchtúrú Choillte, maoirsithe ag NewERA agus Ranna na bpáirtithe leasmhara cuí. D'fhógair an Rialtas freisin go ndéanfar tuilleadh anailís airgeadais chun bailíocht chumasc Bhord na Móna agus Choillte a mheas.

Gníomhaíochtaí chun Infheistíocht sa Bhonneagar Eacnamaíochta a Éascú

Uisce Éireann

I mí Aibreáin 2012, d'fhógair an Rialtas bunú Uisce Éireann mar fhochuideachta de chuid Bhord Gáis Éireann. Tá comhairle chuimsitheach curtha ar fáil ag NewERA don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le gnéithe airgeadais a bhaineann le fóntas nua a bhunú. Chuimsigh sé seo:

- Samhail airgeadais mhionsonraithe a chur le chéile chun anailís a éascú ar an mbonn costais agus ar shreabhadh airgid oibriúcháin le haghaidh raon cásanna d'Uisce Éireann chun cuidiú leis an Rialtas i ndáil le measúnú a dhéanamh ar cheanglais mhaoinithe dhóchúla Uisce Éireann;
- Comhairle a thabhairt maidir le struchtúir chaipitiúla ionchasacha a chomhlíonann sriantaí éagsúla cuntasaíochta agus rátála creidmheasa.
- Ionchur sa dréachtreachtaíocht i ndáil le struchtúr caipitiúil agus socruithe rialachais chorparáidigh d'Uisce Éireann; agus
- Teagmháil leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) i ndáil le maoiniú a sholáthar ó CNP d'Uisce Éireann.

Iarfheistiú Fuinnimh

Tá baint ag Iarfheistiú Fuinnimh le hinfheistíocht i bhfoirgnimh bhaile, phoiblí agus thráchtála d'fhonn cabhrú le hÉirinn a ceangaltas maidir le laghdú 20 faoin gcéad san éileamh fuinnimh a bhaint amach faoi 2020 trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh. D'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Ciste Éifeachtúlachta Fuinnimh Náisiúnta (an "Ciste") i mBuiséad 2013 chun tionscadail um éifeachtúlacht fuinnimh a mhaoiniú san earnáil ghnó le maoiniú soláthraithe ar bhonn tráchtála.

Léirigh an Rialtas, mar a d'fhógair an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, go bhfuil sé ar intinn acu €35 milliún a sholáthar mar shíolchaipiteal d'fhonn ciste €70 milliún a bhunú i gcomhar le hinfheistíocht ón earnáil phríobháideach. I rith 2012 rinne NewERA anailís ar struchtúr an Chiste agus chuaigh sé i dteagmháil le roinnt páirtithe leasmhara, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh, bainisteoirí banc agus infheistíochta, i ndáil le hachoimre ar théarmaí agus coinníollacha an Chiste. Cuirfear tús le próiseas iomaíoch i ndáil le bunú an Chiste sa dara leath de 2013.

Gaoth a Onnmhairiú

I 2012 lean an Rialtas le hiniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le honnmhairí fuinnimh in-athnuaite do thíortha eile an Aontais Eorpaigh, go háirithe an Ríocht Aontaithe. Chuir NewERA, i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, tuarascáil mhionsonraithe ar fáil don Rialtas ar na saincheisteanna a bhaineann leis an ngaoth a onnmhairiú lena n-áirítear breithnithe an Aontais Eorpaigh, túsmheasúnú ar eacnamaíocht ábhartha leictreachais in-athnuaite in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, saincheisteanna ionchasacha eangaí agus pleanála, amlínte beartaithe don tionscadal agus ceanglais mhaoinithe. Leanann NewERA leis ag soláthar comhairle airgeadais agus anailíse ar an tionscadal seo.

Leathanbhanda

D'fhógair an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an Plean Náisiúnta Leathanbhanda an 30 Lúnasa 2012 leis an sprioc leathanbhanda ardluais a chur ar fáil do na teaghlaigh/gnólachtaí uile in Éirinn i rith shaolré an Rialtais. Aithníonn an Plean go mbeidh gá le tuilleadh ionchuir ón Stát i gceantair nach féidir líonraí leathanbhanda ardluais a úsáid ar bhonn tráchtála. Is ball é NewERA den ghrúpa stiúrtha ardleibhéil arna bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean. Mar chuid den Phlean thug NewERA faoi athbhreithniú ar shócmhainní ábhartha an Stáit atá faoi úinéireacht eintitis tráchtála agus neamhthráchtála an Stáit chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid deiseanna atá ann chun cur i bhfeidhm leathanbhanda ardluais a fheabhsú ar bhonn tráchtála chun tacú le seachadadh spriocanna an Rialtais maidir le leathanbhanda.

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Creat Reachtach agus Oibriúcháin

Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ("an Ciste") i mí Aibreáin 2001 agus bhí sé mar aidhm acu na costais as leas sóisialach agus as pinsin seirbhíse poiblí ó 2025 ar aghaidh a bhaint amach a oiread agus a d'fhéadfaí. Is é Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean a rialaíonn an Ciste agus comhlíonann an Coimisiún a chuid feidhmeanna trí GBCN, bainisteoir an Chiste. Tá Príomhfheidhmeannach GBCN ina Chathaoirleach *ex officio* ar GAFN.

Foilsíonn an Coimisiún tuarascáil bhliantúil agus cuntais mhionsonraithe ar leith.

Faoi bhunbheartas infheistíochta reachtúla an Chiste, tá ceanglas ar an gCoimisiún sócmhainní an Chiste a infheistiú d'fhonn an toradh iomlán airgeadais is fearr is féidir a bhaint amach, ag féachaint do chuspóir an Chiste agus do na riachtanais atá ar an gCiste chun íocaíochtaí a dhéanamh leis an Státchiste, ar choinníoll go bhfuil an leibhéal riosca a bhaineann leis an airgead sealbhaithe nó infheistithe inghlactha don Choimisiún. Chuir an Coimisiún a straitéis infheistíochta i bhfeidhm le punann éagsúlaithe dhomhanda a chuimsíonn gnáthscaireanna luaite, bannaí, réadmhaoin, gnáthscair phríobháideach, tráchtearraí agus glantorthaí cistí.

Tháinig athrú mór ar chreat reachtach agus oibriúcháin an Chiste sa bhliain 2009 nuair a chinn an Rialtas leas a bhaint as cuid de shócmhainní an Chiste chun cabhrú le déileáil leis an ngéarchéim airgeadais roimh Éirinn. Ó 2009 i leith, d'infheistigh an Ciste €20.7 billiún san iomlán i mBainc-Aontas Éireann (AIB) agus i mBanc na hÉireann, ar threoir ón Aire Airgeadais, lena n-áirítear €10 billiún a infheistíodh le linn 2011 mar chuid de Chlár an AE/CAI.

Leanann an Coimisiún leis ag bainistiú iarmhéid an Chiste de réir a bhunbheartais infheistíochta reachtúil.

I mí Mheán Fómhair 2011 d'fhógair an Rialtas a rún faoi thionscnamh an Chiste Infheistíochta Straitéisí acmhainní ón gCiste a sheoladh, tar éis athruithe cuí ar a reachtaíocht rialachais, chuig infheistíocht tháirgiúil i ngeilleagar na hÉireann. I mí an Mheithimh 2013 d'fhógair an Rialtas tograí reachtacha chun Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) a bhunú a dhéanfaidh an Ciste a chomhghabháil agus ag a mbeidh sainordú reachtach infheistíocht a dhéanamh i ngeilleagar na hÉireann chun tacú le gníomhaíocht agus fostaíocht eacnamaíoch, ag tógáil ar thionscnaimh arna ndéanamh cheana ag an gCiste sa réimse seo. Beidh infheistíocht dhírithe an Chiste ag CISÉ i mBanc na hÉireann agus AIB.

Beidh baint ag na tograí le díscaoileadh Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus maoirseacht agus bainistiú CISÉ ag Bord agus Coiste Infheistíochta nua GBCN.

Straitéis Leithdháilte agus Caomhnaithe Caipitil na hÉireann

Ag feitheamh ar na hathruithe reachtaíochta dá dtagraítear thuas, chinn an Coimisiún go bhféadfar 20 faoin gcéad den Chiste a leithdháileadh ar infheistíochtaí in Éirinn, ag ligean dó deiseanna infheistíochta mealltacha a thapú agus fós ag áirithiú go mbeadh riosca comhchruinnithe de thoradh ar leibhéal méadaithe infheistíochta in Éirinn laistigh de theorainneacha inghlactha go fóill.

D'admhaigh an Coimisiún freisin maidir leis na hathruithe beartaithe ar shainchúram infheistíochta an Chiste gur ghá caipiteal a chaomhnú (an "Straitéis Caomhnaithe Caipitil") d'fhonn fáil ar acmhainní a áirithiú nuair a rinneadh deiseanna infheistíochta tráchtála cuí in Éirinn a fhorbairt nó a fhoinsiú. Ag an am céanna, de réir na straitéise infheistíochta arna forbairt chun a shainordú reatha reachtach a chur chun feidhme, ba ghá acmhainn an Chiste a choimeád maidir le páirt a ghlacadh i ngnóthachain dá n-éireodh le margaí cothromais.

Mheas an Coimisiún gurbh modh é an Straitéis Caomhnaithe Caipitil chun prionsabal "an duine stuama" a chur chun feidhme, ag cumasc cloí le straitéis infheistíochta fadtéarmaí an Chiste le cur chuige gnáthchéille maidir le luaineacht a laghdú mar gheall ar ghlaonna ar shócmhainní an Chiste don infheistíocht in Éirinn amach anseo. Cuireadh an Straitéis Caomhnaithe Caipitil i bhfeidhm trí chuid de shuíomhanna cothromais an Chiste a dhíol agus céadroghanna cothromais a cheannach.

An tEolas is Deireanaí ar an bPunann agus ar Fheidhmíocht

Tuairiscíonn an Ciste ar thrí leibhéal a áiríonn (i) an Phunann Lánroghnach (agus tá freagracht ar an gCoimisiún as a cuid infheistíochta), (ii) an Phunann faoi Threoir (ina ndéantar infheistíochtaí beartais phoiblí le hordú an Aire Airgeadais), agus (iii) an Ciste Iomlán.

Amhail deireadh 2012, b'ionann luach iomlán an Chiste agus €14.7 billiún. Bhí luach €6.1 billiún ar an bPunann Lánroghnach agus bhí luach €8.6 billiún ar an bPunann faoi Threoir.

Punann Lánroghnach

Thuill an Phunann Lánroghnach toradh 7.8 faoin gcéad i 2012. Ó cuireadh an Ciste ar bun in 2001 go deireadh 2012, tá feidhmíocht bhliantúlaithe 3.7 faoin gcéad in aghaidh na bliana seachadta ag Punann Lánroghnach an Chiste. Chuaigh an Ciste thar a thagarmharc fadtéarmach (3.0 faoin gcéad in aghaidh na bliana) de 0.7 faoin gcéad in aghaidh na bliana ó bunaíodh é. I gcomhthéacs thosca agus chreat ama athraithe an Chiste agus ós rud é nach gcuimsíonn an tagarmharc fadtéarmach gné caomhnaithe caipitil, níl an ábharthacht shuntasach chéanna ag baint le tagarmharc fadtéarmach an Chiste.

In aitheantas na ndeacrachtaí airgeadais don Státchiste, thug an Coimisiún dara sprioc infheistíochta isteach i mí Eanáir 2010 a dhéanann iarracht costas fhiachas Rialtas na hÉireann a shárfheidhmiú thar thréimhsí cúig bliana rollacha. Ó mhí Eanáir 2010 go dtí deireadh 2012, b'ionann feidhmíocht bhliantúlaithe an Chiste agus 7.1 faoin gcéad in aghaidh na bliana, a sháraigh meántoradh fhiachas 5-bliana Rialtas na hÉireann de 6.3 faoin gcéad in aghaidh na bliana. B'ionann toradh fhiachas 5-bliana na hÉireann agus 3.3 faoin gcéad ag deireadh 2012.

Leithdháileadh Shócmhainní na Punainne Lánroghnaí ag Deireadh 2012

	Sócmhainní €m	% den Phunann Lánroghnach
Caipitliú Mór	1,252	20.6
Caipitliú Beag	203	3.3
Margaí atá ag teacht chun cinn	510	8.4
Céadrogha ar Ghnáthscair a Dhíol	87	1.4
Gnáthscair Iomlán Luaite	**2,052**	**33.7**
Bannaí rialtais limistéar an euro	0	0
Bannaí boilsciú-nasctha limistéar an euro	135	2.2
Bannaí corparáide limistéar an euro	401	6.6
Airgead Tirim	1,420	23.4
Sócmhainní Iomlána Airgeadais	**1,956**	**32.2**
Gnáthscair Phríobháideach	736	12.1
Réadmhaoin	454	7.5
Tráchtearraí	270	4.4
Bonneagar	372	6.1
Cistí dearbhthoraidh	244	4.0
Sócmhainní Iomlána Eile	**2,076**	**34.1**
Punann Lánroghnach Iomlán	**6,084**	**100**

I ngeall ar slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí seo don fhigiúr iomlán.

Foinse: GBCN

Punann faoi Threoir

Ó 2009 i leith, infheistíodh €20.7 billiún san iomlán de shócmhainní an Chiste in AIB agus i mBanc na hÉireann, ar threoir an Aire Airgeadais mar gheall ar chúiseanna beartais phoiblí, via gnáthscaireanna agus scaireanna tosaíochta agus ranníocaíocht caipitil (AIB amháin). Ag deireadh 2012, b'ionann céatadáin úinéireachta an Chiste ar AIB agus ar Bhanc na hÉireann agus 99.8 faoin gcéad agus 15.1 faoin gcéad faoi seach.

Fuarthas €2 billiún in airgead tirim ó ioncam agus ó dhíol infheistíochtaí agus b'ionann luacháil na n-infheistíochtaí fágtha, ar bhonn luach cóir ag deireadh 2012 agus €8.6 billiún.

Bhí gnáthscair-sheilbh an Chiste i mBanc na hÉireann luacháilte ar an bpraghas margaidh de €0.11 (11 cent) in aghaidh na scaire ag deireadh 2012.

Toisc nach bhfágann gnáthscair-sheilbh an Chiste in AIB ag 99.8 faoin gcéad ach saor-chomhlúthacht 0.2 faoin gcéad agus go bhfuil na hinfheistíochtaí i scaireanna tosaíochta sa dá bhanc neamhliostaithe, d'fhonn na hinfheistíochtaí seo a luacháil i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, d'iarr an Coimisiún ar Goodbody Corporate Finance luacháil chóir neamhspleách ar an margadh a chur ar fáil.

Amhail deireadh 2012 luacháil an Coimisiún na gnáthscaireanna in AIB ag €0.0079 (0.79 cent) in aghaidh na scaire (2011: €0.0076 (0.76 cent)) agus luacháil siad na hinfheistíochtaí i scaireanna tosaíochta mar seo a leanas:

- AIB — 66.4 faoin gcéad den chostas (vs 63.5 faoin gcéad ag deireadh 2011);
- Banc na hÉireann — 91.7 faoin gcéad den chostas (vs 80.2 faoin gcéad ag deireadh 2011)

Punann faoi Threoir ag Deireadh 2012

	Luacháil €m	% den Phunann faoi Threoir
Bainc-Aontas Éireann		
3,500 milliún scair tosaíochta	2,323	27.0
516 billiún gnáthscair	4,078	47.4
Iomlán do Bhainc-Aontas Éireann	**6,401**	**74.4**
Banc na hÉireann		
1,837 milliún scair tosaíochta	1,684	19.6
4,512 milliún gnáthscair	514	6.0
Iomlán do Bhanc na hÉireann	**2,198**	**25.6**
Punann Iomlán faoi Threoir	**8,599**	**100.0**

I ngeall ar slánú, is féidir nach seasfaidh na figiúirí seo don fhigiúr iomlán.

Foinse: GBCN

B'ionann toradh na Punainne faoi Threoir i 2012 agus 10.5 faoin gcéad. I dteannta an athraithe ar luachanna na ngabháltas in AIB agus i mBanc na hÉireann, cuimsíonn an toradh seo díbhinn airgid thirim €188 milliún a fuarthas ar scaireanna tosaíochta Bhanc na hÉireann.

Ciste Iomlán

Chláraigh an Ciste Iomlán, a chuimsíonn an Phunann faoi Threoir agus an Phunann Lánroghnach toradh 9.4% i 2012.

Infheistíocht in Éirinn

I rith 2012 agus na luath-choda de 2013, rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil leis an gCiste a athdhíriú ar infheistíocht tráchtála in Éirinn.

I mí Eanáir 2013 d'fhógair an Coimisiún ceangaltais infheistíochta i dtrí chiste fhadtéarmacha nua a sholáthróidh €850 milliún d'infheistíocht chothromais, chreidmheasa agus athstruchtúraithe/ghnóthaithe do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide (GBManna) agus corparáidí lármhéide na hÉireann. Bhí ról lárnach ag an gCiste maidir le forbairt na gcistí agus beidh an Ciste ina bhun-infheisteoir i ngach ceann in éineacht le tuilleadh infheistíochta ó infheisteoirí tríú páirtí. Is ionann an ceangaltas iomlán a dhéanfaidh an Ciste sna trí chiste agus €375 milliún.

San áireamh i dtionscnaimh eile a dhíríonn ar Éirinn tá áiseanna creidmheasa teannta chun an tionscadal Scoileanna Bheart 3 na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) agus an tionscadal CPP do na bóithre N11/N7 a chumasú chun dul ar aghaidh le maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta.

I mí an Mheithimh 2012 d'fhógair an Coimisiún comhoibriú nua le Silicon Valley Bank a chuirfidh $100 milliún ceangaltas iasachta nua ar fáil do theicneolaíocht Éireannach atá ag fás go tapa, eolaíocht bheatha, teicneolaíocht ghlan, cothromas príobháideach agus gnólachtaí caipiteal fiontair.

D'fhógair an Coimisiún freisin a cheathrú (Márta 2012) agus a chúigiú (Márta 2013) ceangaltas mar thacú le Ciste Nuálaíochta na hÉireann. Tá €125 milliún curtha in áirithe aige do thionscnamh Chiste Nuálaíochta na hÉireann agus b'ionann a chúig cheangaltas infheistíochta go dtí seo agus €86 milliún san iomlán.

An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) an 1 Eanáir 2003 le comhairle airgeadais a sholáthar d'údaráis Stáit a bhíonn ag tabhairt faoi thionscadail mhóra infheistíochta poiblí ar a bhfuil luach caipitil de níos mó ná €20 milliún. Rinneadh a sainordú a leathnú ina dhiaidh sin chun freagracht iomlán a thabhairt dóibh as tionscadail uile na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) a sholáthar agus a sheachadadh in earnálacha seachas earnáil an iompair agus earnáil na n-údarás áitiúil. Comhlíonann siad a gcuid feidhmeanna trí GBCN. Tá Príomhfheidhmeannach GBCN ina Chathaoirleach *ex officio* ar GNFA. Tá stiúrthóir le GBCN mar Phríomhfheidhmeannach ar GAFN.

Ceanglaítear ar GAFN tuarascáil bhliantúil agus cuntais ar a gcuid gníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Foilsítear iad seo go leithleach.

An Clár Spreagthaí Bonneagair

I mí Iúil 2012 d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Brendan Howlin TD, ar son an Rialtais Clár Spreagtha Bonneagair ar luach €2.25 billiún dírithe ar fhostaíocht agus fás a chur chun cinn i ngeilleagar na hÉireann.

Soláthróidh an clár spreagtha infheistíocht i réimse tionscadal tábhachtach agus cuimsíonn sé infheistíocht €1.4 billiún in CPPanna. Meastar go dtiocfaidh maoiniú na CPPanna seo ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean, ó bhainc intíre, ó fhoinsí ionchasacha maoinithe eile amhail infheisteoirí institiúideacha, agus tá sé sa bhreis ar chlár infheistíochta reatha maoinithe ag an Státchiste.

Díreofar an infheistíocht CPP bheartaithe ar thionscadail a thugann aghaidh ar eochair-riachtanais bhonneagair agus atá de réir na dtosaíochtaí aitheanta i gCreat Infheistíochta an Rialtais, a chlúdaíonn oideachas, sláinte, dlí agus ceart agus iompar.

Beidh GAFN freagrach as na tionscadail seo a leanas a fháil ón gClár: trí CPP oideachais, suas go dhá CPP sláinte agus dhá CPP dlí agus cirt ar luach caipitiúil measta de c. €650 milliún. Beidh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) freagrach as na CPPanna bóithre éagsúla a fháil, ar luach c. €750 milliún. Gníomhóidh GAFN mar chomhairleoir airgeadais thar an gclár CPP iomlán.

Teagmháil le hInfheisteoirí, Maoinitheoirí, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Ionchasacha

Ó fógraíodh an Clár Spreagtha i mí Iúil 2012, bhí cruinnithe ag GAFN le rannpháirtithe ionchasacha lena n-áirítear maoinitheoirí, infheisteoirí cothromais, conraitheoirí agus soláthraithe seirbhíse gairmiúla chun feasacht agus tacaíocht a chothú ar sheachadadh an Chláir Spreagtha Bonneagair.

D'óstáil GAFN, in éineacht leis an bpríomhfhoilsitheoir idirnáisiúnta gnó 'PPP Bulletin', seimineár an 21 Márta 2013 dírithe ar sheachadadh agus dualgais airgeadais do chlár CPP na hÉireann. D'fhreastail a lán daoine ar an seimineár agus tháinig réimse leathan rannpháirtithe le chéile a bheidh, is dócha, ag cur tairiscintí isteach ar thionscadal CPP na hÉireann.

Leanann GAFN lena teagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an Roinn Airgeadais agus bealaí á lorg acu chun an próiseas CPP a chuíchóiriú agus chun urraitheoirí agus infheisteoirí tionscadal a mhealladh. I mí na Nollag 2012 chinn an Rialtas, ar bhonn sealadach agus eisceachtúil, go mbeadh aisíocaíocht éigin ar chostais tairisceana maidir le tionscadail lóistín (e.g. scoileanna, tithe cúirte etc.) sa Chlár CPP nua.

Go háirithe, leanann GAFN lena teagmháil le maoinitheoirí tionscadal ionchasacha idirnáisiúnta agus baile a bhí as láthair ó mhargadh na hÉireann ó thús na géarchéime airgeadais agus leanann GAFN ag lorg foinsí maoinithe traidisiúnta agus eile d'infheistíocht chaipitiúil.

D'éascaigh GAFN, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, babhtaí plé idir BEI agus roinnt Ranna Rialtais i ndáil le hiasachtaí díreacha a sholáthar don Státchiste lena n-áirítear iasacht €100 milliún i mí Iúil 2012 chun maoiniú a thabhairt do chlár maidir le tionscadal chun foirgnimh scoile a thógáil agus iasacht €100 milliún eile i mí na Samhna 2012 chun páirtmhaoiniú a thabhairt do roinnt tionscadail uisce/dramhuisce. I mí an Mheithimh 2013 shann BEI iasacht dhíreach bhreise eile €100 milliún don Státchiste le haghaidh tionscadail bhreise chun scoileanna a thógáil.

Stiúir GAFN freisin babhtaí plé le Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa (CEB), a chuireann maoiniú ar chostas íseal ar fáil do thionscadail i raon earnálacha, lena n-áirítear sláinte, oideachas agus tithíocht shóisialta. I mí an Mhárta 2013 cheadaigh CEB iasachtaí €41 milliún do thionscadal phríosún Chorcaí agus an tSaoráid Náisiúnta um Leanaí a Choinneáil.

Tionscadail Reatha

Dheonaigh GAFN, an 9 Samhain 2012, ina cáilíocht mar ghníomhaireacht soláthair ar son an Aire Oideachais agus Scileanna, an conradh CPP do Scoileanna Bheart 3 do BAM PPP PGGM Infrastructure Cooperatie, comhthionscnamh idir BAM PPP agus riarthóir chiste pinsean na hÍsiltíre PGGM.

Ba ócáid shuntasach é seo, an chéad bheart CPP a síníodh in Éirinn ó chuaigh Éire isteach i gClár an AE/CAI in 2010. Bhí BEI agus Banc na hÉireann páirteach i struchtúr maoinithe thionscadal Scoileanna Bheart 3 (mhaoinigh an dá dhream seo Scoileanna Bheart 2 freisin) in éineacht le tacaíocht ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean.

I mí Aibreáin 2013 bhain tionscadal CPP N11/N7 (tionscadal bóthair an Inbhir Mhóir/Ráth Naoi a ionchorpraíonn uasbhealach Chrois an Fhearainn Nua) céim na dtarraingtí anuas amach. Bhí GAFN ina gcomairleoirí airgeadais don tionscadal seo. Bhí na maoinitheoirí céanna agus an struchtúr maoinithe céanna ag an tionscadal seo is a bhí ag Scoileanna Bheart 3.

Táthar ag tabhairt faoin gcéim thógála sa dá thionscadal faoi láthair. Baineann Scoileanna Bheart 3 CPP le tógáil ocht scoil a fhreastalóidh ar 5,700 dalta agus a bheidh réidh le hoscailt in 2014. Táthar ag súil le N11/N7 CPP a chríochnú in 2015. Meastar go bhfostófar suas go 1,100 duine le Scoileanna Bheart 3, agus go bhfostófar suas go 1,000 duine le N11/N7 CPP.

I mí an Mhárta 2012, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna sonraí maidir le 219 dtionscadal tógála scoile nua mar chuid de chlár infheistíochta caipitil cúig bliana tosaíochta ar luach €2 billiún. Iarradh ar GAFN gníomhú thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna chun 18 scoil a fháil agus a sheachadadh laistigh den chlár seo, chomh mhaith le clár scoileanna CPP. Cuireadh tús le tairiscintí don chlár seo cheana féin agus táthar ag súil go gcuirfear tús le tógáil an chéad tionscadail faoi dheireadh shamhradh 2013.

Ar an 1 Deireadh Fómhair 2012, thug GAFN, ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, faoi bhainistíocht conartha na 15 scoil oibriúcháin CPP. Baineann sé seo le monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh na gcuideachtaí CPP de na seirbhísí bainistíochta áiseanna laistigh de bhunbheart CPP píolótach (a síníodh in 2003), Scoileanna Bheart 1 (2009) agus Scoileanna Bheart 2 (2010).

Déantar achoimre thíos ar roinnt tionscadal eile ina soláthraíonn GAFN comhairle airgeadais:

- Mar chomhairleoir airgeadais, oibríonn GAFN le NRA i soláthar a dhara clár bóithre CPP. Cuireadh tús le plé arís le déanaí leis an bhforthairgeoir roghnaithe le haghaidh Scéim N17/N18 (Gort-Tuaim) d'fhonn céim na dtarraingtí anuas a bhaint amach i Ráithe 4 2013. Sheol NRA le déanaí freisin an tríú scéim sa dara clár bóithre CPP (Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin N25) agus táthar ag súil go seolfar an ceathrú scéim (M11 Guaire/Inis Córthaidh) faoi dheireadh shamhradh 2013.
- Tá GAFN ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le roinnt tionscadal a bhaineann leis an tsláinte atá sa chéim pleanála agus deartha, lena n-áirítear athlonnú na Seirbhísí Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí go hOspidéal Naomh Íde, Port Reachrann, an tIonad Barr Feabhais um Aosú Rathúil in Ospidéal San Séamas agus an tOspidéal Náisiúnta Péidiatraiceach.
- Tá GAFN ag gníomhú mar chomhairleoir airgeadais do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar roinnt tionscadal a bhaineann le dramhaíl agus uisce, lena n-áirítear Clár CPP Poolbeg 'Dramhaíl go Fuinneamh', Tionscadal Shíneadh Oibreacha Cóireála Fuíolluisce sa Rinn agus an Tionscadal maidir le Tollán Fada Sceite Farraige sa Rinn.
- Leanann GAFN orthu ag cur comhairle airgeadais ar fáil le haghaidh roinnt tionscadail shuntasacha bhonneagair in earnálacha an iompair, na sláinte, na dramhaíola agus an uisce. Cabhróidh na tionscadail seo le feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus ar iomaíochas náisiúnta, tacóidh siad le fostaíocht inbhuanaithe agus seachadfaidh siad an bonneagar is gá do riachtanais shóisialta agus chomhshaoil.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) go foirmiúil i mí na Nollag 2009 mar cheann de roinnt tionscnamh ar ghlac an Rialtas leo chun dul i ngleic leis an ngéarchéim thromchúiseach i mbaincéireacht na hÉireann, a tháinig chun cinn mar thoradh ar iasachtaíocht iomarcach leis an earnáil réadmhaoine, go háirithe i rith na mblianta 2003 go 2007. Ghnóthaigh siad sócmhainní áirithe iasachta (talamh agus forbairt agus iasachtaí lena mbaineann) mar mhalairt ar urrúis faoi ráthaíocht an Rialtais a d'eisigh siad go díreach chuig cúig fhoras rannpháirteacha, eadhon, Bainc-Aontas Éireann, an Banc Angla-Éireannach, Banc na hÉireann, Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann agus Cumann Foirgníochta an EBS.[5]

Is é cuspóir tráchtála GNBS, faoi Alt 10 d'Acht GNBS, an toradh is fearr airgeadais a bhaint amach, chomh fada agus is féidir, don Stát, ag féachaint don chostas don Státchiste a bhaineann le sócmhainní bainc a fháil agus le déileáil le sócmhainní bainc, ar chostas caipitil GNBS agus ar chostais eile.

Fónann GNBS mar aonán neamhspleách tráchtála agus tá a mbord féin acu atá ceaptha ag an Aire Airgeadais agus lena n-áirítear, *ex officio,* Príomhfheidhmeannach GBCN agus Príomhfheidhmeannach GNBS. Tá gach ball foirne de chuid GNBS fostaithe ag GBCN agus tá siad sannta ag GBCN do GNBS.

Ceanglaítear ar GNBS tuarascáil bhliantúil agus cuntais a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Foilsítear iad seo go leithleach. Chomh maith leis sin, cuireann GNBS tuarascálacha ráithiúla airgeadais faoi bhráid an Aire agus leagtar faoi bhráid gach Tí den Oireachtas iad. Freastalaíonn a gCathaoirleach agus a bPríomhfheidhmeannach ar an gCoiste um Chuntais Phoiblí, ar an gComhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú agus coistí cuí eile san Oireachtas, agus tugann siad fianaise dóibh, nuair a iarrtar orthu.

Dul chun cinn go dtí seo

Chuir GNBS an chéad chéim chriticiúil dá n-obair i gcrích, arbh éard a bhí i gceist leis iasacht dar luach ainmniúil €74.2 billiún a fuarthas ó na forais pháirteacha. Cuireadh an chomaoin arna híoc ar na hiasachtaí a fuarthas - €31.8 billiún i bhfoirm bannaí sinsearacha agus fobhannaí (€30.2 billiún agus €1.6 billiún faoi seach) - i gcóras baincéireachta na hÉireann, ag soláthar leachtachta ag tráth ríthábhachtach in athstruchtúrú an chórais baincéireachta. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2012 bhí measúnú déanta ag GNBS ar phleananna gnó uile na bhféichiúnaithe, agus sholáthraigh sé seo ardán gnó maidir le cur i bhfeidhm straitéisí diúscartha agus bainistíochta sócmhainní deartha chun aisíocaíocht fiachais uasta ó fhéichiúnaithe a áirithiú.

Tá GNBS dírithe go hiomlán anois ar an bpunann iasachta a fuarthas a bhainistiú chun an toradh is fearr a fháil don Stát. Sa mhéid sin, tá dul chun cinn suntasach déanta ag GNBS, go háirithe maidir le sreabhadh airgid a ghiniúint ó iasachtaí na bhféichiúnaithe agus ó shócmhainní bunúsacha agus an fiachas á aisíoc. Gineadh thart ar €10.6 billiún i bhfáltais féichiúnaithe i rith na tréimhse ó bunaíodh GNBS go dtí deireadh 2012 agus fuasclaíodh €4.75 billiún i mbannaí sinsearacha thar an tréimhse chéanna. Is léir go mbainfidh GNBS a sprioc amach maidir le €7.5 billiún dá bannaí sinsearacha a fhuascailt faoi dheireadh 2013. Ghin GNBS brabús (tar éis bearnaithe, cánach agus díbhinní) €228m i 2012.

Baineann gné shuntasach de dhul chun cinn GNBS go dtí seo le sócmhainní a bhí ag a féichiúnaithe agus a glacadóirí a dhiúscairt. Bhí díolacháin iasachta agus sócmhainní ar luach €6.8 billiún curtha i gcrích ag GNBS agus a féichiúnaithe faoi dheireadh 2012. I dteannta fáltais dhíolacháin na hiasachta agus na sócmhainní gineadh thart ar €3.8 billiún in ioncam neamhdhiúscartha (ioncam cíosa go príomha) ó shócmhainní féichiúnaithe suas go deireadh 2012.

Soláthraíonn GNBS maoiniú freisin chun luach na sócmhainní faoi rialú a féichiúnaithe agus a glacadóirí a fheabhsú. Faoi dheireadh 2012 bhí réamhíocaíochtaí €1.7 billiún ceadaithe ag GNBS i maoiniú forbartha do thionscadail chónaithe agus tráchtála d'fhonn luach fadtéarmach inghnóthaithe a fheabhsú. D'fhógair GNBS i rith 2012 go gcuirfí ar a laghad €2 billiún ar fáil i maoiniú forbartha do thionscadail in Éirinn thar an tréimhse go 2016 d'fhonn fáltais réadaithe ó na sócmhainní seo a uasmhéadú. Fógraíodh freisin go gcuirfí €2 billiún in airgeadas díoltóirí ar fáil do cheannaitheoirí ionchasacha sócmhainní tráchtála faoi riar na bhféichiúnaithe agus na nglacadóirí.

CÉRB

I mí Feabhra 2013 cheap an Rialtas Leachtaitheoirí Speisialta don Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc (CÉRB). Tá na Leachtaitheoirí faoi cheangal punann iasachta CÉRB a luacháil agus a chur ar díol ar an margadh. Thug an tAire Airgeadais treoir do GNBS aon iasacht a fháil nár díoladh do thríú páirtithe tar éis do na Leachtaitheoirí críochnú lena bpróiseas luachála agus díola. Táthar ag súil go dtarlóidh an fháil seo i dtreo dheireadh 2013. Mar chuid den idirbheart, d'eisigh GNBS bannaí sinsearacha de bheagnach níos lú ná €13 billiún don Bhanc Ceannais chun muirear comhlúthach an Bhainc ar shócmhainní CÉRB a fháil.

Seirbhísí GBCN do GNBS

Faoi Alt 41 d'Acht GNBS, soláthraíonn GBCN seirbhísí gnó agus tacaíochta do GNBS, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, TF, riosca margaidh, próiseáil idirbheart agus seirbhísí cistíochta. Déanann GNBS aisíocaíocht do GBCN as costas na seirbhísí seo ab ionann agus €37m i 2012 (costais bhall foirne san áireamh).

Faoi dheireadh na bliana 2012 shann GBCN do GNBS, 224 ball foirne a raibh taithí fhairsing agus saineolas fairsing acu ar réimsí an iasachtaithe, na maoine, na cuntasaíochta, an dlí, na baincéireachta agus an chreidmheasa.

[5] Rinneadh Banc Angla-Éireannach agus Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann a chumasc i mí Iúil 2011 agus tugadh Corparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (CÉRB) mar ainm nua ar an mbanc nua i mí Dheireadh Fómhair 2011. Ceapadh Leachtaitheoirí Speisialta do CÉRB i mí Feabhra 2013. Cheannaigh Bainc-Aontas Éireann Cumann Foirgníochta an EBS i mí Iúil 2011.

Rialachas

Struchtúr Tuairiscithe agus Rialachais

Is comhlacht reachtúil é GBCN a bunaíodh faoin *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990.*

Níl bord ag GBCN agus tá freagracht reachtúil ar an bPríomhfheidhmeannach as leanúint ar aghaidh de bheith ag bainistiú agus ag rialú riarachán agus ghnó na Gníomhaireachta i gcoitinne. Is é an tAire Airgeadais a cheapann an Príomhfheidhmeannach. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach go díreach don Aire Airgeadais maidir le feidhmeanna GBCN a bhaineann le maoiniú agus bainistiú fiach agus leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát – tarmligeadh gach ceann díobh orthu trí Ordú Rialtais nó Aireachta – agus maidir lena gcuid feidhmeanna a bhaineann le NewERA atá á gcomhlíonadh acu ar bhonn neamhreachtúil faoi láthair. Déantar foráil le reachtaíocht rialaithe GBCN do Choiste Comhairleach agus do Choiste Beartais um Éilimh ar an Stát.

Tá a mbord féin ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP), ag an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN), agus ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) – agus bunaíodh iad go léir faoina gcuid reachtaíocht rialaithe féin. Feidhmíonn GBCN mar an feidhmeannas i leith CNP agus GAFN. I gcás GNBS sannann siad baill foirne do GNBS agus soláthraíonn siad seirbhísí gnó agus tacaíochta agus córais ghnó agus tacaíochta dóibh. Cuimsítear eolas atá sonrach do Bhord GNBS, do Bhord GAFN agus do Choimisiún CNP i dtuarascálacha bliantúla gach ceann de na comhlachtaí seo. Is comhalta *ex officio* de Choimisiún CNP agus de bhord NAMA é Príomhfheidhmeannach GBCN chomh maith le bheith ina Chathaoirleach *ex officio* ar GNFA.

I mí an Mheithimh 2013 d'fhógair an Rialtas athruithe reachtúla - bunaithe ar thograí a rinne GBCN - chun rialachas corparáideach GBCN a athchóiriú. Tá sé i gceist acu Bord GBCN uileghabhálach a bhunú a bheidh freagrach don Aire Airgeadais agus díscaoileadh a dhéanamh ar an gCoiste Comhairleach, ar an gCoiste Polasaí um Éilimh ar an Stát, ar an gCoimisiún CNP agus ar an mBord GAFN. Níl sé beartaithe aon athrú a dhéanamh ar shocruithe rialachais i leith GNBS.

An Coiste Comhairleach

Tugann an Coiste Comhairleach cúnamh agus comhairle do GBCN maidir leis na ceisteanna sin a chuireann GBCN faoina mbráid chun na críche sin. Cuireann siad comhairle ar an Aire Airgeadais freisin maidir le téarmaí agus le coinníollacha an Phríomhfheidhmeannaigh (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair).

D'fhonn feabhas a chur ar rialachas corparáideach GBCN, chomhaontaigh an Coiste Comhairleach go dtabharfadh siad comhairle fhoirmiúil don Phríomhfheidhmeannach ar liosta sonraithe saincheisteanna ar bhonn leanúnach. Tá an liosta seo bunaithe ar na hábhair siúd a choimeádfaí le haghaidh chinneadh an Bhoird de ghnáth agus tá sé mar seo a leanas:

a) Beartas um Maoiniú agus Bainistiú Fiach;
b) Spriocanna agus Cuspóirí na Feidhme Gnó;
c) Leibhéil Údaráis Tharmligthe;
d) Luach Saothair;
e) Measúnú Feidhmíochta Ardbhainistíochta agus Pleanáil um Chomharbas;
f) Leasuithe Suntasacha ar Shochair Phinsin na Foirne;
g) Beartais agus Pleananna Corparáideacha;
h) Beartas um Bainistíocht Riosca;
i) An Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais;
j) Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla GBCN;
k) Ceapachán Gnólachta d'Iniúchadh Inmheánach;
l) Maoirsiú ar Choiste Iniúchta (lena n-áirítear athbhreithniú bliantúil ar théarmaí tagartha an Choiste);
m) Buiséad Oibre; agus
n) Cloí GBCN le Riachtanais Reachtúla agus Rialála.

Is éard atá sa Choiste Comhairleach suas go seachtar comhaltaí a cheap an tAire Airgeadais. Is iad seo a leanas na comhaltaí sa tréimhse idir an
1 Eanáir 2012 agus an 28 Meitheamh 2013:

David Byrne – Cathaoirleach (Ceaptha ón 1 Eanáir 2008 go dtí an 31 Nollaig 2012)

Kevin Cardiff (Ceaptha ón 1 Feabhra 2010 go dtí an 3 Feabhra 2012)

Hugh Cooney(Ceaptha ón 1 Eanáir 2008 go dtí an 31 Nollaig 2012)

Brendan McDonagh (Ceaptha ón 1 Meán Fómhair 2010)

John Moran (Ceaptha ón 6 Márta 2012)

Tytti Noras (Athcheaptha ón 1 Lúnasa 2010)

Donald C Roth (Athcheaptha ón 1 Eanáir 2011)

Ceapadh comhaltaí ar théarmaí cúig bliana, seachas i gcás Donald C Roth, a athcheapadh ar théarma trí bliana. I gcás John Moran, Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais, maireann a théarma ar feadh ré a cheapacháin mar Ard-Rúnaí. Bhí Kevin Cardiff, Ard-Rúnaí roimhe seo na Roinne Airgeadais, ina chomhalta go dtí an 3 Eanáir 2012.

Tháinig an Coiste Comhairleach le chéile sé huaire i 2012. Thug comhaltaí an Choiste comhairle do GBCN ar bhonn leanúnach i rith na bliana freisin.

Coiste Comhairleach GBCN – Freastal ar Chruinnithe 2012	
Comhalta Coiste	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
David Byrne	5/6(p)
Hugh Cooney	6/6
Brendan McDonagh	6/6
John Moran	4/5 (p)
Tytti Noras	6/6
Donald C Roth	6/6

tagraíonn (p) don líon cruinnithe arbh fhéidir freastal orthu i gcoibhneas leis na dátaí ceapacháin/scoir.
Foinse: GBCN

Coiste Beartais um Éilimh ar an Stát

Tugann an Coiste Beartais um Éilimh ar an Stát comhairle do GBCN maidir le beartas agus le nósanna imeachta a bhaineann le feidhmíocht a gcuid feidhmeanna i leith na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát. Is éard atá sa Choiste seachtar comhaltaí a cheap an tAire Airgeadais. Is iad seo a leanas na comhaltaí sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2012 agus an 28 Meitheamh 2013:

Noel Whelan – Cathaoirleach (Athcheaptha ón 1 Iúil 2012)
Leas-Uachtarán agus Déan Emeritus, Ollscoil Luimnigh

Tony Delany (Ceaptha ón 22 Feabhra 2010)
Iar-Stiúrthóir um Éilimh le Norwich Union/Hibernian Insurance

Chris Fitzgerald (Ceaptha ón 22 Deireadh Fómhair 2010 go dtí 28 Feabhra 2012)
Príomhoifigeach, an Roinn Sláinte

Charlie Hardy (Ceaptha ón 27 Meitheamh 2012)
Príomhoifigeach, an Roinn Sláinte

Christopher Moore (Ceaptha ón 22 Feabhra 2010)
Briogáidire-Ghinearál (Ar Scor)

Niamh Moran (Ceaptha ón 10 Márta 2010)
Aturnae, Carmody Moran, Aturnaetha

Fachtna Murphy (Ceaptha ón 27 Meitheamh 2012)
Iar-Choimisinéir na nGardaí

Wendy Thompson (Ceaptha ón 27 Meitheamh 2012)
Bainisteoir Árachais agus Dlíthíochta, an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i 2012.

Coiste Beartais GÉS – Freastal ar Chruinnithe 2012	
Comhalta Coiste	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu
Noel Whelan	4/4
Tony Delany	4/4
Chris Fitzgerald	0/0(p)
Charlie Hardy	2/3(p)
Christopher Moore	4/4
Niamh Moran	2/4(p)
Fachtna Murphy	3/3(p)
Wendy Thompson	2/3(p)

tagraíonn (p) don líon cruinnithe arbh fhéidir freastal orthu i gcoibhneas leis na dátaí ceapacháin/scoir.
Foinse: GBCN

Coistí Eile

Bhunaigh an Coiste Comhairleach dhá choiste, agus tá téarmaí foirmiúla tagartha acu araon.

An Coiste Iniúchta
Déanann an Coiste Iniúchta maoirseacht ar na córais iniúchta inmheánaigh agus rialaithe, ar an gcreat bainistíochta riosca, ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais agus ar na ráitis bhliantúla airgeadais de chuid GBCN. Tá rochtain iomlán neamhshrianta ar an gCoiste ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ag an gCeann Rialaithe agus ag an gCeann Comhlíonta. Is ionann an Coiste agus Coiste Iniúchta GAFN freisin. Tá coistí iniúchta ar leith ag Coimisiún an CNP agus ag GNBS. Is iad seo a leanas na comhaltaí sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2012 agus an 28 Meitheamh 2013:

Hugh Cooney (Cathaoirleach go dtí an 31 Nollaig 2012)

Brendan McDonagh (Cathaoirleach ón 1 Eanáir 2013)

Peter McManamon (go dtí an 31 Nollaig 2012)
Ball de Bhord GAFN

Gerry Murray (ón 1 Nollaig 2013)
Ball de Bhord GAFN

Maurice O'Connell (go dtí an 20 Nollaig 2012)
Comhalta Seachtrach

Michael O'Grady (ón 20 Nollaig 2012)
Comhalta Seachtrach

Coiste Luach Saothair
Déanann an Coiste Luach Saothair moltaí don Choiste Comhairleach maidir le luach saothair Phríomhfheidhmeannach agus bhainistíocht shinsearach GBCN agus maidir le polasaí ginearálta luacha saothair in GBCN. Is iad seo a leanas na comhaltaí sa tréimhse idir an 1 Eanáir 2012 agus an 28 Meitheamh 2013:

David Byrne – Cathaoirleach (go dtí an 31 Nollaig 2012)

Paul Carty (Cathaoirleach Choimisiún CNP)

Frank Daly– Cathaoirleach Bhord GNBS

Brendan McDonagh

Donald C Roth

Cóid Rialachais Chorparáidigh

Tá Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit múnlaithe ar struchtúr corparáideach tipiciúil ina bhfuil bord stiúrthóirí, ar a bhfuil freagracht dhlíthiúil as an gcomhlacht, agus foireann agus baill foirne bainistíochta feidhmiúcháin a chuireann i gcrích na feidhmeanna a dtarmligeann an Bord chucu. Tá an Cód á chur chun feidhme ag GBCN, agus é curtha in oiriúint dá struchtúir rialachais ar leith. I measc na nithe a bhíonn i gceist leis seo, iarrann an Príomhfheidhmeannach comhairle go foirmiúil ón gCoiste Comhairleach ar bhonn leanúnach maidir le hábhair a bhíonn teoranta do chinneadh ag an mBord de ghnáth.

Tá cóid chleachtais ghnó i bhfeidhm do bhaill an Choiste Comhairligh agus an Choiste Beartais um Éilimh ar an Stát agus d'fhostaithe GBCN. Táthar ag súil go n-áiritheoidh baill agus fostaithe an Choiste go bhfuil gach ceann dá ngníomhaíochtaí á rialú ag na caighdeáin eiticiúla atá léirithe sa chód ábhartha. Ullmhaíodh cód ar leith i gcomhair fostaithe a shanntar do GNBS, a léiríonn ceanglais shonracha Acht GNBS.

Is comhlacht forordaithe poiblí GBCN chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Ina theannta sin tá riachtanais ar leith um nochtadh leasa faoi Acht CNP, faoi Acht GAFN agus faoi Acht GNBS.

Iniúchóirí

De réir ceanglais reachtúla, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar GBCN. Tá feidhm iniúchta inmheánaigh i bhfeidhm ag GBCN. Cuireann gnólacht seachtrach iniúchóirí leis an obair seo. Faoi láthair, tá PricewaterhouseCoopers ag tabhairt faoin obair iniúchta inmheánaigh seo.

Soláthar Foirne agus Luach Saothair

Tháinig méadú suntasach ar líon na mball foirne i GBCN ó dheireadh 2009 mar gheall ar ghníomhaíochtaí breise a d'iarr an Rialtas ar GBCN a chur i gcrích thar an tréimhse; GNBS, feidhmeanna córais bhaincéireachta an Aire Airgeadais agus NewERA. D'ardaigh an líon foirne ó 169 duine ag deireadh 2009 go 500 duine ag deireadh 2012.

Tá GNBS freagrach as an gcuid is mó den mhéadú i líon na mball foirne sa tréimhse seo. Is fostaithe GBCN iad gach ball foirne de GNBS agus sannann GBCN baill foirne do GBCN faoi alt 42 den *Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009*. Seachas líon beag baill foirne atá athshannta ó fheidhmeanna eile laistigh de GBCN, tá baill foirne GNBS fostaithe ar bhonn conarthaí cuspóra shonraithe – mairfidh a bhfostaíocht chomh fada agus a bheidh gá ag GNBS lena bhfeidhm ar leith. Déanann GNBS aon chostais a thabhaíonn GBCN mar gheall ar bhaill foirne a shannadh agus ar sheirbhísí a chur ar fáil do GNBS a aisíoc le GBCN.

Tar éis tarmligean feidhmeanna córais bhaincéireachta chuig GBCN a aisghairm ón 5 Lúnasa 2011, cuireadh foireann bhaincéireachta GBCN ar iasacht leis an Roinn Airgeadais.

Foireann GBCN ag Deireadh 2012	
Maoiniú agus Bainistiú Fiach	14
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	69
NewERA	12
An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean	13
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	44
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	224
An tAonad Baincéireachta (ar iasacht leis an Roinn Airgeadais)	12
Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca	74
Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha	8
Dlí, Rialú agus Comhlíonadh	16
Eile	14
Iomlán	**500**

Foinse: GBCN

Tá samhail ghnó GBCN ceaptha chun tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad ag gníomhú go tráchtálach chun a gcuspóirí gnó a bhaint amach. Faoi shamhail ghnó GBCN, níl aon ghráid ghinearálta phá ann agus tá baill foirne fostaithe ar bhonn conarthaí arna n-idirbheartú ina n-aonair faoi rún. A bhuí leis an tsamhail ghnó seo, tá GBCN in ann dul san iomaíocht leis an earnáil phríobháideach chun baill foirne ag a bhfuil sainscileanna agus scileanna a bhfuil an-tóir orthu a mhealladh agus a choinneáil – go háirithe agus iad i lár a ngairmeacha. Bhí sé seo ríthábhachtach maidir le cur ar chumas GBCN baill foirne, ag a bhfuil an saineolas gairmiúil atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar na feidhmeanna nua ar shann Rialtais éagsúla dóibh, a cheapadh.

Tuarastail GBCN de réir Banda Tuarastail ag deireadh 2012			
	GBCN (gan GNBS)	GNBS	Iomlán
Suas go €50,000	92	25	117
€50,001 go €75,000	71	49	120
€75,001 go €100,000	52	58	110
€100,001 go €125,000	21	39	60
€125,001 go €150,000	14	31	45
€150,001 go €175,000	11	9	20
€175,001 go €200,000	4	9	13
€200,001 go €225,000	2	0	2
€225,001 go €250,000	1	1	2
€250,001 go €275,000	3	1	4
€275,001 go €300,000	2	0	2
€300,001 go €325,000	0	0	0
€325,001 go €350,000	2	0	2
€350,001 go €375,000	0	2	2
€375,001 go €400,000	0	0	0
€400,001 go €425,000	1	0	1
Iomlán	**276**	**224**	**500**

Nótaí:

1. Cuirtear asbhaint phinsin na seirbhíse poiblí i bhfeidhm i gcás fhostaithe GBCN.
2. I mí na Nollag 2011 d'iarr an tAire Airgeadais ar fhostaithe GBCN a fhaigheann tuarastail thar €200,000 15 faoin gcéad dá dtuarastal a tharscaoil nó an méid sin den tuarastal thar €200,000 dá mbeadh tuarastal níos lú ná €200,000 acu mar gheall ar an gciorrú 15 faoin gcéad. Léirítear laghduithe i ndáil le fostaithe a tharscaoil na méideanna sin sa tábla thuas.

Foinse: GBCN

Cuirtear foráil maidir le pá a bhaineann le feidhmíocht san áireamh i dtéamaí conartha na bhfostaithe den chuid is mó, chun struchtúir luach saothair sna hearnálacha sin óna n-earcaíonn GBCN a léiriú. Rinne GBCN íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht le seisear ball foirne amháin i leith 2012, áfach. B'ionann na híocaíochtaí agus €43,100 san iomlán. Níor íocadh aon íocaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht le haon fhostaí a thuill tuarastal thar €200,000.

Beidh feidhm ag na laghduithe pá dá bhforáiltear sa *Bhille um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2013* a bheidh i bhfeidhm ón 1 Iúil 2013, maidir le foireann GBCN.

Tá sonraí ar luach saothair Phríomhfheidhmeannach GBCN leagtha amach sna Ráitis Airgeadais (feic leathanach 69). Tá sonraí ar luach saothair Phríomhfheidhmeannach GNBS agus Phríomhfheidhmeannach GAFN leagtha amach i Ráitis Airgeadais na gcomhlachtaí sin.

Úsáid Fuinnimh

Oibríonn GBCN i bhFoirgneamh GBCN ar Shráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, ina léasaíonn sé spás ar cheithre urlár. I 2012 d'úsáid GBCN 1,402,099 kWh leictreachais, is ionann meánúsáid agus 2,921 kWh in aghaidh an fhostaí. Tá sé seo i gcomparáid le meánúsáid 3,743 don fhostaí in 2011 – laghdú 22 faoin gcéad in aghaidh an fhostaí.

Is é an tiarna talún a chuireann an t-aerchóiriú ar fáil san fhoirgneamh agus tá sé á thiomáint ag gás nádúrtha.

Gníomhaíochtaí ar Tugadh Fúthu i 2012

I 2012 thug GBCN faoi raon tionscnamh chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht fuinnimh:

- Mar chuid de thuilleadh oibreacha feistithe a rinneadh don tionónta (GBCN) ar an spás breise urláir a bhí á áitiú ag GBCN, suiteáladh feistis solais a choiglíonn fuinneamh agus suiteáladh braiteoirí infridhearga gluaisne ar na feistis solais.
- Tar éis comhairle ó GBCN, chuir an tiarna talún measúnú fuinnimh i gcrích ar na seirbhísí arna mbainistiú ag an tiarna talún.
- Lean GBCN lena chlár maidir le braiteoirí a shuiteáil ar sholáthairtí uisce, a laghdaíonn úsáid uisce agus cumhachta araon.
- Lean GBCN lena chlár maidir le feistis solais reatha a bhaint ó áiteanna a bhí áitithe cheana féin agus le feistis solais nua a choiglíonn fuinneamh a shuiteáil.
- Rolladh amach clár maidir le feasacht fuinnimh d'fhoireann iomlán GBCN.
- Suiteáladh priontáil ar dhá thaobh an pháipéir mar réamhshocrú ar na printéirí uile.
- Suiteáladh áis ar ríomhairí pearsanta uile na foirne ionas go múchfadh an ríomhaire é féin go huathoibríoch.

Gníomhaíochtaí atá Beartaithe do 2013

In 2013 tá sé beartaithe ag GBCN feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú arís eile trí na nithe seo a leanas:

- An clár maidir le feistis solais reatha a bhaint ó áiteanna a bhí áitithe cheana féin a chur i gcrích agus le feistis solais nua a choiglíonn fuinneamh a shuiteáil.
- An clár maidir le braiteoirí a shuiteáil ar sholáthairtí uisce a chur i gcrích.
- Déanfaidh an tiarna talún na haonaid láimhseála aeir a uasghrádú d'urláir uile Fhoirgneamh GBCN ina bhfuil GBCN chun a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. An tionchar a bheidh ag an méid seo ná an fuinneamh a úsáideann na haonaid láimhseála aeir a laghdú 10 faoin gcéad.

Ráitis Airgeadais

Arna n-ullmhú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta de réir Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990

Ráiteas ar Dhualgais GBCN 38

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais 39

Fiachas Náisiúnta na hÉireann 41

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin 61

Ciste Bhanc Taisce an Phoist 77

An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla 85

An Cúlchiste Mionchoigiltis 89

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 91

Ciste na gCuntas Díomhaoin 99

Ráiteas ar Dhualgais GBCN

Ceanglaíonn an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("An Ghníomhaireacht)" ráitis airgeadais a ullmhú i leith a n-oibríochtaí do gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú acu, ní mór don Ghníomhaireacht:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé neamhchuí sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin bhainteacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as coimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, na gcuntas go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh siad, agus, as cothú taifid chuntasaíochta a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsaí airgeadas na Gníomhaireachta, a gcistí agus an Fiachas Náisiúnta.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina rialúchán a choimeád agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Meitheamh 2013

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tugaim aird ar an bhfreagracht as a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní iomlán, a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go dtugtar údarás do gach idirbheart agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialúcháin

Rinne mé roinnt beart chun a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- freagrachtaí na bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú;
- Coiste Iniúchta a bhunú chun comhairle a chur orm maidir le feidhmiú mo fhreagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Tá nósanna imeachta curtha ar bun ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú mar seo a leanas:

- cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá roimh an bhforas a shainaithint;
- an chosúlacht go dtarlóidh rioscaí sainaitheanta a mheas;
- cumas GBCN a mheas i ndáil le rioscaí a bhíonn i gceist a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú a mheas i gcomparáid leis an tairbhe a bhaineann leo.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithlisiú dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis seo go sonrach:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Príomhfheidhmeannach a athbhreithniú agus a chomhaontú leis an Aire Airgeadais;
- athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thaispeánann comhlíonadh airgeadais i gcoinne réamhaisnéise;
- socrú spriocanna chun comhlíonadh airgeadais agus comhlíonadh eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe soiléire faoi infheistíocht chaipitiúil;
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an nGníomhaireacht, a fheidhmíonn de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Cuirtear obair an iniúchta inmheánaigh ar an eolas trí anailís ar an riosca a bhfuil an Ghníomhaireacht nochta dó, agus tá pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach bunaithe ar an anailís seo. Tugann an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí tacaíocht d'anailís ar riosca agus do na pleananna maidir le hiniúchadh inmheánach agus déanann Coiste Iniúchta na Gníomhaireachta an anailís seo a fhaomhadh. Uair sa bhliain ar a laghad, soláthraíonn an tIniúchóir Inmheánach (PricewaterhouseCoopers faoi láthair) tuarascáil maidir le gníomhaíocht iniúchta inmheánaigh do lucht bainistíochta agus do Choiste Iniúchta na Gníomhaireachta. Áirítear leis an tuarascáil tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh faoi leorgacht agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Cuirtear an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Ghníomhaireacht ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar an eolas trí obair an iniúchóra inmheánaigh, ag na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Ghníomhaireacht atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais, agus trí thuairimí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna mé, mar Phríomhfheidhmeannach, agus comhairle glactha agam ó Choiste Iniúchta na Gníomhaireachta, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Meitheamh 2013

Ráitis Airgeadais
Fhiachas Náisiúnta na hÉireann

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 42

Beartais Chuntasaíochta 44

Ráiteas ar Fhónamh Fiachais 45

Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta 46

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhiachais Náisiúnta 47

Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta 48

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 49–59

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Fiachas Náisiúnta na hÉireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Beidh sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an ráiteas ar fhónamh fiachais, an ráiteas ar fhiachas náisiúnta, an ráiteas ar shreabhadh airgid an fhiachais náisiúnta, an ráiteas ar ghluaiseacht san fhiachas náisiúnta agus na nótaí gaolmhara. Réitíodh na ráitis airgeadais san fhoirm arna fhorordú faoi alt 12 den Acht agus ar an mbonn atá leagtha amach i mír (b) de na beartais chuntasaíochta.

Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go gcuirtear an t-iarmhéid gan íoc ar an bhFiachas Náisiúnta ag deireadh na bliana agus costas seirbhíse fiachais don bhliain i láthair mar is ceart iontu, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an cuí í iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh na gcúinsí de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Léim an t-eolas atá i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonrú dealraitheach nó neamhréireacht, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, cuirtear i láthair mar is ceart sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar ba cheart san fhoirm arna fhorordú faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 agus ar an mbonn atá leagtha amach i mír (b) de na Beartais Chuntasaíochta, an t-iarmhéid gan íoc ar an bhFiachas Náisiúnta ag an 31 Nollaig 2012 agus an costas seirbhíse fiachais don bhliain 2012.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Idirbheart nóta gealltanais

Gan mo thuairim a mhaolú, tarraingím aird ar nóta 24 do na ráitis airgeadais a leagann amach an láimhseáil cuntasaíochta ar glacadh leis maidir leis na bannaí eisithe ag an nGníomhaireacht i ndáil le tráthchuid nóta gealltanais a ghlanadh a bhí le híoc ag an Aire Airgeadais i mí an Mhárta 2012.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta i dtaca leis an bhfiachas náisiúnta comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Séamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2013

Beartais Chuntasaíochta

(a) Cúlra

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 comhlíonann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") feidhmeanna iasachta agus Bainistithe Fiachais Náisiúnta thar ceann an Aire Airgeadais.

Leagtar amach na ráitis airgeadais d'Fhiachas Náisiúnta na hÉireann ar leathanaigh 45 go 59. Tá foirm na ráiteas ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012, áirítear le ráitis airgeadas an Fhiachais Náisiúnta nótaí nochta i ndáil le Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta, Cuntas na nIasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh), Cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní nár Éilíodh), Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce agus le Cuntas ar Stoc Ar Glacadh Leis mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus ar Dhleachtanna Báis. Cuireadh na cuntais seo i láthair ar leithligh sna blianta roimhe seo. Ós rud é gur cuntais oibríochtúla iad a socraíodh chun críocha sonracha, ní áirítear a n-iarmhéideanna airgid le hiarmhéid Chuntas an Státchiste arna tuairisciú faoi Airgead agus Sócmhainní Gaolmhara Eile sa Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta.

(b) Bonn na Cuntasaíochta

Is é an costas stairiúil a úsáidtear mar bhonn tomhais seachas má luaitear a mhalairt. Aithnítear idirbhearta agus úsáid á baint as bonn airgid na cuntasaíochta.

Is ionann an Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta agus ráiteas ar na suimeanna iomlána de bhunairgead a fuair Éire ar iasacht agus nár aisíocadh ag deireadh na bliana, lúide sócmhainní leachtacha ar fáil d'fhuascailt na ndliteanas sin um an dáta céanna agus lúide sócmhainní airgeadais eile. Déanann an tAire Airgeadais faoi reachtanna éagsúla iasachtaí an Stáit agus gníomhaireachtaí eile a ráthú freisin. Ní áirítear na ráthaíochtaí seo sna ráitis airgeadais seo.

(c) Tréimhse Tuairiscithe

Is don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 an tréimhse tuairiscithe.

(d) Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

(e) Fáltais agus Íocaíochtaí

Déantar fáltais agus íocaíochtaí a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta tríd an gCuntas Státchiste, trí Chuntais Imréitigh Airgeadra Coigríche agus tríd an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CFSC) a thaifeadadh ag an am a fhaightear an t-airgead nó a dhéantar íocaíocht.

(f) Luacháil Dliteanais

Déantar iarmhéideanna fiachais a thaifeadadh ag parluach infhuascailte.

(g) Díorthaigh

Déantar comhaontuithe babhtála agus ionstraim eile airgeadais chun críocha fálaithe mar chuid de phróiseas bainistithe an Fhiachais Náisiúnta. Aithnítear torthaí na ngníomhaíochtaí fálaithe seo atá nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta de réir na mbun-idirbheart. Áirítear an glansreabhadh ciste a éiríonn as gníomhaíochtaí fálaithe nach bhfuil nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta i gcostais as fónamh d'fhiachas nuair a fhaightear na cistí nó nuair a dhéantar íocaíocht. Sa chás go gcríochnaítear babhtálacha nó go n-aistrítear go hionstraim eile babhtála iad, bíonn tionchar ag an nglansreabhadh ciste ar fhónamh d'fhiachas de réir théarmaí na hionstraime leasaithe.

(h) Airgeadraí Coigríche

Aistrítear fáltais agus íocaíochtaí in airgeadra coigríche go euro ag an ráta malairte ar dháta an idirbhearta. Aistrítear dliteanais agus sócmhainní in airgeadra coigríche go euro ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

i) Próifíl Aibíochta

Is ionann Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach agus fiachas a bhfuil bunaibíocht a mhairfidh níos mó ná bliain amháin aige, agus is ionann Fiachas Gearrthéarmach agus fiachas a bhfuil bunaibíocht a mhairfidh níos lú ná bliain amháin aige.

Ráiteas ar Fhónamh Fiachais

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Ús íoctha			
Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach	2	5,481,813	4,350,509
Fiachas Gearrthéarmach	3	38,881	215,889
Scéimeanna Coigiltis Stáit	4, 10	283,502	209,232
Gluaiseachtaí Eile	5	3,288	4,473
Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta	6	645,681	638,409
Táillí agus Costais	7	104,002	147,183
Costais na Gníomhaireachta		40,077	41,126
Ús a fuarthas ar Thaiscí			
Billí Státchiste agus Nótaí Gearrthéarmacha		(128,818)	(232,090)
Costas Iomlán Fónaimh d'Fhiachas	1	**6,468,426**	**5,374,731**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 25.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta		2012 € milliún		2011 € milliún
Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach					
Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann			87,853		85,310
Láithrithe Príobháideacha			602		602
Nótaí Meántéarmacha			65		66
Iasachtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta			100		-
Maoiniú Chlár an AE/CAI	8(b)		55,898		34,629
Iasachtaí Eile Meántéarmacha/ Fadtéarmacha			5		5
	8(a)		144,523		120,612
Fiachas Gearrthéarmach					
Páipéar Tráchtála	9	2,690		2,920	
Iasachtaí ó Chistí faoi smacht an Aire Airgeadais	17	786		1,696	
			3,476		4,616
Scéimeanna Coigiltis Stáit					
Cairteacha Coigiltis		4,791		4,233	
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta		1,001		607	
Bannaí Coigiltis		5,568		4,782	
Tráthchoigiltis		472		473	
Stampaí Coigiltis		2		2	
Duaisbhannaí		1,649		1,449	
	10		13,483		11,546
			161,482		136,774
Lúide: Airgead agus Sócmhainní Gaolmhara Eile	11		(23,850)		(17,692)
Fiachas Náisiúnta	14		**137,632**		**119,082**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 25.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhiachais Náisiúnta

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	2012 €000	2011 €000
Gluaiseacht in Iarmhéideanna Státchiste:		
Iarmhéid Tosaigh sa Chuntas Státchiste (nóta 11)	13,098,521	11,398,948
Taiscí, Billí Státchiste agus Nótaí Gearrthéarmacha (nóta 18)	(3,977,042)	(428,349)
Gníomhaíocht Iasachta (féach thíos)	24,110,031	27,046,402
	33,231,510	38,017,001
Easnamh Státchiste	(14,891,728)	(24,918,480)
Tráthchuid Íoctha ar Nótaí Gealltanais CÉRB arna Glanadh trí Bannaí Rialtas na hÉireann a Eisiúint (nóta 24)	(3,060,000)	-
Iarmhéid Deiridh sa Chuntas Státchiste (nóta 11)	**15,279,782**	**13,098,521**

	Fáltais[1] €000	Íocaíochtaí[1] €000	2012 Glan €000	2011 Glan €000
Gníomhaíocht Iasachta[2]				
Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann	16,646,062	(14,667,220)	1,978,842	(4,791,698)
Iasachtaí BEI	100,000	-	100,000	-
Maoiniú Chlár an AE/CAI	32,462,214	(11,226,977)	21,235,237	34,510,074
Iasachtaí Eile Meántéarmacha/ Fadtéarmacha	-	(126)	(126)	(126)
Páipéar Tráchtála	32,103,692	(32,333,257)	(229,565)	(4,052,034)
Cairteacha Coigiltis	1,119,801	(561,736)	558,065	276,113
Bannaí Coigiltis	2,395,702	(1,610,348)	785,354	543,017
Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta	412,462	(18,708)	393,754	265,030
Tráthchoigiltis	115,741	(117,226)	(1,485)	4,747
Duaisbhannaí	346,089	(145,479)	200,610	118,639
Iasachtaí ó Chistí Aire	34,225,028	(35,135,683)	(910,655)	172,640
Gníomhaíocht Iasachta Iomlán	119,926,791	(95,816,760)	24,110,031	27,046,402
Taiscí, Billí Státchiste agus Nótaí Gearrthéarmacha (nóta 18)	148,653,311	(152,630,353)	(3,977,042)	(428,349)
Gníomhaíocht Sreafa Airgid Iomlán	**268,580,102**	**(248,447,113)**	**20,132,989**	**(26,618,053)**

	Fáltais[1] €000	Íocaíochtaí[1] €000	2012 Glan €000	2011 Glan €000
Cuntas Státchiste	261,181,235	(238,761,848)	22,419,387	24,437,936
Airgeadra Coigríche Cuntais Imréitigh (nóta 16)	7,398,867	(9,685,265)	(2,286,398)	2,180,117
	268,580,102	**(248,447,113)**	**20,132,989**	**26,618,053**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 25.

[1]Léiríonn fáltais agus íocaíochtaí oll-luach na gníomhaíochta iasachta, lena n-áirítear tar-rolladh fiachais agus idirbhearta gaolmhara fálaithe.

[2]Áirítear leis an ngníomhaíocht iasachta bannaí Rialtas na hÉireann eisithe don CÉRB i ndáil le haisíocaíocht Nóta Gealltanais.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	2012 €000	2011 €000
Fiachas Náisiúnta Tosaigh	119,082,027	93,444,660
Méadú ar Fhiachas Náisiúnta (ainmniúil)	18,549,987	25,637,367
Fiachas Náisiúnta Deiridh	**137,632,014**	**119,082,027**
Méadú ar Fhiachas Náisiúnta (ainmniúil) ionadaithe ag:		
Easnamh Státchiste	14,891,728	24,918,480
Tráthchuid ar Nóta Gealltanais CÉRB a Shocrú (arna glanadh trí Bhannaí Rialtas na hÉireann a Eisiúint) (nóta 24)	3,060,000	-
Lascaine ar Bhannaí Rialtas na hÉireann arna eisíodh mar Shocrú i ndáil le Tráthchuid ar Nóta Gealltanais CÉRB	411,550	-
Tráinse Bannaí: Glanlaghdú/(Barrachas) d'Fháltais thar Dhliteanas Ainmniúil	199,752	(970)
Cealú bannaí: Glanlaghdú/(Barrachas) de Chostas Cealaithe thar Dhliteanas Ainmniúil	(46,765)	10
Iasachtaí Meántéarmacha/Fadtéarmacha: Glanlaghdú d'fFáltais thar Dhliteanas Ainmniúil	37,700	98,933
Éifeacht Ghluaiseachtaí Ráta Malairte Eachtraí	(4,023)	20,888
Gluaiseacht in Iarmhéid Reatha CFSC (nóta 11)	45	600,046
	18,549,987	**25,637,367**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 25.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Costas Fónaimh d'Fhiachas Iomlán

	Nóta	Gearrtha ar Airgeadra Coigríche Airgeadra Coigríche €000	Gearrtha ar An Príomh-Chiste €000	Gearrtha ar CSRA €000	Iomlán Costas Costas 2012 €000
Ús íoctha					
Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach	2	(35,358)	3,458,592	2,058,579	5,481,813
Fiachas Gearrthéarmach	3	2,649	23,164	13,068	38,881
Scéimeanna Coigealtas Stáit	4,10	-	277,951	5,551	283,502
Gluaiseachtaí Eile	5	(2,255,159)	2,179,839	78,608	3,288
Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta	6	-	-	645,681	645,681
Táillí agus Costais	7	283	119,179	(15,460)	104,002
Costais na Gníomhaireachta		1,187	38,890	-	40,077
Ús a fuarthas ar Thaiscí, Billí Státchiste agus Nótaí Gearrthéarmacha		-	-	(128,818)	(128,818)
Gluaiseacht Idirchuntais		-	2,657,164	(2,657,164)	-
Costas Fónaimh d'Fhiachas Iomlán		**(2,286,398)**	**8,754,779**	**45**	**6,468,426**

2. Ús ar Fhiachas Meántéarmach / Fadtéarmach

	2012 €000	2011 €000
Bannaí Rialtas na hÉireann liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann	4,074,819	4,105,621
Maoiniú Chlár an AE/CAI	1,368,581	207,068
Láithrithe Príobháideacha	34,693	34,693
Nótaí Meántéarmacha	3,760	3,132
Fiachas Ilghnéitheach	(40)	(5)
	5,481,813	**4,350,509**

3. Ús ar Fhiachas Gearrthéarmach

	2012 €000	2011 €000
Páipéar Tráchtála	38,881	91,455
Iasachtaí ó Chistí faoi smacht an Aire Airgeadais	-	124,434
	38,881	**215,889**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

4. Ús ar Scéimeanna Coigiltis Stáit

	2012 €000	2011 €000
Cairteacha Coigiltis	72,627	73,044
Bannaí Coigiltis	138,383	72,552
Tráthchoigiltis	18,351	19,242
Duaiseanna i leith Duaisbhannaí	47,613	41,924
Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta	6,528	2,470
Cúlchiste Mionchoigiltis (nóta 10)	-	-
	283,502	**209,232**

Áirítear sna híocaíochtaí ar ús ar Scéimeanna Náisiúnta Coigiltis in 2012 aistrithe chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin i leith ús carntha caipitlithe ar chuntais faoi leith a shainigh an Post mar chuntais dhíomhaoine faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001. Is iad seo a leanas na glansuimeanna úis a aistríodh:

	2012 €000	2011 €000
Cairteacha Coigiltis	872	(294)
Bannaí Coigiltis	47	(25)
Tráthchoigiltis	273	58
	1,192	**(261)**

5. Gluaiseachtaí Eile

Glacann an Ghníomhaireacht, mar chuid dá ndualgas, páirt i réimse idirbhearta bainistithe fiachais lena n-áirítear díorthaigh (feic nóta 13). Áirítear leis an bhfigiúr seo éifeacht glanshreafa airgid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo.

Áirítear an glansreabhadh ciste a éiríonn as gníomhaíochtaí fálaithe nach bhfuil nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta i gcostais as fónamh d'fhiachas nuair a fhaightear na cistí nó nuair a dhéantar íocaíocht.

6. Íocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta

Faoin Acht Airgeadais, 1950, Alt 22, arna leasú, foráladh do shuimeanna sonracha d'fhuascailt fiachais. Bhí na suimeanna a foráladh agus a cuireadh i bhfeidhm mar seo a leanas:

	2012 €000	2011 €000
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (Nóta 15)	**645,681**	**638,409**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

7. Táillí agus Costais

	2012 €000	2011 €000
Maoiniú Chlár an AE/CAI	69,301	113,759
Bannaí Rialtais agus Iasachtaí Eile	1,918	848
Cairteacha Coigiltis	7,610	8,567
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta	4,418	1,435
Duaisbhannaí	10,879	10,305
Bannaí Coigiltis	8,755	10,926
Tráthchoigiltis	1,121	1,343
	104,002	**147,183**

8(a). Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach

Tá próifíl iarmharach aibíochta an Fhiachais Mheántéarmaigh/Fhadtéarmaigh ag deireadh na bliana, lena n-áirítear idirbhearta bainistithe an chisteáin a shocraigh an Ghníomhaireacht mar seo a leanas:

	2012 € milliún	2011 € milliún
Fiachas le hAisíoc laistigh de bhliain amháin	5,143	6,537
Fiachas le hAisíoc idir 2 bhliain agus 5 bliana	41,704	39,538
Fiachas le hAisíoc i ndiaidh 5 bliana	97,676	74,537
	144,523	**120,612**

8(b). Maoiniú Chlár an AE/CAI

Seo a leanas na dliteanais gan íoc faoi chlár an AE/CAI ag deireadh 2012 atá san áireamh in 8(a) thuas agus a áiríonn éifeacht na n-idirbhearta fálaithe airgeadra: -

	2012 €milliún	Ualaithe Meántéarma Blianta	2011 €milliún	Ualaithe Meántéarma Blianta
Iasachtóir				
An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta	19,030	7.5 Bliain	12,598	7.5 Bliain
An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais	12,214	11.7 Bliain	7,650	6.6 Bliain
An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais	21,700	12.4 Bliain	13,900	8 Bliain
Státchiste na Ríochta Aontaithe	2,454	7.5 Bliain	481	7.5 Bliain
Ríocht na Danmhairge	200	7.5 Bliain	-	
Ríocht na Sualainne	300	7.5 Bliain	-	
	55,898		**34,629**	

B'ionann an chéad tarraingt anuas ón EFSF agus €4,194 milliún agus rinneadh í i mí Feabhra 2011. Baineadh corrlach úis réamhíoctha de €530 milliún ón tarraingt anuas agus ba í an ghlansuim a fuarthas €3,664 milliún. Tá an ghlansuim seo san áireamh i ndliteanas an EFSF atá gan íoc. Leasaíodh téarmaí na hiasachta ina dhiaidh sin agus níl feidhm ag an gcorrlach a thuilleadh. Aisíocfar an corrlach réamhíoctha le hÉirinn nuair a aibeoidh an fiachas in 2016, a fhágfaidh glandliteanas €3,664 milliún a bheidh le haisíoc ag an dáta sin. Déantar an glanchostas a bhaineann leis an iasacht seo a fhónamh a ghearradh ar an tsuim bhunaidh €4,194 milliún a tarraingíodh anuas.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

9. Páipéar Tráchtála

Eisíonn an Ghníomhaireacht páipéar tráchtála gearrthéarmach d'aibíochtaí bliana ar a mhéad chun cistí gearrthéarmacha a chruinniú ó na margaí idirnáisiúnta caipitil. Úsáidtear na fáltais chun easnamh an Státchiste a mhaoiniú agus mar mhaoiniú idirlinne in ionadú fiachais níos fadtéarmaí, agus chun críocha bainistithe leachtachta eile. Féadfaidh iasachtaí bheith i réimse airgeadra, ach caithfear gach iasacht nach euro í a bhabhtáil láithreach go euro agus conarthaí malairte eachtraí á n-úsáid.

10. Scéimeanna Coigiltis Stáit

Tá na suimeanna a thaispeántar i leith Cairteacha Coigiltis, Tráthchoigilteas, Bannaí Coigiltis agus Duaisbhannaí glan ar iarmhéideanna airgid €22.0 milliún (2011: €9.3 milliún) atá ag an bPost, ag Permanent TSB agus ag an gCuideachta Duaisbhannaí. Gníomhaíonn an Post agus an Chuideachta Duaisbhannaí mar chláraitheoirí do na scéimeanna faoi seach.

Mar go réitítear na ráitis airgeadais seo ar bhonn airgid, ní áirítear sna dliteanais suim €548 milliún (2011: €465 milliún), arb ionann é agus meastachán ar shuim an úis fhabhraithe amhail an 31 Nollaig 2012 i leith Bannaí Coigiltis, Cairteacha Coigiltis agus Tráthchoigilteas.

Bunaíodh an Cúlchiste Mionchoigiltis (an Ciste) faoi Alt 160 den Acht Airgeadais, 1994. Caitheadh an tsuim thosaigh a íocadh leis an gCiste. Níor íocadh aon airgead leis an gCiste in 2012 agus ní choinnítear aon airgead ann ag deireadh na bliana. Mar is iondúil má sháraíonn íocaíochtaí úis ar shóinseálacha mionchoigiltis 11 faoin gcéad den ús iomlán fabhraithe don bhliain roimhe, is féidir acmhainní an chiste a chur i dtreo na gcostas úis siúd a sháraíonn 11 faoin gcéad den ioncam fabhraithe sin. B'ionann an t-ollchostas úis ar na scéimeanna mionchoigiltis do 2012 agus €284 milliún arbh ionann é agus 61 faoin gcéad den ús €465 milliún fabhraithe amhail an 31 Nollaig 2011.

	€ milliún
Meastachán ar Ús Fabhraithe amhail an 31 Nollaig 2012	548
Iarmhéid an Chúlchiste Mionchoigiltis amhail an 1 Eanáir 2012	NIALAS
Suim a cuireadh i bhfeidhm le linn 2012 (Nóta 4)	NIALAS
Iarmhéid an Chúlchiste Mionchoigiltis amhail an 31 Nollaig 2012	NIALAS
Ús Fabhraithe Measta nach ndearnadh Foráil dó amhail an 31 Nollaig 2012	548

Aistrítear aon iarmhéid sa Chiste chuig an Státchiste mar chuid de na hiasachtaí ó chistí faoi smacht an Aire Airgeadais.

11. Airgead agus Sócmhainní Gaolmhara Eile

	Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012 €000	Gluaiseachtaí le linn 2012 €000	Iarmhéid Deiridh amhail an 31 Nollaig 2012 €000
Cuntas Státchiste	13,098,521	2,181,261	15,279,782
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitil (nóta 15)	405	(45)	360
Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe	3,847,950	134,228	3,982,178
Taiscí agus Billí Státchiste	30,154	4,035,184	4,065,338
Maoiniú Comhthaobhachta ITC (nóta 13)	715,113	(192,370)	522,743
	17,692,143	**6,158,258**	**23,850,401**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

11. Airgead agus Sócmhainní Gaolmhara Eile (Ar Lean)

Tá taiscí le bainc thráchtála agus Billí Státchiste comhdhéanta de Thaiscí ar fiú €3,020m iad agus Billí Státchiste ar luach €1,045m.

Is féidir nach mbeidh Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe so-inréadaithe, ag brath ar choinníollacha an mhargaidh.

Tagann Maoiniú Comhthaobhachta ITC ón gceanglas maidir le comhthaobhacht airgid a bhreacadh faoi Iarscríbhinní Tacaíochta Creidmheasa a bhaineann le hidirbhearta díorthacha áirithe. Athraíonn na hiarmhéideanna seo, agus rochtain ar an gcomhthaobhacht airgid lena mbaineann, ar bhonn laethúil agus braitheann siad ar luach margaidh na ndíorthach seo.

12. Bainistíocht Riosca

De bharr fhreagracht na Gníomhaireachta d'eisiúint fiachais nua agus d'aisíocaíocht fiachais i mbun aibiú araon, i dteannta le bainistíocht ráta úis agus próifíl airgeadra na punainne iomláine fiachais, is cuid lárnach agus fhíorthábhachtach de ghnó na Gníomhaireachta í an bhainistíocht riosca. Is iad na príomhchatagóirí riosca a eascraíonn as gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ná riosca leachtachta, riosca margaidh, riosca creidmheasa an chontrapháirtí agus riosca oibríochta. I ngach ceann de na réimsí seo, tá beartais agus nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht chun an riosca lena mbaineann a thomhas agus a rialú.

Is príomhchuspóir de chuid na Gníomhaireachta é a chinntiú go bhfuil dóthain airgid ag an Státchiste chun gach dualgas a chomhlíonadh agus iad dlite. I ndeireadh na dála, is é cosaint leachtachta an cúram is tábhachtaí atá ag an nGníomhaireacht. Is féidir le rioscaí i leith leachtacht an Fhiachais Náisiúnta eascairt as imeachtaí sa bhaile, nó de bharr ardnaisc idir margaí, as imeachtaí lasmuigh d'Éirinn. Déanann an Ghníomhaireacht an riosca seo a bhainistiú go príomha trí líon na ndliteanas atá i mbun aibiú ag aon am faoi leith a rialú agus trí thráthúlacht agus méid an mhaoinithe a mheaitseáil. Atreisítear é seo trí ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta i bhfeabhsú leanúnach bonn eolach agus éagsúlaithe d'infheisteoirí idirnáisiúnta, trína láithreacht sna margaí móra caipitiúla a chothú agus trí réimse na n-ionstraimí fiachais is féidir a eisiúint a leathnú.

Ar an 28 Samhain 2010, chomhaontaigh an Rialtas go mbeadh clár tacaíochta airgeadais €85 billiúin d'Éirinn ag baill an AE agus an CAI. Tá ranníocaíocht an Stáit leis an gclár socraithe ag €17.5 billiún, agus beidh an ranníocaíocht sheachtrach ionann le €67.5 billiún. Áirítear le téarmaí an chláir iasachtaí d'aibíochtaí éagsúla. Tá na haibíochtaí céimnithe tábhachtach maidir le bainistíocht riosca chun staid a sheachaint ina mbeadh "balla maoinithe" roimh Éirinn ag deireadh an chláir seo. Tá an Ghníomhaireacht ag iarraidh a chinntiú go mbíonn íocaíochtaí amach faoi chlár an AE/CAI sceidealaithe chun leachtacht leordhóthanach a sholáthar agus costas seilbhe don Stát a íoslaghdú.

Is ionann riosca margaidh agus an riosca a bhaineann leis an drochthionchar atá ag gluaiseachtaí in ús an mhargaidh nó rátaí malairte nó praghsanna eile ar chostais seirbhíse fiachais nó luach iomlán margaidh an fhiachais. Ní mór aird bheith ag an nGníomhaireacht ar impleachtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha araon dá gcuid idirbheart de bharr a gcúraim i rialú ní hamháin costais as fónamh d'fhiachas fioscach garthéarmach ach luach reatha na n-íocaíochtaí uile sa todhchaí ar bhunairgead agus ar ús freisin. Rialaítear an neamhchosaint ar riosca ráta úis agus airgeadra trí ráta úis agus comhchruinniú airgeadra na punainne a bhainistiú de réir threoirlínte an Aire. Tá srianta sonracha cainníochtúla i bhfeidhm chun riosca margaidh a rialú; tuairiscítear neamhchosaint ar na srianta seo go rialta leis na bainisteoirí punainne agus leis an ardbhainistíocht araon. Nuair a athraíonn coinníollacha na margaí airgeadais, déantar athbhreithniú ar ráta cuí úis agus ar phróifíl airgeadra na punainne. Tá an Ghníomhaireacht ag iarraidh an trádchothromú is fearr a ghnóthú idir costas agus riosca thar thréimhse agus tá clár fálaithe i bhfeidhm chun riosca ráta úis agus ráta malairte a bhainistiú agus chun an Státchiste a chosaint ó luaineacht féideartha sa todhchaí. Leagtar amach tuilleadh faisnéise ar úsáid díorthach i Nóta 13 – Díorthaigh.

Eascraíonn riosca creidmheasa an chontrapháirtí ó dhíorthaigh, ó thaiscí agus ó idirbhearta malairte eachtraí. Laghdaítear leibhéal an riosca creidmheasa trí phlé le contrapháirtí a bhfuil ardchaighdeán creidmheasa acu amháin. Forálann nósanna imeachta d'údarú srianta riosca don uile chomhpháirtí agus tuairiscítear neamhchosaint leis an mbainistíocht go laethúil. Tugtar faoi athbhreithniú ar na srianta ar fad go rialta chun athruithe i stádas creidmheasa na gcontrapháirtithe nó athruithe in imeachtaí geilleagracha nó polaitíochta a chur san áireamh. Chun neamhchosaint an Státchiste roimh chontrapháirtithe margaidh a mhaolú agus lena chinntiú go bhfuil rochtain éifeachtach margaidh ag Éirinn le haghaidh a cuid gníomhaíochtaí fálaithe, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht dul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa le rannpháirtithe an mhargaidh a bhfuil sí ag iarraidh trádáil a dhéanamh leo – baineann sé seo le fáil agus le breacadh comhthaobhachta chun luach margaidh na neamhchosaintí a sheach-chur. Leagtar amach tuilleadh faisnéise ar úsáid socruithe tacaíochta creidmheasa i Nóta 13 – Díorthaigh.

Bunaíodh rialúcháin chuimsitheacha d'fhonn a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí oibríochtúla ar bhealach stuama. I measc na rialachán seo tá deighilt dualgas idir trádáil, próiseáil, íocaíochtaí agus tuairisciú.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

13. Díorthaigh

Mar chuid dá straitéis bainistithe riosca, úsáideann an Ghníomhaireacht meascán de dhíorthaigh lena n-áirítear babhtálacha ráta úis, babhtálacha airgeadra agus conarthaí malairte eachtraí. Léirítear sa tábla seo a leanas luach ainmniúil, agus luach reatha, na n-ionstraimí a bhaineann le Fiachas Náisiúnta amuigh ag deireadh na bliana. Deimhnítear luach reatha gach ionstraime trí ráta cuí úis a úsáid chun a sreabhadh iomlán airgid sa todhchaí a lascainiú chuig a luach reatha.

	an 31 Nollaig 2012		an 31 Nollaig 2011	
	Ainmniúil € milliún	Luach Reatha € milliún	Ainmniúil € milliún	Luach Reatha € milliún
Babhtálacha ráta úis	12,844	(1,328)	9,094	(814)
Babhtálacha Airgeadra & Conarthaí Malairte Eachtraí	14,990	329	9,009	400
	27,834	**(999)**	**18,103**	**(414)**

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí státchiste don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ("GNBS") faoi Alt 52 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé idirbhearta díorthacha a dhéanamh le GNBS. Déantar a leithéid sin d'idirbhearta a fhritháireamh trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin níl aon ghlanéifeacht ar chuntais an Fhiachais Náisiúnta. Ba é €19.4 billiún (2011: €22.8 billiún) luach ainmniúil na mbabhtálacha ráta úis a rinneadh le GNBS ag deireadh 2012; ba é €6.2 billiún (2011: €8.6 billiún) luach ainmniúil na mbabhtálacha airgeadra agus na gconarthaí ráta malairte a rinneadh le GNBS ag deireadh 2012.

Chun na rioscaí a eascraíonn ó idirbhearta díorthacha a mhaolú, déanann an Ghníomhaireacht socruithe tacaíochta creidmheasa lena chontrapháirtithe margaidh. Dréachtaítear conarthaí díorthacha i gcomhréir le Máistir-Chomhaontuithe an Chumainn um Babhtálacha agus Dhíorthaigh Idirnáisiúnta (CBDI). Is doiciméad dlíthiúil í Iarscríbhinn Tacaíochta Creidmheasa (ITC) a d'fhéadfadh bheith ceangailte le Máistir-Chomhaontú an CBDI chun tacaíocht chreidmheasa a rialú (sa chás seo, comhthaobhacht airgid) le haghaidh idirbhearta díorthacha, agus sainmhíníonn sé na cúinsí faoinar gá do chontrapháirtithe comhthaobhacht a phostáil. Faoi na ITCanna, is ionann breacadh airgid agus aistriú iomlán úinéireachta. Ach, tá an t-aistriú faoi réir dualgais comhthaobhacht choibhéiseach a thabhairt ar ais de réir athruithe i luachanna margaidh nó faoi chúinsí ar leith mar atá Imeacht Críochnaithe nó Imeacht Loicthe. Tá an soláthróir comhthaobhachta i dteideal ús a chur i dtaisce ar iarmhéideanna airgid postáilte.

Chuir an Ghníomhaireacht Cuntas Tacaíochta Creidmheasa ar bun i mBanc Ceannais na hÉireann in 2010 chun na hidirbhearta seo a éascú. Déantar luacháil ar chonarthaí díorthacha ar bhonn laethúil. Nuair a bhíonn gá le comhthaobhacht ó chontrapháirtí, íoctar í isteach sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa. Nuair a bhíonn gá ag an nGníomhaireacht comhthaobhacht a phostáil le contrapháirtí, úsáideann sí an t-airgead sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa chun an íocaíocht chomhthaobhachta a mhaoiniú. Má bhíonn easpa airgid sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa, maoinítear an Cuntas ón Státchiste.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

13. Díorthaigh (ar lean)

Cuntas Tacaíochta Creidmheasa	2012 € milliún	2011 € milliún
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	-	11
Aistrithe éarlaise a fuarthas ó chontrapháirtithe	4,353	2,709
Aistrithe éarlaise a íocadh le contrapháirtithe	(4,161)	(3,435)
Glanmhaoiniú Státchiste le linn na bliana	(192)	715
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	-	-

Tabhair faoi deara:	2012 € milliún	2011 € milliún
Maoiniú Státchiste amhail an 31 Nollaig	523	715
Glan-Chomhthaobhacht breactha ag (chuig) contrapháirtithe amhail an 31 Nollaig	(523)	(715)

I mí an Mhárta 2012, rinne an Ghníomhaireacht Comhaontú Breactha Comhthaobhachta le GNBS, faoina gceanglaítear ar GNBS comhthaobhacht a bhreacadh chuig an nGníomhaireacht nuair a éilíonn an Ghníomhaireacht a leithéid uirthi. Ag deireadh na bliana 2012, b'ionann comhthaobhacht bhreactha an GNBS mar chuid den chomhaontú sin agus €1.15bn.

14. Fiachas Náisiúnta – Comhdhéanamh Airgeadra

Fálaíonn an Ghníomhaireacht riosca airgeadra coigríche an Fhiachais Náisiúnta trí úsáid réamhchonarthaí malairte eachtraí agus babhtálacha airgeadra. Tá comhdhéanamh airgeadra an Fhiachais Náisiúnta, agus na bhfálta airgeadra bainteacha mar seo a leanas: -

	Amhail an 31 Nollaig	
Airgeadra	2012 € milliún	2011 € milliún
Ionstraimí Fiachais		
Euro	122,940	110,563
Dollar SAM	8,345	5,659
Punt Steirling	4,717	1,979
Yen na Seapáine	1,843	1,430
Franc na hEilvéise	81	-
	137,926	119,631
Airgeadra Coigríche & Conarthaí Babhtála		
Euro	14,693	8,459
Dollar SAM	(8,335)	(5,610)
Punt Steirling	(4,721)	(1,976)
Yen na Seapáine	(1,850)	(1,422)
Franc na hEilvéise	(81)	-
	(294)	(549)
Fiachas Náisiúnta[1]	**137,632**	**119,082**

[1] Tá an figiúr seo glan ar shócmhainní airgid agus ar shócmhainní airgeadais eile amhail an 31 Nollaig 2012 arbh fhiú €23,850 milliún iad (31 Nollaig 2011: €17,692 milliún)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

15. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Úsáidtear an cuntas seo chun taifead a dhéanamh orthu seo a leanas:

(a) íocaíochtaí úis agus príomhshuime as blianacht bhliantúil a dearadh chun iasachtaí a amúchadh do chaipiteal a vótáladh faoi alt 22(7) den Acht Airgeadais, 1950;

(b) fáltais agus íocaíochtaí faoi leith a eascraíonn as fónamh d'fhiachas agus as idirbhearta bainistithe fiachais a údaraíodh faoi alt 67(8) den Acht Airgeadais, 1988 agus alt 54(7) den Acht Airgeadais, 1970.

16. Cuntais Imréitigh Airgeadra Coigríche

	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2012		NIALAS
Suimeanna a Fuarthas faoin Acht Airgeadais, 1988 [Alt 67 (8)]	37,287,633	
Suimeanna a Íocadh faoi Acht Airgeadais 1970 [Alt 54 (7)]	(35,032,475)	2,255,158
Fáltais Iasachtaí Airgeadra Coigríche	7,398,867	
Íocaíochtaí Iasachtaí Airgeadra Coigríche	(9,685,265)	(2,286,398)
Ús a Íocadh ar Iasachtaí Airgeadra Coigríche (nóta 1)		
- Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach	35,359	
- Fiachas Gearrthéarmach	(2,649)	32,710
Costais Iasachtaí Airgeadra Coigríche (nóta 1)		(283)
Costais na Gníomhaireachta		(1,187)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012		**NIALAS**

17. Iasachtaí ó Chistí faoi smacht an Aire Airgeadais

Iasachtaí gearrthéarmacha iad na cistí seo ón Státchiste a tharraingítear anuas mar mhodh "bealaí agus modhanna" chun riachtanais an Státchiste a mhaoiniú ó líon cistí atá faoi smacht an Aire Airgeadais.

	2012 €milliún	2011 €milliún
Ciste Bhanc Taisce an Phoist	624	1,440
Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce (nóta 22)	162	256
	786	**1,696**

18. Gníomhaíocht i ndáil le Taiscí, Billí Státchiste agus le Nótaí Gearrthéarmacha

Láithríonn an Ghníomhaireacht taiscí gearrthéarmacha agus ceannaíonn sí Billí Státchiste agus nótaí Gearrthéarmacha le haghaidh aibíochtaí suas le bliain amháin chun críocha bainistithe leachtachta.

19. Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta

Eisíonn nó cealaíonn an Ghníomhaireacht Bannaí reatha Rialtas na hÉireann ó am go ham. Déantar é seo trí dhíolacháin nó trí cheannach Chiste Bhanc Taisce an Phoist, a shocraíonn leis an Státchiste é ansin. Cuireann eilimint úis fhabhraithe na suime socraíochta do gach idirbheart banna san áireamh go bhfuil díbhinn iomlán iníoctha leis an úinéir cláraithe sa chás go bhfuil na bannaí i seilbh ar an dáta ex-díbhinne. Is é cuspóir an chuntais seo gur féidir le Ciste Bhanc Taisce an Phoist an Státchiste a chúiteamh d'eilimint neamhshaothraithe na díbhinne a eascraíonn as bannaí tráinse cum díbhinn nó ar bhannaí cealaithe ex-díbhinn. Úsáidtear na suimeanna seo ansin chun costais fónaimh an Státchiste lena mbaineann a fhritháireamh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

19. Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta (ar lean)

	2012 €000	2011 €000
Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	11,924	64,416
Ús fabhraithe a fuarthas ar Iasachtaí Náisiúnta		
- Trainsí agus Ceantanna	65,242	11,926
Ús fabhraithe a íocadh ar Iasachtaí Náisiúnta	(64,987)	(64,418)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann	**12,179**	**11,924**

20. Cuntas Iasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh)

Nuair atá Iasacht Náisiúnta le fuascailt, tá an tsuim iomlán gan íoc iníoctha leis na sealbhóirí iasachta. Aistrítear aon suim nach n-éilítear ar dháta na fuascailte chuig an gcuntas seo trí íocaíocht ón Státchiste. Áirítear sa chuntas seo freisin iarmhéideanna a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais agus na Roinne Airgeadais mar Ghníomhairí Íocaíochtaí i leith íocaíochtaí fuascailte nár glacadh leo, agus a aistríodh chuig an nGníomhaireacht. Íoctar aon éileamh eile ón gcuntas seo.

	2012 €000	2011 €000
Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	3,363	3,668
Fáltais ón Státchiste	1,193	-
Fáltais ó Chuntas Fionraí an Bhainc Ceannais	69	138
Íocaíochtaí le Cuntas Fionraí an Bhainc Ceannais	(138)	(207)
Íocaíochtaí le Fuascailt ar Iasachtaí Náisiúnta	(1,032)	(236)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann	**3,455**	**3,363**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

20. Cuntas Iasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh) (Ar lean)

	2012 €000	2011 €000
Iasachtaí Náisiúnta a Fuasclaíodh le linn na Bliana Dar Chríoch		
Iasacht Forbartha Náisiúnta 5.25% 79-84	1	-
Stoc Státchiste 6% 1980-85	1	-
Iasacht Náisiúnta 7.5% 1981-86	-	1
Iasacht Náisiúnta 9.75% 1984-89	-	1
Iasacht Náisiúnta 7% 1987-92	-	1
Stoc Státchiste 5.75% 1984-89	1	-
Iasacht Náisiúnta 7% 1987-92	-	1
Iasacht Forbartha Náisiúnta 9.75% 92/97	-	2
Stoc Caipitil 7.75% 1997	5	1
Banna Státchiste 6.5% 2001	-	2
Stoc Státchiste 6.5% 00/05	-	20
Banna Státchiste 8% 2006	-	7
Stoc Caipitil 8.25% 2008	5	-
Stoc Státchiste 6% 2008 (Treasury Stock)	39	-
Stoc Caipitil 8.5% 2010	68	136
Banna Státchiste 4% 2010	-	64
Stoc Caipitil 8.75% 2012	912	-
	1,032	**236**

21. Cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní nár Éilíodh)

Nuair atá díbhinn dlite ar dhliteanas iasachta, íocann an Ghníomhaireacht an tsuim iomlán leis an nGníomhaire Íocaíochta agus eisítear chuig na sealbhóirí cláraithe ansin í. Léiríonn an t-iarmhéid i gcuntas na ndíbhinní nár éilíodh díbhinní ar iasachtaí aibí, nár éiligh na sealbhóirí cláraithe orthu agus a d'aischuir an Gníomhaire Íocaíochta leis an nGníomhaireacht. Tá an t-iarmhéid ar fáil chun aon éileamh ar na díbhinní seo sa todhchaí a íoc. Cothaíonn an Gníomhaire Íocaíochta cúlchnap airgid, thar ceann na Gníomhaireachta, a úsáidtear chun éilimh a íoc le linn na bliana.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	2012 €000	2011 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	2,610	2,542
Fáltas Díbhinní nár Éilíodh	-	77
Íocaíocht maidir le Díbhinní nár Éilíodh	(54)	(9)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann	**2,556**	**2,610**

Díbhinní a éilíodh agus a íocadh sa bhliain	2012 €000	2011 €000
Bannaí Rialtas na hÉireann Cláraithe le Banc Ceannais na hÉireann	47	3
Bannaí Eachtracha faoi Riarachán an Ghníomhaire Íocaíochta	7	6
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann	**54**	**9**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

22. Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce

Déanann an cuntas seo taifeadadh ar iasachtaí agus ar aisíocaíochtaí cistí barrachais atá i gCuntas Soláthair an Phámháistir Ghinearálta.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	2012 €000	2011 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	256,383	316,293
Airleacain Bealaí agus Modhanna a Íocadh leis an Státchiste	6,527,704	4,298,941
Airleacain Bealaí agus Modhanna a D'aisíoc an Státchiste	(6,622,005)	(4,358,851)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig – Airleacain Bealaí agus Modhanna leis an Státchiste	**162,082**	**256,383**

23. Cuntas ar Stoc ar Glacadh leis mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus ar Dhleachtanna Báis

Níor glacadh le haon stoc mar íocaíocht ar cháin oidhreachta agus ar dhleachtanna báis le linn 2012.

24. Tráthchuid ar Nóta Gealltanais CÉRB a Ghlanadh

In 2010, d'eisigh an tAire Airgeadais nótaí gealltanais don Bhanc Angla-Éireannach cpt Teoranta (ar a dtugtar Corparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta ina dhiaidh sin "CÉRB"). B'ionann an tráthchuid a dhligh an tAire Airgeadais a íoc le CÉRB an 31 Márta 2012 agus €3.06 billiún. D'aontaigh CÉRB glacadh leis na Bannaí Rialtais a d'eisigh an Ghníomaireacht thar ceann an Aire arb ionann a luach agus an t-airgead dlite chun an tráthchuid a ghlanadh agus rinne siad comhaontú suibscríbhinne bannaí leis an nGníomhaireacht. Faoi Ghníomhas Fritháirimh dátaithe 30 Márta 2012, chomhaontaigh an tAire, CÉRB agus an Ghníomhaireacht go nglanfar fáltais ón díolachán bannaí do CÉRB in aghaidh na tráthchoda dlite do CÉRB faoi na nótaí gealltanais. Níor tharla aon idirbheart airgid sa Chuntas Státchiste dá bharr. Ach, tháinig méadú ar an bhFiachas Náisiúnta mar éifeacht air sin, agus thug an Ghníomhaireacht míniú don díolachán bannaí de réir mar a chaitear de ghnáth le heisiúint bannaí.

25. Teagmhais i ndiaidh an Chláir Chomhardaithe

Idirbheart Nóta Gealltanais

Tar éis leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc (CÉRB) an 7 Feabhra 2013, agus an chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Banc Ceannais na hÉireann maidir le bannaí Rialtais fadtéarmacha a chur in ionad na nótaí gealltanais arna soláthar do CÉRB faoi úinéireacht stáit, cuireadh na nótaí gealltanais ar ceal agus cuireadh ocht mbanna nua Státchiste le ráta comhlúthach ina n-ionad. Eisíodh suim iomlán €25 billiún do Bhanc Ceannais na hÉireann an 8 Feabhra 2013 le tréimhsí aibíochta idir 25 bliain agus 40 bliain. Íocfaidh na bannaí ús gach sé mhí (Meitheamh agus Nollaig) bunaithe ar ráta úis 6-mhí de chuid Euribor móide corrlach seasta le meán 2.63 phointe céatadáin thar na hocht n-eisiúint.

Ráitis Airgeadais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 62–63

Beartais Cuntasaíochta 64

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 65

Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána 65

Clár Comhardaithe 66

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 67–75

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin

Tá iniúchadh déanta agam ar chuntas riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Beidh sa chuntas riaracháin, arna ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, an ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta agus na nótaí gaolmhara. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm chun é a ullmhú agus an dlí is infheidhme agus an cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí na Gníomhaireachta

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as an gcuntas riaracháin a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm an cuntas riaracháin a iniúchadh agus tuairisciú air de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sa chuntas riaracháin, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an cuntas riaracháin saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí na Gníomhaireachta de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú an chuntais, agus
- cur i láthair foriomlán an chuntais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireachtaí ábhartha leis an gcuntas iniúchta a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonrú dealraitheach nó neamhréireacht, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann an cuntas riaracháin léargas fírinneach cóir, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, maidir le staid chúrsaí na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2012 agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas don bhliain 2012.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá an cuntas riaracháin ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta comhsheasmhach leis an gcuntas riaracháin lena mbaineann, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon an Ghníomhaireacht an Cód Cleachtas ar Rialachas Comhlachtaí, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Séamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2013

Beartais Chuntasaíochta

(a) Cúlra

Feidhmíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") le sainchúram tráchtála chun seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas a chur ar fáil don Rialtas. D'fhás siad ó bheith ina ngníomhaireacht aon fheidhme a bhainistíonn an Fiachas Náisiúnta agus iad anois ina mbainisteoir ar phunann chasta sócmhainní agus dliteanas poiblí. I measc na ngnóthaí atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht, tá iasachtaíocht i gcomhair an Státchiste agus bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, an tÚdarás um Gheilleagar nua agus um Théarnamh, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean agus an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta. Sannann siad baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ("GNBS") agus soláthraíonn siad seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta dóibh.

Faoi Alt 11 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 déanfar na costais tabhaithe ag an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna a mhuirearú agus a íoc amach as an bPríomh-Chiste (Státchiste) nó ar a thoradh fáis. Faoi Ailt 41 agus 42 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do GNBS mar aon le foireann a shannadh d'fheidhmeanna GNBS. I gcás costas den sórt sin a thabhaíonn an Ghníomhaireacht, aisíocann GNBS iad leis an nGníomhaireacht.

(b) Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

(c) Bonn na Cuntasaíochta

Réitíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá foirm na ráiteas airgeadais ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

(d) Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Taispeántar na sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carntha. Dímheastar sócmhainní seasta i dtráthchodanna bliantúla thar a saolré fónta measta.

(e) Léasú

Gearrtar léasanna faoin léas oibriúcháin ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn carntha.

(f) Pinsin

Reáchtálann an Ghníomhaireacht scéim pinsin le sochar sainithe d'fhostaithe faoi leith agus déanann ranníocaíochtaí le Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (CCSP) d'fhostaithe eile. Maoinítear na ranníocaíochtaí as buiséad riaracháin na Gníomhaireachta.

Áirítear costais scéim pinsin le sochar sainithe faoi FRS 17. Meastar sócmhainní scéim pinsin ag luach cóir. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as an modh réamh-mheasta aonaid. Léirítear barrachas dliteanais scéime thar shócmhainní scéime ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas. Is éard atá i gceist le maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a ghnóthófar amach anseo ón bPríomh-Chiste.

Is ionann an muirear pinsin le sochar sainithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an costas seirbhíse reatha agus an costas seirbhíse a rinneadh móide an difríocht idir an toradh iarbhír ar shócmhainní scéime agus an costas úis ar dhliteanais scéime. Sonraítear suim arb ionann í agus an táille ar phinsean mar ioncam atá inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste sa todhchaí.

Léirítear na gnóthachain agus na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais toimhdí achtúireacha agus ó bharrachas agus easnamh ó thaithí sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus tá aird ar athrú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste.

Aithnítear costas ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta sna CCSPanna mar íocaíocht sa Chuntas Riaracháin sa bhliain airgeadais lena mbaineann seirbhís an fhostaithe.

(g) Bogearraí

Gearrtar costais bogearraí ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse a dtabhaítear iad.

(h) Cuntas Caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil fáltais ón bPríomh-Chiste, a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a cheannach. Déantar na fáltais a amúchtadh ar aon dul le dímheas ar na sócmhainní seasta lena mbaineann.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Ioncam			
Suim Infhaighte ón bPríomh-Chiste	1(a)	34,621	43,987
Ioncam Eile	2	37,715	51,843
Aistriú (chuig an) / ón gCuntas Caipitil	9	(274)	(1,074)
		72,062	94,756
Caiteachas			
Costais na Gníomhaireachta	3(a)	(73,010)	(93,084)
Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha	4(a)	948	(1,672)
Glan-Ioncam / (Glan-Chaiteachas)		-	-

Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Glanioncam aistrithe chuig an gCúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe		-	-
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach aitheanta ar Dhliteanais Phinsin	5(f)	3,415	(6,672)
Gluaiseacht i Maoiniú Pinsin Iarchurtha	4(b)	(3,415)	5,009
Gnóthachan / (Caillteanas) Iomlán Aitheanta		-	**(1,663)**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 11.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Clár Comhardaithe

31 Nollaig

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Seasta	6	3,249	2,975
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		1,393	(623)
Féichiúnaithe	7	13,757	11,353
Sócmhainní Reatha Iomlána		15,150	10,730
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe	8	(15,150)	(10,730)
Sócmhainní Reatha lúide Dliteanais Reatha		-	-
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Phinsin		3,249	2,975
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	5(d)	870	3,337
(Dliteanas)/Sócmhainn Pinsin	5(d)	(870)	(3,337)
		-	-
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha		**3,249**	**2,975**
Ag Ionadú:			
Cuntas Caipitil	9	3,249	2,975
Cúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe	5(d)	-	-
		3,249	**2,975**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 11.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Ioncam an Phríomh-Chiste

(a) Feidhmíonn an Príomh-Chiste ar bhonn fáltas agus íocaíochtaí, ach bunaíodh na cuntais seo ar bhonn fabhraithe. Leagann an tábla a leanas na nithe réitigh amach:

	2012 €000	2011 €000
Suim thosaigh dlite don Phríomh-Chiste / ón bPríomh-Chiste (nóta 8)	3,963	6,824
Suimeanna a fuarthas ón bPríomh-Chiste	40,077	41,126
Suim dlite (leis an) /ón bPríomh-Chiste ag deireadh na bliana (nóta 8)	(9,419)	(3,963)
Príomh-Chiste Infhaighte don bhliain	**34,621**	**43,987**

(b) Is í an tsuim iomlán aitheanta mar (iníoctha le) / inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste:

	2012 €000	2011 €000
Creidiúnaithe (nóta 8)	(9,419)	(3,963)
Maoiniú Pinsin Iarchurtha (nóta 5(d))	870	3,337
	(8,549)	**(626)**

2. Ioncam eile

	2012 €000	2011 €000
Gnóthú Costas ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	36,890	27,714
Gnóthú Costas ó Fhorais Chlúdaithe Chreidmheasa	70	23,343
Ioncam Urrús faoi Chumhdach Sócmhainní	465	566
Comhairleacht agus Ioncam eile	290	220
	37,715	**51,843**

Faoi Ailt 41 agus 42 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do GNBS mar aon le foireann a shannadh d'fheidhmeanna GNBS, de réir mar a aontaíodh. Ba é costas na seirbhísí seo don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 €36.9m (2011: €27.7m).

Tá €1.1m (2011: €36.2m) de tháillí gairmiúla atá bainteach le feidhmeanna córais bhaincéireachta tabhaithe ag an nGníomhaireacht in 2012, €0.07m (2011: €23.3m) den mhéid sin atá inghnóthaithe ó na forais chlúdaithe chreidmheasa. Tá an gnóthú costas ó fhorais chlúdaithe chreidmheasa níos ísle ná an bhliain roimhe seo de bharr laghduithe suntasacha ar na gcostais a thabhaigh an Ghníomhaireacht in 2012.

Eisítear Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne faoin Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001 arna leasú ag an Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne (Leasú), 2007. I gcás go mainneoidh eisitheoir urrús foráiltear san Acht go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht na nithe seo san ord a leanas, (i) iarracht ar sholáthróir seirbhíse eile a fháil leis na linnte cuí sócmhainní a bhainistiú, (ii) athrú comhlacht corpraithe a fháil a bheidh ina máthairchuideachta ar na linnte cuí, nó (iii) na linnte a fhéinbhainistiú. Faigheann an Ghníomhaireacht táillí ioncaim urrús faoi chumhdach sócmhainne i gcomaoin atá bunaithe ar an tsuim ainmniúil de gach banna in éisiúint faoi chumhdach sócmhainne.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

3. Costais na Gníomhaireachta

(a) Costais na Gníomhaireachta

	2012 €000	2011 €000
Costais Fhostaíochta	51,009	40,089
Táillí Gairmiúla	3,242	38,357
Costais Oibriúcháin	11,884	10,763
Costas bliantúil Pinsin le Sochar Sainithe (nóta 5(e))	5,599	2,860
Dímheas (nóta 6)	1,121	850
Costais Phinsin CCSP (nóta 3(d))	155	165
Iomlán na gCostas	**73,010**	**93,084**

Faoin treoir a eisíodh don Ghníomhaireacht faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 115 de 2010, tharmlig an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais bhaincéireachta chuig an nGníomhaireacht. Cúlghaireadh tarmligean feidhmeanna córais bhaincéireachta chuig an nGníomhaireacht le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. Uimh. 395 de 2011. Ina dhiaidh sin, cuireadh Aonad Baincéireachta na Gníomhaireachta ar iasacht leis an Roinn Airgeadais. Ar ordú an Aire, leanann an Ghníomhaireacht de bheith ag freastal ar chostais an Aonaid Bhaincéireachta, a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe chomhairliúcháin. Áirítear na costais seo i gCostais na Gníomhaireachta mar a leagtar amach iad thuas.

(b) Costais na Gníomhaireachta d'fheidhmeanna sonraithe

	2012 €m	2011 €m
An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ("CNP")	3.9	3.7
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ("GAFN")	6.1	5.9
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	10.3	8.5
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	36.9	27.7

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

3. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

(c) Luach Saothair agus Costais

Is í an Ghníomhaireacht a leagann amach luach saothair do chomhaltaí an Choiste Chomhairligh le cead ón Aire Airgeadais.

An Coiste Comhairleach

Cathaoirleach:	€45,000 sa bhliain
Comhaltaí Eile:	€22,500 sa bhliain

Tá Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais ina chomhalta ex officio ar an gCoiste Comhairleach. Ní fhaigheann sé aon luach saothair i dtaca lena chomhaltas.

Áirítear i luach saothair na gcomhaltaí Coiste atá leagtha amach thuas laghdú 10 faoin gcéad i dtáillí faoi mar a chomhaontaigh an Coiste le héifeacht ó 1 Eanáir 2012.

Íocadh €32,121 ar an iomlán i gcostais le comhaltaí an Choiste Chomhairligh in 2012 (2011: €36,558), a bhain le costais taistil agus cóiríochta a bhí tabhaithe ag comhaltaí nach bhfuil lonnaithe in Éirinn. Ba é €28,195 (2011: €31,833) an costas a bhain le taisteal agus €3,926 (2011: €4,725) a bhain le cóiríocht.

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh	**2012**	**2011**
Tuarastal	€416,500	€490,000
Sochair incháinithe	€29,600	€28,635

Tá teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de na teidlíochtaí caighdeáin i scéim aoisliúntais samhla sochar sainithe na hearnála poiblí.

Is é an tAire Airgeadais, tar éis comhairliúcháin leis an gCoiste Comhairleach, a chinneann luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh. Ghlac an Príomhfheidhmeannach le laghdú 15 faoin gcéad dá thuarastal tar éis don Aire Airgeadais é sin a iarraidh agus léirítear an coigeartú seo thuas.

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta de thuarastal bunúsach, sochair incháinithe (carr agus árachas sláinte) agus íocaíocht a bhaineann le feidhmíocht suas go 80 faoin gcéad den tuarastal bliantúil. Tharscaoil an Príomhfheidhmeannach aon chomaoin maidir le pá a bhaineann le feidhmíocht do 2012 (díreach mar a rinne sé roimhe sin do 2011 agus 2010).

(d) Aoisliúntas

Bronntar teidlíocht aoisliúntais na foirne faoi scéim sochair shainithe aoisliúntais a bunaíodh faoi Alt 8 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Aistrítear ranníocaíochtaí, ranníocaíochtaí na mball foirne a roghnaigh socruithe sochair shainithe san áireamh, chuig ciste a bhainistítear go seachtrach. Cinntear ranníocaíocht na Gníomhaireachta ar chomhairle achtúire neamhspleách agus tá sé socraithe, faoi láthair, ag leibhéal 25 faoin gcéad den tuarastal i ndáil le daoine a raibh ballraíocht acu sa Scéim roimh 1 Eanáir 2010 agus a fhaigheann sochair bunaithe ar a dtuarastal deiridh. Déantar ranníocaíocht de 10 faoin gcéad den tuarastal i dtaca le baill nua na Scéime ón 1 Eanáir 2011. Gheobhaidh na hiontrálaithe nua seo, lena n-áirítear baill foirne a bhain leas as socruithe Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta, sochair bunaithe ar mheánsaothrú gairme. B'ionann ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 agus €4.651m (2011: €4.532m) don scéim sochair shainithe.

Foráiltear do dhliteanais a eascraíonn faoin scéim sochair shainithe faoi na socruithe thuas, seachas do theidlíochtaí a eascraíonn i leith sheirbhís bhaill faoi leith na Gníomhaireachta a earcaíodh ó réimsí eile laistigh den earnáil phoiblí. Shainigh an tAire Airgeadais an Ghníomhaireacht mar an t-eagras ceadaithe chun críocha Scéim na hEarnála Poiblí (Aistriú Seirbhíse) an 7 Aibreán 1997. Forálann an t-ainmniúchán seo do ranníocaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den Státchiste, i measc nithe eile, mar agus nuair atá sochair dlite i gcomhair íocaíochta mar is iondúil, i leith réamhsheirbhís iar-státseirbhíseach a d'fhostaigh an Ghníomhaireacht. Ní dhearnadh aon fhoráil do mhaoiniú íocaíocht na dteidlíochtaí seo.

Rinne an Ghníomhaireacht ranníocaíocht €154,705 (2011: €165,167) freisin le Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna) d'fhostaithe nár bhaill den scéim sochair shainithe iad in 2012.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

4. Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha

(a) Glanmhaoiniú Cúlchiste Pinsin Iarchurtha i leith na bliana

	2012 €000	2011 €000
Maoiniú inghnóthaithe i leith chostas pinsin na bliana reatha [nóta 5(e)]	5,599	2,860
Ioncam a caitheadh chun ranníocaíochtaí leis an gciste pinsin a íoc (nóta3(d))	(4,651)	(4,532)
Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha	**948**	**(1,672)**

(b) Gluaiseacht i Maoiniú Pinsin Iarchurtha

	2012 €000	2011 €000
Gluaiseacht i suim inghnóthaithe maidir le (gnóthachan)/caillteanas achtúireach na bliana reatha (nóta 5(f))	(3,415)	6,672
Lúide laghdú i gCúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe (nóta 4(c))	-	(1,663)
	(3,415)	**5,009**

(c) Gluaiseacht i gCúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe

	2012 €000	2011 €000
Iarmhéid tosaigh	-	1,663
Caillteanas achtúireach	-	-
Aistriú chuig Maoiniú Pinsin Iarchurtha	-	(1,663)
Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	-	-
	-	**-**

5. Sochair Phinsin

(a) Scéim Pinsin le Sochar Sainithe

Bunaíodh luacháil na scéime sochair shainithe a úsáideadh chun críocha nochtadh Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 17 ar shonraí a chuir riarthóir na scéime ar fáil. Cinneadh an luacháil a rinne achtúire neamhspleách le riachtanais FRS17 a chur san áireamh chun na dliteanais a mheas um dháta an chláir chomhordaithe. Luaitear sócmhainní scéime ag a luach margaidh um dháta an chláir chomhordaithe.

(b) Athrú i Luach Reatha na nOibleagáidí Sochair Shainithe

	2012 €000	2011 €000
Oibleagáidí Sochair ag Tús na Bliana	52,560	42,829
Costas Seirbhíse	5,129	3,452
Costas Úis	2,974	2,577
Ranníocaíochtaí Bhaill na Scéime	1,001	865
Costais Seirbhísí a Rinneadh	-	166
(Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach	2,211	3,144
Sochair a Íocadh	(490)	(365)
Préimheanna Íoctha	(131)	(108)
Oibleagáidí Sochair ag Deireadh na Bliana	**63,254**	**52,560**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

5. Sochair Phinsin (Ar Lean)

(c) Athrú i luach cóir na sócmhainní scéime

	2012 €000	2011 €000
Luach Cóir na Sócmhainní Scéime ag Tús na Bliana	49,223	44,492
Toradh Ionchais ar Shócmhainní Scéime	2,504	3,335
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach	5,626	(3,528)
Ranníocaíochtaí Fostóirí	4,651	4,532
Ranníocaíochtaí na mBall	1,001	865
Sochair a Íocadh ón Scéim	(490)	(365)
Préimheanna Íoctha	(131)	(108)
Luach Cóir na Sócmhainní Scéime ag Deireadh na Bliana	**62,384**	**49,223**

Sócmhainní Scéime	%	%
Ba iad na Leithdháiltí Sócmhainne ag deireadh na bliana:		
Gnáthscaireanna	49.38	51.06
Bannaí	33.82	35.19
Réadmhaoin	4.83	1.78
Malairtí	8.19	9.71
Eile	3.78	2.26
	100.00	**100.00**

Chun toradh iarbhír fadtéarmach toimhdí sócmhainní a fhorbairt, rinneadh machnamh ar leibhéal reatha na dtorthaí tuartha ar infheistíochtaí gan riosca (bannaí rialtais den chuid is mó), leibhéal stairiúil na préimhe riosca a bhaineann leis na haicmí eile sócmhainne inar infheistíodh an phunann agus a bhfuiltear ag súil leis do thorthaí sa todhchaí de gach aicme sócmhainne. Ansin ualaíodh an toradh ionchasach do gach aicme sócmhainní, bunaithe ar spriocdháileadh na sócmhainní, chun an ráta toraidh fadtéarmach ionchasach as an toimhde sócmhainne a fhorbairt don phunann.

	2012 €000	2011 €000
Toradh Iarbhír ar Shócmhainní Scéime	**8,130**	**(193)**

(d) Barrachas / (Easnamh) Scéime

	2012 €000	2011 €000
Luach Cóir na Sócmhainní Scéime	62,384	49,223
Luach Reatha na nOibleagáidí Maoinithe	(63,254)	(52,560)
(Easnamh) / Barrachas ag deireadh na bliana	**(870)**	**(3,337)**
Suimeanna sa Chlár Comhardaithe		
Sócmhainn		
Maoiniú Pinsin Iarchurtha	870	3,337
(Dliteanas)/Sócmhainn Pinsin	(870)	(3,337)
Cúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe	-	-

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

5. Sochair Phinsin (Ar Lean)

(d) Barrachas / (Easnamh) Scéime (Ar Lean)

Cúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe

Léiríonn an Cúlchiste Pinsin le Sochar Sainithe barrachas sócmhainní scéime thar dhliteanas scéime amhail an 31 Nollaig 2012 mar a tomhaiseadh iad chun críocha FRS17.

(e) Comhpháirteanna an Chostais Phinsin

Is í an tsuim a aithnítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais:

	2012 €000	2011 €000
Costas Seirbhíse Reatha	5,129	3,452
Costas Úis	2,974	2,577
Toradh Ionchais ar Shócmhainní Scéime	(2,504)	(3,335)
Costais Seirbhísí a Rinneadh	-	166
Muirear Ioncaim agus Caiteachais (nóta 3(a))	**5,599**	**2,860**

(f) Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach

Is é an gnóthachan/(caillteanas) achtúireach a aithnítear sa ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána:

	2012 €000	2011 €000
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach ar Oibleagáidí Scéime	(2,211)	(3,144)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Shócmhainní Scéime	5,626	(3,528)
Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána	**3,415**	**(6,672)**
Suim carntha aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána	**(11,548)**	**(14,963)**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

5. Sochair Phinsin (Ar Lean)

(g) Príomhthoimhdí Achtúireacha

Glacadh leis na príomhthoimhdí achtúireacha seo a leanas:

	2012 %	2011 %
Meántoimhdí ualaithe a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh		
Ráta lascaine	4.30	5.10
Ráta méadaithe cúitimh	3.00	4.00
Meántoimhdí ualaithe a úsáideadh chun costas pinsin a chinneadh don bhliain dar chríoch:		
Ráta lascaine	5.10	5.50
Aisíoc ionchais fhadtéarmaigh ar shócmhainní scéime	4.84	7.10

	2012 Blianta	2011 Blianta
Meánionchas saoil ualaithe ag aois 60 do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh:		
Pinsinéirí amach anseo – Fireann (rugadh sa bhliain 1967)	30.4	30.2
- Baineann (rugadh sa bhliain 1967)	31.5	31.4
Pinsinéirí Reatha – Fireann (rugadh sa bhliain 1952)	28.4	28.2
-Baineann (rugadh sa bhliain 1952)	29.9	29.7
Meánionchas saoil ualaithe ag aois 65 do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh:		
Pinsinéirí amach anseo – Fireann (rugadh sa bhliain 1967)	25.9	25.8
- Baineann (rugadh sa bhliain 1967)	26.9	26.8
Pinsinéirí Reatha – Fireann (rugadh sa bhliain 1947)	23.3	23.2
- Baineann (rugadh sa bhliain 1947)	24.8	24.6

(h) Stair na nOibleagáidí Sochair Shainithe, Sócmhainní agus Gnóthachain agus Caillteanais ó Thaithí

	2012 €000	2011 €000	2010 €000	2009 €000	2008 €000
Oibleagáid Sochair Shainithe	63,254	52,560	42,829	37,993	36,698
Luach Cóir na Sócmhainní Scéime	62,384	49,223	44,492	38,619	31,157
Easnamh /(Barrachas)	**870**	**3,337**	**(1,663)**	**(626)**	**5,541**
Difríocht idir Aisíoc Ionchais agus Aisíoc Iarbhír ar Shócmhainní Scéime:					
Suim	(5,626)	3,528	224	(5,373)	15,927
Léirithe mar % de Shócmhainní Scéime	(9.0%)	7.2%	0.5%	(13.9%)	51.1%
(Gnóthachain) / Caillteanais ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime:					
Suim	(1,128)	(821)	(1,814)	(1,348)	(2,140)
Léirithe mar % de Dhliteanais Scéime	(1.8%)	(1.6%)	(4.2%)	(3.5%)	(5.8%)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

6. Sócmhainní Seasta

	Réadmhaoin €000	Troscán Trealamh agus Mótarfheithiclí €000	Iomlán €000
Costas:			
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012	2,215	6,413	8,628
Suimiúcháin ar Chostas	279	1,131	1,410
Diúscairtí	-	(198)	(198)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	**2,494**	**7,346**	**9,840**
Dímheas Carntha:			
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012	1,318	4,335	5,653
Dímheas don Tréimhse	65	1,056	1,121
Diúscairtí	-	(183)	(183)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012	**1,383**	**5,208**	**6,591**
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2012	**1,111**	**2,138**	**3,249**
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2011	896	2,079	2,975

Déantar dímheas a áireamh bunaithe ar shaolré fónta measta na sócmhainní seasta mar a leanas:

Réadmhaoin	20 bliain
Trealamh agus Mótarfheithiclí	3 go 5 bliana
Troscán	10 mbliana

Baineann na costais réadmhaoine chaipitlithe le costais feistithe an spáis oifige atá áitithe ag an nGníomhaireacht. Léasaítear an réadmhaoin faoi léasanna fadtéarmacha, mar atá luaite i nóta 10.

7. Féichiúnaithe

	2012 €000	2011 €000
Réamhíocaíochtaí	2,086	1,633
Féichiúnaithe Eile	11,671	9,720
	13,757	**11,353**

8. Creidiúnaithe

	2012 €000	2011 €000
An Príomh-Chiste	9,419	3,963
Creidiúnaithe	1,809	2,036
Fabhruithe	1,890	4,730
Ioncam Iarchurtha	2,032	-
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais	-	1
	15,150	**10,730**

Baineann Ioncam Iarchurtha le préimh aisiompaithe a chuirfear chun sochair leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse go dtí Aibreán 2017 (nóta 10).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

9. Cuntas Caipitil

			2012 €000	2011 €000
Iarmhéid Tosaigh			2,975	1,901
Aistriú ó / (chuig) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais				
Maoiniú sócmhainne				
- Sócmhainní Seasta		1,410		
Amúchadh an Mhaoinithe Caipitil				
- Amúchadh de réir Dímheasa	(1,121)			
- Glansuim a Scaoileadh ar Dhiúscairt Sócmhainní	(15)	(1,136)	274	1,074
Iarmhéid Deiridh			**3,249**	**2,975**

10. Ceangaltais

Léasanna Oibriúcháin

In 1991, 2004 agus 2007, rinne an Ghníomhaireacht comhaontuithe léasa ar feadh tréimhsí éagsúla go dtí 2025 agus 2026, i ndáil le cóiríocht oifige ag Foirgneamh GBCN, Sráid na Canála Móire, Baile Átha Cliath 2. Is ionann agus €1.75 milliún an íocaíocht bhliantúil chíosa faoi na léasanna oibriúcháin seo.

Chomh maith leis sin, rinne an Ghníomhaireacht comhaontú léasa ar feadh na tréimhse 2012 go 2017, i ndáil le cóiríocht oifige ar an gceathrú hurlár i bhFoirgneamh GBCN, Sráid na Canála Móire, Baile Átha Cliath 2. Is ionann agus €1.1 milliún an íocaíocht bhliantúil chíosa faoin léas oibriúcháin seo (gan préimh aisiompaithe ar fiú €0.5m in aghaidh na bliana í a áireamh agus a bhaineann leis an ioncam iarchurtha a áirítear i Nóta 8).

11. Imeachtaí ó Dháta an Chláir Chomhardaithe

I mí an Mheithimh 2013, d'fhógair an Rialtas moltaí reachtúla chun rialachas corparáideach na Gníomhaireachta agus a gníomhaireachtaí bainteacha a athchóiriú. Tá sé i gceist acu Bord uileghabhálach a bhunú a bheidh freagrach don Aire Airgeadais agus díscaoileadh a dhéanamh ar an gCoiste Comhairleach, ar an gCoiste Polasaí um Éilimh ar an Stát, ar Choimisiún an CNP agus ar Bhord GAFN. Tugadh moltaí reachtacha san fhógra seo freisin go gcuirfear NewERA ar bhunús reachtaíochta.

Ráitis Airgeadais
Chiste Bhanc Taisce an Phoist

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 78

Beartais Chuntasaíochta 79

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 80

Clár Comhardaithe 81

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 82–84

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ciste Bhanc Taisce an Phoist

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste Bhanc Taisce an Phoist (an Ciste) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Beidh sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú agus dlí is infheidhme agus cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí an Chiste agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme. Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí an Chiste de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ina theannta sin, léim an t-eolas faoin gCiste i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonrú dealraitheach nó neamhréireacht, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, maidir le staid chúrsaí an Chiste amhail an 31 Nollaig 2012 agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas don bhliain 2012.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dTuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas faoin gCiste a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Seamus Mc Carthy.

Séamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2013

Beartais Chuntasaíochta

Cúlra

Ráthaíonn an tAire Airgeadais aisíocaíocht agus seirbhísiú airgead a infheistíonn taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist. Tarchuireann an Post glanfháltais na hinfheistíochta sin chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht"). Ní cuid den Státchiste é Ciste Bhanc Taisce an Phoist.

Tá na príomhchuspóirí a leanas ag an gciste:

- airgead a chuireann taisceoirí ar fáil a infheistiú, agus
- gníomhú mar idirghabhálaí trínar féidir leis an nGníomhaireacht idirbhearta tráinse, cealaithe, díolacháin agus aischeannaigh (comhaontú athcheannaigh) agus trádáil margaidh thánaistigh a idirbheartú, agus
- airgead a sholáthar faoi Lársheirbhísí Cistíochta do chomhlachtaí ainmnithe stáit.

Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

Bonn na Cuntasaíochta

Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Infheistíochtaí

Cuirtear na hinfheistíochtaí in iúl de réir costais.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Ioncam Infheistíochta	1	122,087	73,723
Ús Íoctha agus Iníoctha	2	39,416	38,281
Costais Eile	3	29,362	30,191
		68,778	**68,472**
Barrachas don Bhliain		53,309	5,251
Iarmhéid ag Tús na Bliana		13,295	8,044
Iarmhéid ag Deireadh na Bliana		**66,604**	**13,295**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 10.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Clár Comhardaithe

31 Nollaig

	Nótaí	2012 €000	2011 €000
Sócmhainní			
Airleacain	4	637,434	1,439,987
Infheistíochtaí	5	1,359,760	755,876
Féichiúnaithe	7	54,460	32,118
Láriasachtaí Cistíochta		41,117	41,715
Páipéar Tráchtála	10	-	12,750
Airgead		751,599	253,228
		2,844,370	**2,535,674**
Dliteanais			
Taiscí Bhanc Taisce an Phoist	8	2,773,689	2,517,690
Creidiúnaithe	9	4,077	4,689
Cúlchistí Carnacha		66,604	13,295
		2,844,370	**2,535,674**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 10.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Ioncam Infheistíochta

	2012 €000	2011 €000
Ús Glan a Fuarthas agus is Infhaighte	48,570	162,126
Brabús/(Caillteanas) ar Dhíolachán Infheistíochtaí	73,517	(88,403)
	122,087	**73,723**

2. Ús Íoctha agus Iníoctha

	2012 €000	2011 €000
Ús a Íocadh le Taisceoirí Bhanc Taisce an Phoist agus a Cuireadh Chun Sochair Dóibh	**39,416**	**38,281**

3. Costais Eile

	2012 €000	2011 €000
Costais Bhainistíochta	**29,362**	**30,191**

4. Airleacain

	2012 €000	2011 €000
Airleacain don Státchiste	623,634	1,439,987
Airleacain don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	13,800	-
	637,434	**1,439,987**

Léiríonn airleacain chuig an Státchiste cistí Bealaí agus Modhanna, a tugadh ar iasacht don Státchiste.

5. Infheistíochtaí

	2012 €000	2011 €000
Bannaí		
Ag costas	**1,359,760**	**755,876**
Luacháil amhail an 31 Nollaig	1,412,212	791,005

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

5. Infheistíochtaí (Ar Lean)

Sceideal Sealúchais Infheistíochta:

Ainmniúil €000	Stoc	Costas 2012 €000
470,228	Banna Státchiste 5% 2013	476,948
508,113	Banna Státchiste 4% 2014	520,640
83	Banna Státchiste 8.25% 2015	101
12,615	Banna Státchiste 4.5% 2018	12,876
28,877	Banna Státchiste 4.6% 2016	30,655
14,491	Banna Státchiste 5.5% 2017	15,941
49,198	Banna Státchiste 4.4% 2019	49,119
1,519	Banna Státchiste 5.9% 2019	1,651
45,836	Banna Státchiste 4.5% 2020	45,917
53,591	Banna Státchiste 5% 2020	53,877
50,958	Banna Státchiste 5.4% 2025	52,091
12,064	Banna Státchiste 5.72% 2027	12,066
21,719	Banna Amúchta 5.82% 2032	21,728
20,309	Banna Amúchta 5.92% 2037	20,317
21,995	Banna Amúchta 5.92% 2042	22,004
23,829	Banna Amúchta 5.92% 2047	23,829
1,335,425		**1,359,760**

6. Comhaontuithe Díolacháin agus Athcheannaigh

Idirbheartaítear comhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh idir Ciste Bhanc Taisce an Phoist agus príomhdhé-ileálaithe sa mhargadh bannaí. Léirítear an costas ioncaim nó úis lena mbaineann a eascraíonn ó na hidirbhearta seo san ioncam infheistíochta sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

7. Féichiúnaithe

	2012 €000	2011 €000
Díbhinní agus Ús Infhaighte	44,490	26,300
Iarmhéideanna Airgid atá ag an bPost	9,862	5,818
Iarmhéid dlite ó Chiste na gCuntas Díomhaoin	108	-
	54,460	**32,118**

8. Taiscí Bhanc Taisce an Phoist

	2012 €000	2011 €000
Taiscí ó Bhanc Taisce an Phoist	2,773,689	2,517,690

Aistríodh €1,826,048 (2011: €2,368,518) in Aibreán 2012 ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin faoin Acht um Chuntais Díomhaoine 2001. Amhail an 31 Nollaig 2012, i ndiaidh athghníomhúcháin chuntais arbh fhiú €1,416,277 (2011: €563,638) iad agus ús (glan ar DIRT) caipitlithe arbh fhiú €250,258 é (2011: €261,088), bhí iarmhéid €36,220,683 (2011: €35,560,654) dlite le Taisceoirí ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Ní áiríonn na taiscí ó Bhanc Taisce an Phoist de €2,773,688,432 (2011: €2,517,690,458) dliteanas seo Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

9. Creidiúnaithe

	2012 €000	2011 €000
Glanchistí dlite faoi Chomhaontuithe Díolacháin agus Athcheannaigh	1,337	2,147
DIRT dlite leis an bPost	2,740	2,542
	4,077	**4,689**

10. Páipéar Tráchtála

	2012 €000	2011 €000
Billí Idirghabhála um Earraí Talmhaíochta	-	12,750

Ceannaíonn Ciste Bhanc Taisce an Phoist Billí Idirghabhála um Earraí Talmhaíochta a d'eisigh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara mar infheistíochtaí.

Ráitis Airgeadais an Chuntais Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 86

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí 87

Nótaí leis an gCuntas 88

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 faoi Alt 22 den Acht Airgeadais, 1950. Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim faighte agam.

Is é mo thuairim, go dtugann an cuntas, atá i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta a chothaíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas cruinn ar na hidirbhearta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 agus ar an iarmhéid um an dáta sin.

Seamus Mc Carthy.

Séamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2013

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2012 €000		2011 €000	
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir			405		600,451
Fáltais					
Suimeanna a fuarthas ón bPríomh-Chiste faoin Acht Airgeadais, 1950, Alt 22 arna Leasú:					
- Ús	1		2,011,484		1,967,556
- Ciste Fiachmhúchta			645,681		638,409
Suimeanna a fuarthas faoin Acht Airgeadais 1988 [Alt 67 (8)]	1		17,020,772		42,817,586
Ús Taisce a Fuarthas			127,059		232,994
Ús Eile a Fuarthas			3,075		1
Aisíoc Táillí Ceangaltais			15,460		42,193
			19,823,936		**46,299,190**
Íocaíochtaí					
Suimeanna a Caitheadh i bhFuascailt an Fhiachais Náisiúnta:					
- Bannaí Rialtas na hÉireann Liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann		645,555		638,409	
- Iasachtaí Eile Meántéarmacha/ Fadtéarmacha		126		-	
			645,681		638,409
Suimeanna a Caitheadh chun Ús agus Costais an Fhiachais Náisiúnta a Íoc	2		2,025,842		2,499,486
Suimeanna a Caitheadh i leith Dliteanas faoin Acht Airgeadais 1970 [Alt 54 (7)]			17,152,053		43,160,890
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig			360		405
			19,823,936		**46,299,190**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 2.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Nótaí leis an gCuntas

1. Bunaíodh an cuntas seo faoi Alt 22 den Acht Airgeadais, 1950.

Cothaíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") an t-iarmhéid sa chuntas ag leibhéal atá faoi réir treoirlínte a d'eisigh an tAire Airgeadais faoi alt 4(4) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Faoi threoir an aire, bhí an t-iarmhéid sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ag deireadh na bliana 2012 ceaptha a bheith níos lú ná €1m (2011: €1m).

Blianachtaí

Foráiltear le haghaidh blianachtaí san Acht Airgeadais gach bliain agus íoctar iad leis an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ó ioncam reatha a ghearrtar ar an bPríomh-Chiste. Féadfar suim sheasta a úsáid d'fhónamh (íocaíochtaí úis) ar an bhfiachas náisiúnta. Caithfear an t-iarmhéid a úsáid d'íocaíochtaí príomhshuimeanna.

Bainistíocht Airgid

Féadfaidh an tAire Airgeadais idirbhearta ar gnáthbhearta baincéireachta iad a dhéanamh faoi réir alt 54 den Acht Airgeadais, 1970 (arna leasú ag alt 118 den Acht Airgeadais, 1983, ag alt 67 den Acht Airgeadais, 1988 agus ag alt 15 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.)

I measc gnáthbhearta baincéireachta tá gníomhaíochtaí bainistithe punainne nach mbaineann le hiasachtaí príomhshuime e.g. idirbhearta réamh-mhalairte, babhtálacha agus ús ar thaiscí. Caithfear fáltais ó idirbhearta den chineál seo, seachas iad siúd atá in airgeadra dá bhfuil cuntas imréitigh airgeadra coigríche bunaithe faoi alt 139 den Acht Airgeadais, 1993, a ghlacadh sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla. Féadfar suimeanna dá leithéid a úsáid chun íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a dhéanamh i leith gnáthbhearta baincéireachta nó i dtreo ús agus costais an fhiachais náisiúnta a ghlanadh.

Áirítear i bhfáltais agus íocaíochtaí a d'eascair ó ghnáthbhearta baincéireachta fáltais agus íocaíochtaí de €16.7 billiún ó dhíorthaigh a ndeachthas isteach iontu leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní agus a mheaitseálann díorthaigh a ndeachthas isteach iontu le contrapháirtithe eile.

2. Suimeanna a caitheadh ar ús agus costais an Fhiachais Náisiúnta a íoc:-

	€000 2012
Banna Státchiste 3.9% 2012	207,051
Stoc Caipitil 8.75% 2012	803
Banna Státchiste 5.5% 2017	45,450
Banna Státchiste 4.5% 2018	414,701
Banna Státchiste 4.4% 2019	241,802
Banna Státchiste 5.9% 2019	226,454
Banna Státchiste 4.5% 2020	163,456
Banna Státchiste 5% 2020	399,536
Banna Státchiste 5.4% 2025	191,349
An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF)	115,330
Ús a Íocadh ar Chomhthaobhacht Airgid Iarscríbhinn Tacaíochta Creidmheasa (ITC)	1,290
Ús Coigiltis Stáit	5,551
Billí Státchiste na hÉireann	701
Cláir Pháipéir Thráchtála	12,368
Iomlán	**2,025,842**

Cuntas an Chúlchiste Mionchoigiltis

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 90

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí 90

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar chuntas Chúlchiste Mionchoigiltis don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim faighte agam.

Is é mo thuairim, go dtugann an cuntas, atá i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta a chothaíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas cruinn ar idirbhearta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 agus ar an iarmhéid um an dáta sin.

Séamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2013

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	2012 €000	2011 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	NIALAS	NIALAS
Faighte/(Íoctha) ó/(chuig) an Státchiste	NIALAS	NIALAS
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**NIALAS**	**NIALAS**
Meastachán ar Ús Fabhraithe amhail an 31 Nollaig	547,928	464,812

Bunaíodh an Cúlchiste Mionchoigiltis (an Ciste) faoi Alt 160 den Acht Airgeadais, 1994. Caitheadh an tsuim thosaigh a íocadh leis an gCiste. Níor íocadh aon airgead leis an gCiste in 2012 agus ní choinnítear aon airgead ann ag deireadh na bliana. Mar is iondúil má sháraíonn íocaíochtaí úis ar shóinseálacha mionchoigiltis 11 faoin gcéad den ús iomlán fabhraithe don bhliain roimhe, is féidir acmhainní an chiste a chur i dtreo na gcostas úis siúd a sháraíonn 11 faoin gcéad den ioncam fabhraithe sin. B'ionann an t-ollchostas úis ar na scéimeanna mionchoigiltis do 2012 agus €284 milliún arbh ionann é agus 61 faoin gcéad den ús €465 milliún fabhraithe amhail an 31 Nollaig 2011.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 92

Beartais Chuntasaíochta 93

Cuntas Ráiteas Éileamh 94

Clár Comhardaithe 95

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 96–98

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (an Ghníomhaireacht) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Beidh sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ráiteas éileamh, an clár comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú agus dlí is infheidhme agus cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí na Gníomhaireachta de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an t-eolas faoin nGníomhaireacht i dTuarascáil Bhliantúil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonrú dealraitheach nó neamhréireacht, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, maidir le staid chúrsaí na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2012 agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas don bhliain 2012.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dTuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas faoin nGníomhaireacht a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Seamus Mc Carthy.

Séamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2013

Beartais Chuntasaíochta

Cúlra

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, leithdháileadh bainistíocht éilimh um dhíobháil phearsanta agus um dhamáiste do réadmhaoin i gcoinne an Stáit agus na mbunrioscaí chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN"). Nuair atá an Ghníomhaireacht i mbun na bhfeidhmeanna seo, glaoitear an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) uirthi.

Leagtar amach san Acht dhá chuspóir atá ag an GÉS:

- Bainistíocht a dhéanamh ar éilimh d'fhonn a chinntiú go gcoinnítear dliteanas an Stáit agus costais dlí agus eile lena mbaineann ag an leibhéal is ísle is féidir; agus,
- Seirbhísí comhairleoireachta riosca a chur ar fáil d'Údaráis an Stáit agus é d'aidhm acu minicíocht agus déine na n-éileamh a laghdú thar thréimhse ama.

I bhFeabhra 2003, tarmligeadh bainistíocht éilimh faillí cliniciúla agus rioscaí lena mbaineann faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla chuig an GÉS. Bunaíodh an Scéim chun socruithe slánaíochta leighis a réasúnú don tseirbhís sláinte. Faoin scéim, glacann an Stát le dualgas iomlán i leith slánaíocht agus bainistíocht éilimh faillí cliniciúla.

Leathnaíodh téarmaí tagartha na GÉS go suntasach tuilleadh i mí Feabhra 2011 mar gheall ar tharmligean bhainistíocht na n-éileamh díobhála pearsanta agus damáiste réadmhaoine i gcoinne 13 údarás nua (lena n-áirítear Foras Áiseanna Saothair, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais) agus mar gheall ar roinnt cineálacha breise éileamh (lena n-áirítear díobháil phearsanta a bhaineann le héilimh bhulaíochta/chiaptha, éilimh de chuid ball d'Óglaigh na hÉireann agus den Gharda Síochána agus iad ar fiannas thar lear agus éilimh shláintíochta de chuid príosúnach i gcillín).

Tarmligeadh éilimh ag líomhain díobháil phearsanta i leith Tailídimíde agus Niméasuilíde, na táirgí íocshláinte, chuig an GÉS i mí Aibreáin 2012. Ina theannta sin, i rith 2012 d'fhógair an Rialtas a chinneadh maidir le hAonad Stáit um Chostais Dlí a bhunú laistigh den GÉS chun déileáil le costais tríú páirtí a eascróidh as Binsí Fiosrúcháin áirithe. Bunaíodh an t-aonad i mí Feabhra 2013.

Glacadh leis na beartais shuntasacha cuntasaíochta seo a leanas: -

Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

Bonn na Cuntasaíochta

Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Baineann feidhmeanna na GÉS le bainistíocht éileamh thar ceann údaráis an Stáit atá faoi dhliteanas ag éilimh agus a bhfaigheann an GÉS aon suim a bhaineann le dámhachtainí agus costais lena mbaineann uathu. Ní dhéanann na ráitis airgeadais ach tuairisciú ar idirbhearta na GÉS agus dá bhrí sin níl aon suim san áireamh i luach na n-éileamh gan íoc.

Caiteachas

Aithnítear caiteachas ar dhámhachtainí agus ar chostais socraíochta éileamh nuair a fhaightear ceadú bailíochtaithe nó socraíocht bhailíochtaithe na n-éileamh. Aithnítear lóisteálacha leis an gcúirt mar chaiteachas thar ceann údaráis Stáit ar dháta na lóisteála.

Suimeanna Infhaighte ó Údaráis Stáit

Caitear le suimeanna mar shuimeanna infhaighte ó údaráis Stáit i ndáil le haitheantas an chaiteachais lena mbaineann.

Cuntas Ráiteas Éileamh

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nótaí	2012 €000	2011 €000
Suimeanna faighte agus infhaighte ó údaráis Stáit i leith éileamh agus costas	1	100,224	110,253
Costais a gnóthaíodh thar ceann Údaráis Stáit		3,818	14,847
		104,042	**125,100**
Íoctha agus iníoctha i leith dámhachtainí		56,847	67,745
Costais eile	2	43,377	42,508
Aisíocaíocht ar chostais a ghnóthaigh Údaráis Stáit		3,818	14,847
		104,042	**125,100**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 8.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Clár Comhardaithe

31 Nollaig

	Nótaí	2012 €000	2011 €000
Sócmhainní			
Infheistíochtaí	3	5,327	5,936
Féichiúnaithe	4	13,831	3,811
Airgead		2,048	(1,305)
		21,206	**8,442**
Dliteanais			
Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais	3	5,327	5,936
Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist	5	13,800	-
Creidiúnaithe	6	2,079	2,506
		21,206	**8,442**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 8.



John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Ioncam

	2012 €000	2011 €000
Iarmhéid Tosaigh	(3,807)	(2,061)
Suim a fuarthas ó Údaráis Stáit	89,559	106,710
Suim a fuarthas ón Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais	645	1,797
Iarmhéid Deiridh	13,827	3,807
	100,224	**110,253**

2. Costais Eile

	2012 €000	2011 €000
Costais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát		
- Táillí dlí	16,497	13,612
- Táillí leighis	3,317	1,386
- Táillí innealtóirí	278	176
- Táillí eile (lena n-áirítear táillí iniúchta agus achtúirí)	992	839
	21,084	**16,013**
Costais ghearánaí		
- Táillí dlí	22,271	26,474
- Táillí eile saineolaí	-	2
- Costais Taistil	13	8
	22,284	**26,484**
Costais finné	9	11
	43,377	**42,508**

I dteannta na gcostas thuas, b'ionann na costais riaracháin a thabhaigh GBCN i bhfeidhmiú fheidhmeanna na GÉS agus €10,308,315 (2011: €8,474,952). Tá na costais seo san áireamh i gcostais riaracháin GBCN agus gearrtar ar an bPríomh-Chiste iad. Ní lorgaíonn GBCN aisíocaíocht ar na costais seo ó na hÚdaráis Stáit.

Luach Saothair agus Costais (áirithe i gcostais riaracháin GBCN)

Is iad GBCN a leagann síos luach saothair do chomhaltaí Choiste Beartais um Éilimh ar an Stát le cead ón Aire Airgeadais.

An Cathaoirleach:	€13,713 sa bhliain
Comhaltaí Eile:	€9,142 sa bhliain

Ní bhfuair Chris Fitzgerald (téarma in éag an 28 Feabhra 2012), ceaptha ina ról mar státseirbhíseach, aon luach saothair i dtaca lena chomhaltas. Tharscaoil Wendy Thompson (arna ceapadh le héifeacht ón 1 Iúil 2012) a cuid táillí i ndáil lena comhaltas Coiste in 2012.

Níor íocadh costais ar bith a bhaineann le comhaltaí Coiste in 2012.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

3. Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais/Infheistíochtaí

Bhunaigh an tAire Sláinte an Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais (an "Scéim") in 2008. Faoin Scéim, d'aontaigh an tAire ospidéil Bon Secours agus Mount Carmel a shlánú i leith éilimh shonracha chnáimhseachais. Tharmligean an Rialtas an bhainistíocht éileamh faoin Scéim do GBCN faoi IR 628/2007 an tOrdú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna a Tharmligean) (Leasú) 2007 ("an tOrdú"). Rinne na hospidéil ainmnithe rannpháirteacha ranníocaíochtaí le Ciste atá faoi bhainistíocht an GBCN thar ceann an Aire Sláinte faoi alt 29(2) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000. Ina theannta sin, tharmlig an tOrdú ar an SCA éilimh a bhí ann roimhe sin in aghaidh cnáimhseoirí comhairleacha a láimhseáil, éilimh a bhí á mbainistiú ag an gCumann Cosanta Leighis (MPS) roimhe sin.

D'údaraigh an tAire Sláinte don GÉS suimeanna a tharraingt anuas ó am go ham ón gCiste cuí chun an GÉS a aisíoc faoi Alt 16(2) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000 d'aon suim a d'íoc an GÉS thar ceann na n-ospidéal rannpháirteach nó thar ceann aon duine atá clúdaithe ag socrú an Chumainn Cosanta Leighis i leith íocaíocht éileamh nó costais éilimh mar a tharlaíonn siad.

Amhail an 31 Nollaig 2012 déantar cistí na Scéime a infheistiú i Nótaí Státchiste. Íoctar ioncam a shaothraítear ar infheistíochtaí na Scéime leis an gciste, agus ní aithnítear é mar ioncam na GÉS.

Ba í an ghluaiseacht ar an Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais le linn 2012:

	2012 €000	2011 €000
Iarmhéid tosaigh	5,936	7,657
Ranníocaíochtaí leis an gCiste	-	-
Socraíochtaí agus costais éileamh	(645)	(1,797)
Ioncam a saothraíodh	36	76
Iarmhéid atá ar fáil le haghaidh socrú éileamh	**5,327**	**5,936**

Is ionann infheistíochtaí agus Nótaí Státchiste, a infheistítear ar son na Roinne Sláinte.

4. Féichiúnaithe

	2012 €000	2011 €000
Suimeanna Infhaighte ó údaráis Stáit	13,827	3,807
Eile	4	4
	13,831	**3,811**

5. Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist

Faoi Alt 16 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, féadfaidh an tAire Airgeadais airgead a airleacan ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist chuig an GÉS d'íocaíocht na suime d'aon chostais agus táillí a bhaineann le seirbhísí comhairleoirí gairmiúla agus saineolaithe eile, d'íocaíocht na suime d'aon dámhachtana nó socraíochta atá le híoc le héilitheoir i leith éileamh tarmligthe, agus d'íocaíocht úis (más ann dó) atá iníoctha air.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

6. Creidiúnaithe

	2012 €000	2011 €000
Iníoctha i leith Costas	874	2,250
Iníoctha i leith Dámhachtainí	785	-
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla dlite	335	169
Suimeanna dlite le hÚdaráis Stáit	85	86
Eile	-	1
	2,079	2,506

7. Dliteanais Mheasta na nÚdarás Stáit

Le linn 2012, fuarthas 2,276 éileamh nua agus réitíodh beagnach 1,951 éileamh. Amhail an 31 Nollaig 2012, bhí líon iomlán de 5,755 éileamh faoi bhainistíocht GÉS.

Amhail an 31 Nollaig 2012, ba é €1.1bn (2011: €991m) dliteanas measta na nÚdarás Stáit i leith aon éilimh faoi bhainistíocht GÉS. Bhí €970 milliún de sin (2011: €860m) inchurtha le hÉilimh Chliniciúla agus €157m (2011: €131m) le hÉilimh Dhliteanas Fostóra, Dhliteanais Phoiblí agus Damáiste do Mhaoin. Is meastachán é an dliteanas a ríomhtar trí thagairt don chostas iomlán le gach éilimh a réiteach, na costais intuartha ar fad san áireamh, amhail suimeanna socraíochta, costais dhlíthiúla gearánaí agus costais chosanta.

8. Imeachtaí ó dháta an chláir chomhardaithe

I mí an Mheithimh 2013, d'fhógair an Rialtas moltaí reachtúla chun rialachas corparáideach na Gníomhaireachta agus a gníomhaireachtaí bainteacha a athchóiriú. Tá sé i gceist acu Bord GBCN uileghabhálach a bhunú a bheidh freagrach don Aire Airgeadais agus díscaoileadh a dhéanamh ar an gCoiste Comhairleach, ar an gCoiste Polasaí um Éilimh ar an Stát, ar Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus ar Bhord na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta.

Ciste na gCuntas Díomhaoin Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012

Ráiteas ar Dhualgais na Gníomhaireachta 100

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 101

Beartais Chuntasaíochta 102

Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí 103

Cuntas Cúlchiste 104

Clár Comhardaithe 105

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 106–110

Ráiteas ar Dhualgais na Gníomhaireachta

Ceanglaíonn an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú ag an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003, ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2005 agus ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2012) ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") ráitis airgeadais a ullmhú i leith oibríochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin i ngach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú acu, ní mór don Ghníomhaireacht:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé neamhchuí sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin bhainteacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as coimeád, maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoin, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, na gcuntas go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh siad, agus, as cothú taifid chuntasaíochta a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsaí airgeadais an Chiste.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina rialúchán a choimeád agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ciste na gCuntas Díomhaoin

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001. Beidh sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, na beartais chuntasaíochta, an cuntas infheistíochta agus eisíocaíochta, an cuntas cúlchiste, an clár comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú agus dlí is infheidhme agus cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí an Chiste ag deireadh na bliana agus maidir lena n-idirbhearta don bhliain, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme. Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu an cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí an Chiste de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.
Ina theannta sin, léim an t-eolas faoin gCiste na gCuntas Díomhaoin i dTuarascáil Bhliantúil Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonrú dealraitheach nó neamhréireacht, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, maidir le staid chúrsaí Chiste na gCuntas Díomhaoin amhail an 31 Nollaig 2012 agus maidir lena n-idirbhearta don bhliain 2012.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a bhfuil Ceanglas Orm a Thuairisciú trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas faoin gCiste a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



Séamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2013

Beartais Chuntasaíochta

Cúlra

Forálann an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú ag an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003, ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2005, agus ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2012), do scéim chun cistí díomhaoine i mbainc, i gcumainn tógála, sa Phost agus airgead iníoctha faoi pholasaithe árachais neamhéilithe a aistriú faoi chúram an Stáit, fad a ráthaítear ceart athéilimh na gcistí sin. Forálann sé freisin do thabhairt isteach scéime d'íocaíocht, chun críocha carthanachta, nó chun críocha sochar sochaí agus pobail, na gcistí nach gcreidtear go ndéanfar athéileamh orthu.

Is éard atá i gCiste na gCuntas Díomhaoin Cuntas Cúlchiste óna n-íoctar athéilimh agus costais éagsúla agus Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta óna ndéantar infheistíochtaí agus eisíocaíochtaí.

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") freagrach, faoi alt 17 agus 18 d'Acht 2001, as bunú, bainistiú agus rialú Chiste na gCuntas Díomhaoin agus tá na cumhachtaí ar fad acu (lena n-áirítear cumhacht chun táillí a ghearradh, iníoctha ón gCiste, i ndáil le bainistíocht agus rialú an Chiste) a theastaíonn d'fheidhmiú a bhfeidhmeanna. Tá siad seo a leanas i measc na bhfeidhmeanna seo:

- eisíocaíochtaí a dhéanamh de réir threoracha Bhord na gCuntas Díomhaoin nó an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- cothabháil an Chuntais Chúlchiste
- glanadh táillí agus costas a thabhaíonn an Ghníomhaireacht agus Bord na gCuntas Díomhaoin
- glanadh luach saothair, táillí agus costais na gcigirí údaraithe
- aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste
- ullmhú plean bliantúil infheistíochta, agus aird ar an bplean eisíocaíochta agus ar aon treoir ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- infheistíocht aon airgead chun creidmheasa an Chiste nach dteastaíonn, de thuras na huaire, chun dliteanais an Chiste a íoc
- coinneáil cuntas ceart den airgead ar fad a fhaigheann agus a chaitheann an Ghníomhaireacht
- cur cuntas bliantúil faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cur i láthair cóipe de na cuntais arna n-iniúchadh don Aire Airgeadais agus don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Mar a fhoráiltear dó san Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2005, arna leasú, bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Bord na gCuntas Díomhaoin an 4 Eanáir 2006. Tháinig sé seo in ionad Bhord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin a díscaoileadh an lá céanna. Foráladh in Alt 5 den Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2012 do dhíscaoileadh Bhord na gCuntas Díomhaoin ar an lá ceaptha. Faoi théarmaí an Ordaithe fán Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2012 (An Lá Ceaptha) 2012 rinneadh díscaoileadh ar Bhord na gCuntas Díomhaoin amhail an 31 Nollaig 2012, agus aistríodh a chuid feidhmeanna chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Cé go raibh ról monatóireachta agus comhairleoireachta ag Bord na gCuntas Díomhaoin den chuid is mó, bhí sé de chumhacht acu an Ghníomhaireacht a threorú chun eisíocaíochtaí a dhéanamh ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Glacadh leis na beartais shuntasacha cuntasaíochta seo a leanas:

Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

Tréimhse Tuairiscithe

Is í an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 an tréimhse tuairiscithe.

Bonn na Cuntasaíochta

Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Cuntais Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Ús ar Infheistíochtaí		1,881	919
Airgead a Aistríodh chuig an gCiste i leith Cuntais Dhíomhaoine agus Polasaithe Árachais nár Éilíodh	1	43,886	43,080
Suim a Aistríodh chuig an gCuntas Cúlchiste	2	(28,286)	(27,401)
Eisíocaíochtaí	3	(4,160)	(8,403)
Gluaiseacht don Bhliain		13,321	8,195
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		88,621	80,426
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		**101,942**	**88,621**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 10.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Cuntas Cúlchiste

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Aistriú ón gCuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí	2	28,286	27,401
Ús ar Infheistíochtaí		123	412
Aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste	1	(22,331)	(24,345)
Ús ar Aisíocaíocht Airgid a Aistríodh chuig an gCiste	1	(223)	(194)
Costais eile	4	(803)	(938)
Gluaiseacht don Bhliain		5,052	2,336
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		54,336	52,000
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		**59,388**	**54,336**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 10.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Clár Comhardaithe

31 Nollaig

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Sócmhainní			
Sócmhainní Airgeadais			
- Infheistíochtaí ar a gCostas	10	50,115	-
Sócmhainní Reatha			
- Airgead	5	109,556	142,727
- Féichiúnaithe	9	1,835	341
Dliteanais			
- Suimeanna Fabhraithe a Athéilíodh		(176)	(111)
Glan-Sócmhainní		**161,330**	**142,957**
Ionadaithe ag:			
Cuntais Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí		101,942	88,621
Cuntas Cúlchiste		59,388	54,336
		161,330	**142,957**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go 10.

John C. Corrigan, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

28 Meitheamh 2013

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntas díomhaoin agus beartas árachais nár éilíodh

Bainc – Cuntais Dhíomhaoine

Institiúid	Tosaigh Iarmhéid 1/1/12 €	Aistrithe €	Athéilithe €	Deiridh Iarmhéid 31/12/12 €	Ús Íoctha €
ACC Bank plc	5,798,335	1,341,800	(1,080,673)	6,059,462	12,472
Bainc-Aontas Éireann plc	56,948,196	5,487,860	(1,251,491)	61,184,565	4,268
AIB Finance Limited	1,139,928	-	(120,949)	1,018,979	4,524
Barclays Bank plc	280,762	63,263	-	344,025	-
BNP Paribas	80,715	2,861	(1)	83,575	-
Bank of America	154,778	–	-	154,778	–
Banc na hÉireann & Cumann Foirgníochta ICS	57,032,790	10,031,867	(5,911,847)	61,152,810	8,981
Cisteán & Baincéireacht Idirnáisiúnta Bhanc na hÉireann	4,276,502	267,451	(28,263)	4,515,690	1,814
Bank of Scotland (Ireland)	567,088	-	-	567,088	-
Citibank	28,700	–	–	28,700	–
Cumann Foirgníochta an EBS	14,539,903	1,974,880	(1,433,422)	15,081,361	64,553
EAA Corporate Services plc (WestLB Ireland plc roimhe sin)	122,119	-	-	122,119	-
First Active	8,227,774	-	(109,238)	8,118,536	638
IBB	785,993	-	-	785,993	-
An Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teo (faoi leachtú speisialta)	628,342	1,367	(346)	629,363	30
InvestecBank (UK) Limited (Brainse na hÉireann)	504,975	1,054,195	(1,553)	1,557,617	4
JP Morgan Ireland plc	48,897	–	–	48,897	–
Banc Náisiúnta na hÉireann Teoranta	4,945,485	615,023	(259,540)	5,300,968	2,487
Permanent TSB	33,233,024	2,703,935	(887,511)	35,049,448	12,982
Pfizer International Bank	30,144	3,807	(334)	33,617	-
An Post – Tráthchoigiltis	1,375,666	394,833	(116,742)	1,653,757	13,069
An Post – Tráthchoigiltis (Ús Caipitlithe)	3,893,934	562,035	(288,870)	4,167,099	-
An Post – Banc Taisce an Phoist (Ús Caipitlithe)	16,765	3,413	-	20,178	-
An Post – Banc Taisce an Phoist	34,418,737	1,822,635	(1,258,331)	34,983,041	49,816
An Post – Bannaí Coigiltis (Ús Caipitlithe)	2,859,487	227,278	(180,083)	2,906,682	-
An Post – Bannaí Coigiltis	1,997,768	320,063	(138,681)	2,179,150	-
An Post – Cairteacha Coigiltis (Ús Caipitlithe)	46,853,810	4,848,434	(3,976,902)	47,725,342	-
An Post – Cairteacha Coigiltis	14,204,711	2,801,295	(1,686,485)	15,319,521	43,223
RBS NV (ABN AMRO roimhe sin)	34,992	-	-	34,992	-
RBS	36,646	-	-	36,646	-
Scotiabank (Ireland) Limited	1,003,127	–	–	1,003,127	–
Ulster Bank Ireland Limited	14,371,861	1,537,023	(234,154)	15,674,730	338
IOMLÁN	**310,441,954**	**36,065,318**	**(18,965,416)**	**327,541,856**	**219,199**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh (Ar Lean)

Cuideachtaí Árachais – Polasaithe Árachais nár Éilíodh

Institiúid	Tosaigh 1/1/12 €	Aistrithe €	Athéilithe €	Deiridh 31/12/12 €	Ús Íoctha €
Téarma Sonrach					
Acorn Life	251	2,654	(2,654)	251	-
Ark Life	49,268	6,233	(10,970)	44,531	-
Caledonian Life	104,748	–	–	104,748	–
Canada Life Assurance	646,812	233,762	(880,574)	-	-
Canada Life Ireland	575,914	858,284	(29,984)	1,404,214	-
Equitable Life	7,131	-	-	7,131	-
Friends First	1,091,764	958,194	(113,514)	1,936,444	-
Hibernian Life	2,030,357	876,037	(251,798)	2,654,596	-
Irish Life	4,095,589	185,027	(84,195)	4,196,421	-
New Ireland	208,611	3,540	-	212,151	-
Phoenix Ireland (Alba Life roimhe sin)	188,218	-	-	188,218	-
Phoenix Ireland (Royal & SunAlliance roimhe sin)	816,905	91,259	-	908,164	-
Phoenix Ireland (Scottish Provident Ireland roimhe sin)	235,052	1,038,786	(25,444)	1,248,394	-
Royal London (Royal Liver)	5,001,937	863,809	(37,060)	5,828,686	-
St. Jame's Place	10,649	–	–	10,649	–
Scottish Legal Life	497,435	99,505	(11,941)	584,999	-
Standard Life	783,166	49,244	(41,467)	790,943	-
Sun Life Financial of Canada	157,894	25,122	(15,525)	167,491	-
Zurich Insurance (Eagle Star roimhe sin)	448,937	357,262	(1,647)	804,552	-
Gan Téarma Sonrach					
Acorn Life	5,986	2,654	-	8,640	-
Ark Life	6,869	139,941	(112,909)	33,901	-
Caledonian Life	31,113	–	–	31,113	–
Canada Life Assurance	99,019	11,773	(110,792)	-	-
Canada Life Ireland	3,466,289	309,838	(117,876)	3,658,251	-
Friends First	844,151	168,449	(47,354)	965,246	-
Hibernian	1,853,715	48,589	(24,982)	1,877,322	-
Irish Life	5,105,574	1,108	(66,439)	5,040,243	-
New Ireland	11,387,598	20,000	(908,908)	10,498,690	-
Phoenix Ireland (Alba Life roimhe sin)	15,033	-	-	15,033	-
Phoenix Ireland (Royal & SunAlliance roimhe sin)	16,660	5,250	-	21,910	-
Phoenix Ireland (Scottish Provident Ireland roimhe sin)	236,246	56,402	(17,453)	275,195	-
Royal London (Royal Liver roimhe sin)	8,110,306	860,675	(176,204)	8,794,777	-
Scottish Legal Life	468,778	11,941	-	480,719	-
Standard Life	1,196,763	115,544	(22,681)	1,289,626	-
Sun Life Financial of Canada	47,473	-	-	47,473	
Zurich Insurance (Eagle Star roimhe sin)	1,682,255	308,881	(82,359)	1,908,777	-
IOMLÁN	51,524,466	7,709,763	(3,194,730)	56,039,499	-
The Escheated Estate Fund	4,400,000	–	–	4,400,000	–
Athéilimh Fabhraithe	(111,577)	111,577	(171,120)	(171,120)	4,262
MÓR-IOMLÁN	**366,254,843**	**43,886,658**	**(22,331,266)**	**387,810,235**	**223,461**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

1. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh (Ar Lean)

Tá suimeanna in airgeadra eile seachas an euro i gceist leis na suimeanna a aistríodh chuig an gCiste. Dá ndéanfaí athluacháil ar na cuntais seo ag rátaí malairte deireadh bliana laghdófaí an tsuim iomlán a aistríodh chuig an gCiste agus nár athéilíodh fós faoi €277,866 ó €387,810,237 go €387,532,371.

2. Aistrithe chuig an gCuntas Cúlchiste

Faoi Alt 17 (4) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, íocann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suim leis an gCuntas Cúlchiste, ó am go ham, a shocraíonn an Ghníomhaireacht, le ceadú an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le toil an Aire Airgeadais, chun aisíocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste agus chun táillí agus costais éagsúla na Gníomhaireachta, an Bhoird agus na gcigirí údaraithe a ghlanadh. Faoi láthair, déanann an Ghníomhaireacht aistriú go tréimhsiúil chun iarmhéid sa Chuntas Chúlchiste a choinneáil ag 15 faoin gcéad mar atá ceadaithe faoi láthair de na cistí iomlána díomhaoine a fuair Ciste na gCuntas Díomhaoin agus nár athéilíodh go fóill. Féadfaidh an t-iarmhéid sa Chuntas Cúlchiste imeacht ó 15 faoin gcéad san idirthréimhse idir na dátaí athchothromaithe tréimhsiúla.

3. Eisíocaíochtaí

Rinneadh na heisíocaíochtaí seo a leanas ón gCiste le linn na bliana.

	2012 €000	2011 €000
Ar threoir Bhord na gCuntas Díomhaoin (Alt 41 den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001)		
- Pobal (ADM roimhe seo, soláthróir seirbhíse agus gníomhaire Bhord na gCuntas Díomhaoin)	1,653	408
Ar threoir an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe		
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	1,599	3,000
An Roinn Oideachais agus Scileanna	379	1,600
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	279	1,441
An Roinn Coimirce Sóisialaí	192	274
Seirbhís Príosún na hÉireann	58	229
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	-	209
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	-	1,242
	4,160	**8,403**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

4. Costais Eile

	2012 €000	2011 €000
Costais Bhord na gCuntas Díomhaoin		
Táillí an Bhoird	32	63
Costais Bhoird	1	2
Táillí Soláthraí Seirbhíse (Pobal)	750	851
Táillí Comhairliúcháin agus Comhairleachta	10	11
Costais Eile	10	11
	803	**938**

5. Airgead

Léiríonn an figiúr seo an t-iarmhéid airgid atá i mBanc Ceannais na hÉireann, agus na Taiscí Téarma Tráchtála atá le Permanent TSB agus le AIB IFSC.

6. Dliteanas Teagmhasach an Státchiste

a) Mar thoradh ar eisíocaíochtaí carntha chun dáta tá glansócmhainní an chiste níos lú ná na cistí díomhaoine a aistríodh agus nár athéilíodh go fóill. Léiríonn an difríocht seo dliteanas teagmhasach an Státchiste a mbeadh ar an Státchiste é a íoc sa chás go ndéanfaí an t-airgead ar fad a aistríodh chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin a athéileamh. Faoi alt 17(7) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, aon uair nach leor an t-airgead sa Chuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta chun an t-easnamh sa Chuntas Cúlchiste a íoc, is féidir íocaíocht a dhéanamh ón bPríomh-Chiste leis an gCuntas Cúlchiste de shuim nach sáraíonn an t-easnamh. Aisíoctar an t-airgead leis an bPríomh-Chiste, a luaithe is féidir go praiticiúil, ó airgead barrachais atá sa Chiste i ndiaidh foráil a dhéanamh d'aon dliteanais nó dliteanais theagmhasacha a bhaineann leis an gCiste.

(b) Anailís ar Dhliteanas Teagmhasach an Státchiste:

	An 1 Eanáir 2012 €000	Gluaiseacht le linn na bliana €000	an 31 Nollaig 2012 €000
Glansócmhainní an Chiste	142,957	18,373	161,330
Cistí Díomhaoine a Aistríodh nár Athéilíodh	(366,255)	(21,555)	(387,810)
Dliteanas Teagmhasach	**(223,298)**	**(3,182)**	**(226,480)**

(c) Léirítear an ghluaiseacht i nDliteanas Teagmhasach an Státchiste iontu seo a leanas:

	€000
Ús ar Infheistíochtaí	2,004
Ús ar Aisíocaíochtaí Airgid a Aistríodh chuig an gCiste (feic nóta 1)	(223)
Eisíocaíochtaí (feic nóta 3)	(4,160)
Costais eile (feic nóta 4)	(803)
Gluaiseacht don bhliain	**(3,182)**

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Ar Lean)

7. Costais na Gníomhaireachta

Faoi alt 45 (1)(c) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht faisnéis shonraithe ar leith a thuairisciú do Bhord na gCuntas Díomhaoin, lena n-áirítear cuntas aonair ar na costais agus ar tháillí riaracháin a thabhaíonn an Ghníomhaireacht i bhfeidhmiú an Chiste. Sonraítear iad seo thíos:

	2012	2011
	€000	€000
Riarachán Ginearálta	150	150

Is meastachán é seo, a chuirtear san áireamh sna Nótaí leis na cuntais amháin, mar níor ghearr an Ghníomhaireacht na táillí agus na costais seo ar Bhord na gCuntas Díomhaoin.

8. Toradh Infheistíochta

Faoi alt 45 (1)(b) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht toradh infheistíochta an Chiste a thuairisciú don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ba é an toradh bliantúlaithe ar an gCiste don bhliain 1.29 faoin gcéad (2011: 0.89 faoin gcéad).

9. Féichiúnaithe

	2012	2011
	€000	€000
Ús Fabhraithe ar Bhannaí is Infhaighte	1,753	-
Ús Fabhraithe ar Thaiscí Bainc Cheannais is Infhaighte	13	341
Ús Fabhraithe ar Thaiscí Tráchtála is Infhaighte	69	-
	1,835	341

10 Sócmhainní Airgeadais

	2012	2011
	€000	€000
Banna Státchiste na hÉireann 5.0% 2013	50,115	-

Deartha i Baile Átha Cliath ag Vermillion www.vermilliondesign.com

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Treasury Building
Sráid na Canálach Móire
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teil: +353 1 238 4000

www.ntma.ie